

BORD NA MÓNA

Naturally Driven

Tuarascáil
Bhliantúil
2016





Tuarascáil Bhliantúil **2016**

Tá an chuideachta tiomanta le os cionn 80 bliain ó bunaíodh í mar an Turf Development Board i 1934, athainmnithe go Bord na Móna i 1946, do thionscail inbhuanaithe a chur ar bun in Éirinn ag baint usáide as acmhainní dúchasacha.

Clár Ábhar

02	Príomh-Bhuaicphointí
04	Ráiteas an Chathaoirligh
08	Tuarascáil an Stiúrthóra Bainistíochta
12	Straitéis
20	Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais
24	Athbhreithnithe Gnó
36	Freagracht Shóisialta Chorparáideach
44	Bainistíocht Riosca
47	Tuarascáil na Stiúrthóirí
52	Rúnaí an Bhoird agus na Cuideachta
54	Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí
55	Tuarascáil an Iníúcháir Neamhspleách
57	Ráitis Airgeadais Comhdhlúite
107	Ráitis Airgeadais na Cuideachta

Tá sé riachtanach athrú chuig acmhainní fuinnimh in-athnuaite agus tá fúinn a bheith mar cheannródaithe san athrú sin trí athrú chuig ghiniúint leictreachais gan mhóin faoi 2030. Feiceann muid é seo mar dheis chun slándáil fuinnimh a sholáthar don todhchaí. Trí athláithriú agus athstruchtúrthú, cinnteoidh muid rath agus inbhuanaitheacht ár ngnó sa todhchaí chun go rachaidh sé chun tairbhe dár bpáirtithe leasmhara ar fad - custaiméirí, soláthraithe, fostaithe, pobail agus an Stát.

Tiomáinfidh úsáidí nua as ár gcúlsholáthar talún an mórathrú. Tá muid dírithe ar ghnóthaí a fhorbairt leis an tuiscint oibriú i gcomhar leis an timpeallacht nádúrtha agus ár bprionsabail inbhuanaitheachta - eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta á dtreorú.

Cé gur branda íocónach agus ainm coitianta de chuid na hÉireann é Bord na Móna, leag taighde béim le gairid ar an easpa eolais atá ar mhéid agus scála an Bhoird agus thaispeáin sé gur mhian le daoine tuilleadh eolais a fháil. Sa bhliain 2015 thosaigh muid ag cur athrú ar dhearcadh dhaoine i leith Bhord na Móna agus d'fhorbair muid straitéis chumarsáide le daoine a chur ar an eolas faoin ár ngníomhaíochtaí agus chun béim a chur ar ár dtiomantas do nuálaíocht, d'fhás inbhuanaithe agus do shlándáil fuinnimh a sholáthar sna blianta amach romhainn.

Mar sin cé muid agus cén fáth a bhfuil muid ann?


Bord na Móna, Faoi Thiomáint an Dúlra...



Tá ról tábhachtach ag Bord na Móna i saol ina bhfuil ár riachtanais ag fáil níos casta, agus ina bhfuil ceangal nach raibh ann cheana riamh idir táirgeacht fuinnimh, diúscairt dramhaíola agus caomhnú timpeallachta. Ní móin agus gaoth amháin atá gceist le Bord na Móna, tá nuálaíocht agus réiteach fadhbanna i gceist againn freisin. Is é an príomhghnó atá ag Bord na Móna ná an cumas gnáthrud a úsáid agus é a dhéanamh níos fearr agus níos úsáidí. Tá muid thar a bheith tiomanta don toradh is fearr a fháil ón ár n-acmhainní nádúrtha agus réitigh níos inbhuanaithe a sholáthar a rachaidh chun tairbhe do na pobail ar a ndéanann muid freastal ar fud oileán na hÉireann. Tagann gach a ndéanaimid go nádúrtha linn. Tá muid tiomanta ó nádúr.

Príomh- Bhuaicphointí

Airgeadas



Custaiméir & Margadh



Fuair sé conradh meáin fáis ón **ngrúpa ionaid garraíodóireachta is mó sa Ríocht Aontaithe**

Os cionn 100,000 custaiméir baile de chuid AES

Branda Uimh. 1 **Sá** Mhargadh Breosla Soladach le os cionn **800,000 tomhaltóir**

Freagracht Shóisialta Chorparáideach



**Gradam
Nuálaíochta san
Imshaoil** d'Ionad Cúairteoirí
Pháirc Foghlama Loch na Buaráí
le os cionn **100,000**
cúairteoirí a tháinig go dtí
an pháirc i 2015

Oscailt bhealach **siúil & rothaíochta** agus
cheantar bithéagsúlachta Dhroim Cáithe

Láinseáil **an Dara Plean
Gníomhaíochta um
Bithéagsúlacht** a chuimsíonn an tréimhse
2016-2021

Rinneadh os cionn 12,000 heicteár **a athchóiriú
go** dtí seo

Rath ar chlár **bhithéagsúlachta
piolótach na scoileanna**

Thacaigh **os cionn 300** pobal agus grúpaí

Oibriúcháin

**Aimsíodh
330,000 tona**
bithmhaise

**Comh-
adhainte
suas le 37%**
bithmhaise ag
staisiún cumhachta Éadan
Doire

Fuinneamh athnuaite
ag cur cumhacht ar fáil
do **115,000**
teaghlach

5 mhilliún bosca
bailithe gach bliain

**73% den
dramhaíl
atreoraithe** ó
líonadh talún.




Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bhord na Móna don bhliain fhioscach dar críoch 30 Márta 2016 a chur i láthair (“2016”).

Lean mórathrú agus feabhas mar phríomhghnéithe na bliana a bhí á athbhreithniú.

Bhí láimhdeachas de €432.8 milliún ardaithe ó €406.7 milliún anuraidh, cé go raibh laghdú de €17.7 milliún ar an mbrabús iarchánach ó anuraidh go €17.3 milliún, rud a léiríonn an tionchar a bhí ag míreanna eisceachtúla mar atá mionsonraithe in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais ar leathanaigh 20 go 23.

Is toradh sásúil é seo de dheasca na gcúinsí agus déanaim comhghairdeachas le Mike Quinn, lena fhoireann bainistíochta agus lenár bhfostaithe ar a bhfuil bainte amach.

A close-up portrait of an older man with grey hair, wearing a dark suit, white shirt, and a patterned tie. He is looking slightly to the right with a neutral expression. The background is blurred.

**“
Bhí an mórathrú agus
an dul chun cinn mar
phríomhghnéithe
na bliana a bhí á
athbhreithniú i gcónaí.
”**

Ráiteas an Chathaoirligh

(ar lean)



Tá €67 milliún íoctha mar dhíbhinní ag Bord na Móna le deich mbliana anuas.

Ar aon dul leis an gcur chuige a ghlacaimid i leith forbairt straitéise, rinne an Bord athbhreithniú mionsonraithe ar straitéis an Ghrúpa i gcaitheamh na bliana. Ag glacadh páirt thairbheach ann bhí ionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ó NewERA.

D'fhoilsigh an Rialtas an páipéar Bán Fuinnimh "Ireland's Transition to a Low Carbon Energy Future 2015 – 2030" i Mí na Nollag 2015. Leag sé seo amach fíis agus creat chun polasaí fuinnimh a threorú. Tá Straitéis Bhord na Móna ag teacht go hiomlán leis an bpolasaí sin agus beimid ag tnúth le bheith mar rannpháirtithe tábhachtacha le freastal ar na riachtanais idirmheánacha ar fhuinneamh in-athnuaite atá ag an tír.

Chuir muid tús le ceann de na hathruithe úsáide is mó i nua-stair na tíre ó thaobh talamh na hÉireann de. Faoin mbliain 2030 beidh athrú úsáide á bhaint as 60,000 heictéar de thalamh portaigh atá á n-úsáid faoi láthair chun móin fuinnimh a sholáthar do thrí stáisiún cumhachta. Ní bheidh an Chuideachta ag baint móna i gcomhair fuinnimh tar éis 2030 agus beidh an t-athrú chuig gnóthaí inbhuanaithe nua, a bheidh lonnaithe ar fud ár ngabháltais tugtha chun críche.

Tar éis idirbartaíocht fhada tá socrú déanta ag an gCuideachta lenár bhfostaithe ar chomhaontú comhchoiteann a chlúdaíonn pá agus modhanna nua oibre suas go dtí an bhliain 2019 a bhfuil gá leo chun fostaíocht a chinntiú sa timpeallacht athraitheach oibríochtúil agus rialála a bhfuil ár ngnóthaí ag tabhairt aghaidh uirthi. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre agus leis an gCúirt Oibreachais faoin gcabhair a thug siad do na páirtithe chun teacht ar an réiteach seo.

Tá áthas orm a dheimhniú go bhfuil pleananna maoinithe do scéimeanna pinsean Bhord na Móna i bhfeidhm, agus go bhfuil siad faoi réir athbhreithniú rialta i gcomhréir le soláthairtí na n-Achtanna Pinsean.

D'íoc an Grúpa díbhinn €10.1 milliún i mbliana, a ndeachaigh €9.6 milliún di chuig an Stát agus an €0.5 milliún eile isteach sa Phlean um Scair-Úinéireachta d'Fhostaithe (ESOP).

Tá €67 milliún íoctha ag Bord na Móna mar dhíbhinní le deich mbliana.

Tráth a scríobhadh seo, bhí éiginnteacht shuntasach maidir le síneadh ar an gcead pleanála le haghaidh Stáisiún Chumhachta Éadan Doire. Leanfaidh

an staistiún ar aghaidh ag feidhmiú faoi bhac Ard Cúirte go dtí 14 Deireadh Fómhair, ar feitheamh cinneadh an Bhord Pleanála maidir lenár n-iarratas cead pleanála an stáisiúin a shíneadh go dtí 2030. Is cúis inné freisin an mhoill atá le foilsiú na dtreoirilínte maidir le forbairt fheirmeacha gaoithe.

Lean an Bord ag díriú go fóill ar rialachas corparáideach, de réir dea-chleachtais agus de réir rialúcháin agus treochtaí atá ag teacht chun cinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach le próiseas cuimsitheach a chur i bhfeidhm a ligeann don Ghrúpa a gcuid rioscaí a mheas agus a thuairisciú. Déanann an Bord gach mórinfheistíocht a mheas ag baint úsáide as modheolaíocht dhocht chun a chinntiú go gcomhlíonaimid ár ndualgas sócmhainní an Ghrúpa a chosaint. Tá mionsonraí de phróiseas Bhainistíocht Riosca an Ghrúpa le fáil ar leathanaigh 44 go 46.

Cruthaíodh chun sástacht an Bhoird go bhfuil córas rialuithe inmheánacha an Ghrúpa cuí agus softwair a dhóthain chun rioscaí inmheánacha a mhaolú, chun neamhchosaint ar rioscaí a choinneáil ag leibhéal inghlactha agus chun a chinntiú go leanfaidh Bord na Móna den chur chuige éifeachtach atá aige i leith rialachais corparáidigh.

Chríochnaigh na Stiúrthóirí próiseas i rith na bliana chun feidhmíocht an Bhoird a mheas agus rinneadar measúnú freisin ar mheascán scileanna bhaill an Bhoird. Tá moltaí i gcomhair feabhsúcháin á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

Cuireadh clár cuimsitheach ar siúl chun Stiúrthóirí, as gach cuideachta laistigh den Ghrúpa a chur ar an eolas agus treoracha a thabhairt dóibh maidir lena gcuid freagrachtaí agus oibligeáidí faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

D'éirigh Colm Ó Gógáin as a phost mar Stiúrthóir i Mí na Bealtaine 2016, tar éis dó scor ón gCuideachta. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Colm faoin obair mhór a rinne sé do Bhord na Móna i rith a théarma ar an mBord agus mar fhostaí leis na blianta. Ceapadh Paschal Maher chuig an mBord faoi Bhealtaine 2016 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Tá áthas orm fáilte a chur roimh Paschal ar ais chuig an mBord; Bhí sé mar Stiúrthóir ar an mBord cheana i 2014.

Tá mo bhuíochas tuille ag mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtiomantas agus a dtacaíocht i rith na bliana.



Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach éinne as a ndúthracht agus a gcuid oibre chrua arís i mbliana chun an Grúpa a bhogadh chun cinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an tUasal Denis Naughten T.D., agus lena réamhtheachta, an tUasal Alex White T.D.. Tá buíochas freisin ag gabháil don Ard-Rúnaí, Mark Griffin, agus d'oifigigh eile na Roinne ar an suim a léirigh siad i mBord na Móna agus ar an gcomhairle a thug siad dúinn.

Bhí an Chuideachta i gcaidreamh rialta i mbliana le NewERA, ar rannóg í de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cúrsaí rialachais. Gabhaim buíochas leis an Uasal Eileen Fitzpatrick, lena comhghleacaithe i NewERA agus le hoifigigh eile na Roinne as ucht a gcuid tacaíochta i rith na bliana.

Ba í seo an chéad bhliain airgeadais iomlán ag Mike Quinn mar Stiúrthóir Bainistíochta an Ghrúpa. Tá athstruchtúrú curtha i bhfeidhm aige ar na gnóthaí chun díriú níos fearr ar na príomhthionscnaimh a bhfuil tábhacht straitéiseach leo. Tá struchtúr bainistíochta athdheartha cruthaithe aige agus tá sé ag bainistiú an Ghrúpa trí chóras tuarascála agus monatóireachta le dianchur chuige. Ba mhaith liom comhghairdeachas a dhéanamh le Mike agus lena fhoireann as ar bhaineadar amach agus as a dtiomantas don Chuideachta i rith na bliana.

Iarradh ar ár bhfostaithe ar fad a bheith tiomanta dár bpleananna athruithe a chur i bhfeidhm chun sochair thodhchaí na Cuideachta agus thug siad freagairt dhearfach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach éinne as a ndúthracht agus a n-obair chrua i mbliana chun an Grúpa a bhogadh chun cinn, in ainneoin na ndúshlán a tháinig aníos. Léirigh suirbhé ar ghafacht fostaithe go raibh feabhas mór meanma ann agus tá fáilte mhór roimhe seo.

Tá rún daingean ag an mBord a chinntiú go mbeidh todhchaí rathúil, fuinniúil agus inbhuanaithe ag an nGrúpa san fhadtéarma rud a chuirfidh le leas ár bpáirtithe leasmhara uile agus lena bhfuil déanta ag Bord na Móna cheana ar son chomhshaol agus shaol géilleagrach agus sóisialta na hÉireann.

John Horgan
Cathaoirleach

Tuarascáil an Stiúrthóra Bainistíochta

Cuireann sé áthas mór orm Tuarascáil Bhliantúil Bhord na Móna 2016 a chur i láthair. Tá áthas orm a thuairisc go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta chun todhchaí Bhord na Móna a chinntiú. De réir mar a ghluaiseann muid chun cinn, beidh foirfeacht oibríochtúil riachtanach i ngach ceann dár n-ionaid ghnó chun a chinntiú go mbeidh Bord na Móna iomaíoch fós sna margaí a bhfuilimid ag freastal orthu.

Bliain eile a bhí ann inar baineadh amach éachtaí suntasacha. Bhí an láimhdeachas de €432.8 milliún ardaithe ó anuraidh, cé go raibh laghdú de €1.3 milliún ar mhíreanna réamh-eisceachtúla agus ar gnóthachan infheistíochta réadmhaoine EBITDA go dtí €100.0 milliún. Bhí corrlach brabaigh oibríochtúil ar mhíreanna réamh-eisceachtúla agus gnóthachan infheistíochta réadmhaoine in 2016 ag 11.8% i gcomparáid le 13.5% in 2015. Baineadh é seo amach cé gur fhág stáisiún cumhachta Éadan Doire Oibligeáid na Seirbhíse Poiblí ("OSP"), cé gur thréimhse é a raibh praghasanna leictreachais an-íseal agus go raibh an geimhreadh bog rud a d'fhág toradh díobhálach ar dhíolacháin bhreosla.



**“
Bliain eile le gnóthachtáil
chinnte
”**

Tuarascáil an Stiúrthóra Bainistíochta

(ar lean)



Spléachadh ar 2016



Caidreamh Tionsclaíoch

Tháinig muid ar chomhaontú leis na fostaithe ar chlár cuimsitheach a éascaíonn athrú agus móráthrú ar an gCuideachta thar an tréimhse go dtí 2019. Tá scóip leathan leis an gcomhaontú, lena n-áirítear: meicníochtaí chun ár bonn costais a laghdú, go háirithe sa ghnó Móna, athruithe i gcórais phá agus dul chun cinn maidir le laghduithe costais go dtí leibhéal chomhaontaithe ar leith a bhaint amach. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach. Éascaíonn sé feidhmiú na n-athruithe a bhfuil gá leo chun gnó inmharthana eacnamaíochta sa todhchaí a chinntiú, trí chomhpháirtíocht.



Inbhuanaitheacht 2030

D'fhógair ár dtuarascáil inbhuanaitheachta, "Inbhuanaitheacht 2030" i nDeireadh Fómhair 2015 go n-éireadh Bord na Móna as táirgeadh móna i gcomhair fuinnimh faoi 2030 agus go n-athródh sé chuig múnla gnó inbhuanaithe a éireoidh níos éagsúla de réir a chéile. Ciallaíonn inbhuanaitheacht gnóthaí a fhorbairt a thugann brabach fadtéarmach ar bhealach inbhuanaithe sóisialta agus comhshaoil a chinnteoidh todhchaí Bhord na Móna.



Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

Lainseáladh an 2ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a chludaíonn 2016-2021 in Aibreán 2016. Faoin bplean roimhe seo (2010-2015) rinne muid mapáil agus scrúdú sásúil ar na 80,000 heicteár ("ha") de thailte móna Bhord na Móna agus d'fhorbair muid múnlaí, de réir dea-chleachtas, chun athshlánú leanúnach a chinntiú agus príomhcheantair bithéagsúlachta a leathnú. Tá mórtas orainn go bhfuil suas le 12,000ha de thailte móna athshlánaithe againn anois, agus beidh muid ag tnúth le cur leis seo le linn tréimhse an phlean nua.



Branda Bhord na Móna

Cé gur ainm coitianta é, léirigh taighde go raibh easpa tuisceana ag daoine ar an mbranda agus ar mhéid agus scála ghníomhaíochtaí Bhord na Móna. Thug an athnuachán ar an mbranda le gairid deis thráthúil chun scéal leithleach agus cumhachtach Bhord na Móna a ardú agus a chur chun cinn. Is príomhchumasóir straitéiseach é an branda agus muid ag déanamh móráthrú ar ár ngnó chun todhchaí inbhuanaithe a sholáthar.



Comh-adhaint

I rith na bliana, léirigh muid an cumas atá ag stáisiún cumhachta Éadan Doire comh-adhaint le bithmhais ag ráta de 37%, agus infhaighteacht ar an stáisiún a choimeád agus a chur ar a chumas cáiliú do thacaíocht faoi REFIT 3. Beidh an stáisiún ag rith ag an ráta seo an bhliain ar fad i 2017. Chruthaigh muid cumas ár slabhra soláthair bithmhaise chun soláthar leanúnach de bhithmhais oiriúnach ó fhoinsí baile agus allmhairithe a sheachadadh ag praghasanna inghlactha.



Comhaontas Straitéiseach le BSL

I rith na bliana seo caite bhí plé leathan againn le BSL ar réimsí a raibh suim i gcoiteann againn agus ar chomhaontas straitéiseach a d'fhéadfadh tarlú. Dhírigh muid go háirithe ar thodhchaí stáisiúin cumhachta móna BSL a chinntiú nuair a thiocfaidh deireadh leis an PSO i 2019. Tá an dá chuideachta ag comhoibriú leis an aidhm cinntiú go n-oibreoidh na stáisiúin ar bhonn inmharthana eacnamaíoch tar éis 2019. Is sprioc tábhachtach sa tionscadal an Cead Pleanála a fuarthas d'fheirm ghaoithe 172MW ag an Abhainn Bhuí, Co. Mhaigh Eo, a bheidh á cómhforbairt leis an BSL.



Fómhar

Shábháil muid 3.4 milliún tonna (94% den sprioc) i samhradh na bliana 2015 d'ainneoin drochdhálaí aimsire. Tá leibhéal stoic móna fós láidir tar éis dhá fhómhar iontach i 2013 agus 2014.



An Sliabh Bán

Cuireadh tús le comhfhiontar le Coillte chun feirm ghaoithe an tSliabh Bháin i gContae Ros Comáin a fhorbairt. Táthar ag súil go mbeidh an fheirm ghaoithe 20 turbín i mbun oibre go luath i 2017 agus go dtabharfaidh sí soláthar leictreachais in-athnuaite do 40,000 teaghlach.



Gnó Nua

Ghnóthaigh gairneoireacht conradh trí bliana chun táirgí meáin fháis a sholáthar don ghrúpa ionad garraíodóireacta is mó sa Ríocht Aontaithe.



EPL

Leanfaidh an stáisiún ar aghaidh ag feidhmiú faoi bhac Ard Cúirte go dtí 14 Deireadh Fómhair, ar feitheamh cinneadh an Bhord Pleanála maidir lenár n-iarratas cead pleanála an stáisiúin a shíneadh go dtí 2030.



Dearcadh

Oibríonn Bord na Móna i dtimpeallacht fhuinniúil le treoirínte pleanála agus rialála a bhfuil tionchar suntasach acu ar gach gné dár ngnó. Tugann sé seo, i dteannta le praghasanna ísle ar leictreachas faoi láthair, dúshlán mhóra dúinn. Beidh sé criticiúil maidir le rath de cé chomh haclaí a bheimid ag freagairt na ndúshlán sin, chomh maith lenár gclár mórathraithe.

Cuimsíonn ár gclár mórathraithe tiomantas ar fheabhas leanúnach, agus tiomantas na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

- **Na hathruithe atá sonraithe sa chomhaontú caidrimh thionsclaíoch;**
- **slabhra soláthair athstruchtúrtha don ghnó Breosla chun an tírdhreach athraitheach rialacháin agus iomaíoch a léiriú;**
- **múnla lóistíochta don ghnó gairneoireachta chun freastal níos éifeachtaí ó thaobh costais de ar mhargaí na hÉireann agus na Breataine; agus,**
- **diríú níos mó ar ghafacht an fhostaí.**

Ar phríomhréimsí eile le diríú orthu tá:

- **An gnó gairneoireachta a leathnú - trí mhiondíol in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus go domhanda trí mheáin fáis ghairmiúla;**
- **Saoráid chóireála dramhaíola an Droichid a aistriú chuig sruthanna dramhaíola inbhuanaithe fadtéarmacha;**
- **Athstruchtúru ar an ngnó breosla chun déileáil leis na dúshlán iomaíochta atá ag teacht ar a bhfuil an bac ar ghual deataithe;**
- **Forbairt leanúnach den slabhra soláthair bhithmhaise chun comhadhaint sna móinstáisiúin ghiniúna;**
- **Feirm ghaoithe an tSléibhe Bháin a choimisiúnú;**
- **Dul chun cinn thionscadal fheirm ghaoithe na hAbhann Buí;**
- **Aighneacht ar dhá fheirm gaoithe eile a chur sa phróiseas pleanála; agus,**
- **Aighneacht ar fheirmeacha gréine eile a chur sa phróiseas pleanála.**

Is iad ár bhfostaithe an acmhainn is tábhachtaí dá bhfuil againn.

Is iad ár bhfostaithe an acmhainn is tábhachtaí dá bhfuil againn. Le go bhfaighfidh Bord na Móna an ceann is fearr ar na dúshlán atá romhainn, is iad ár ndaoine agus a bhforbairt leanúnach an toisc chriticiúil ó thaobh ratha de. Is ceann de na príomhthosaíochtaí atá agam ná cur ar a gcumas an acmhainneacht atá acu a bhaint amach.

Tá ceangail láidre ag Bord na Móna leis na daoine agus na pobail a ndéanann muid freastal orthu ag dul siar sna glúine agus tá sé mar chuid lárnach dár straitéis inbhuanaithe an todhchaí is fearr atá ann a chruthú dóibh.

Tá todhchaí spreagúil ag an gCuideachta seo agus táim tiomanta ar oibriú le mo chuid fostaíthe, lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár bpobail chun é sin a thabhairt i gcrích.

Mike Quinn
Stiúrthóir Bainistíochta

30 Meitheamh 2016

Straitéis

Ráiteas Straitéise

Tá muid tiomanta ar bharrfheabhas a chur ar luach - eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta - ón ár n-acmhainní nádúrtha. Bainfear amach é seo trí mhórathrú leanúnach agus trí fhás inbhuanaithe a thiomáint feadh príomhghnóthaí a rachaidh chun tairbhe dár bpríomhpháirtithe leasmhara ar a bhfuil: scairshealbhóirí, custaiméirí, fostaithe agus na pobail ar a ndéanann muid freastal.

Forbhreathnú Straitéise

Uaillmhian Fás brabúsach agus inbhuanaithe a chur le gnó Bhord na Móna, chun go mbeidh sé i gceann an mhargaidh i ngach deighleog a bhfuil muid ag obair ann, trí dheiseanna orgánacha agus éadálacha agus trí ár ranna oiriúchain a thiomáint chun an fheidhmíocht is fearr a bhaint amach.

Prionsabail



Foireann Uirlisí Oibriúcháin



Daoine Ceannaireacht & Forbairt



Inbhuanaitheacht

Mórathrú & Feabhas Leanúnach

Aidhmeann a Gnó

Gineadóir fuinnimh in-athnuaite Uimh. 1 ar oileán na hÉireann

Soláthraí & Foinse Éilimh Uimh. 1 do Bhithmhais

Soláthraí Uimh. 1 ar bhreoslaí soladacha inbhuanaithe & ar bhranda bhreoslaí

Soláthraí Uimh. 1 ar fháis meáin ghairmithe agus miondíola i margai roghnaithe ar fud an domhain No.1

Oibríteoir Aisghabhála Acmhainne Uimh. 1 ar oileán na

Collúin



Móin



Giniúint Cumhachta



Bithmhais



Breosla



Gairneoireacht



Aisghabháil Acmhainní

Cumasóir Straitéiseach

Branda & Cáil

Bunsraith

Cúlsoláthar



Straitéis

(ar lean)

Luachanna Corparáideacha



Seiftiúlacht

Tiomanta ón nádúr ag ár bhfiosracht chun na féidearthachtaí a fheiceáil i ngach rud inár dtimpeall agus ag samhlú na bhféidearthachtaí don todhchaí - creidimid in ár seiftiúlacht nádúrtha a úsáid chun reitigh níos éifeachtúla fós a sholáthar.



Comhoibriú

Creidimid inár bhfoireann. Creidimid in éiteas foireann amháin a thiomáineann ár ngnó chun tosaigh, a labhraíonn d'aon ghuth agus a spreagann comhphlé le custaiméirí agus leis an bpobal ar iliomad leibhéal.



Urraim

Is é ár dtaithe nach féidir linn réitigh níos inbhuanaithe a chur ar fáil dóibh siúd a lorgaíonn ár gcomhairle mura bhfuil tuiscint dhomhain againn ar ár n-acmhainní nádúrtha. Éistimid leis an bpláinéad agus le na daoine, ar an mbealach céanna chun réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil dóibh uile.

Straitéis

(ar lean)

Ag Aistriú na nGnóthaí

Tá spriocanna uailmhianacha againn i mBord na Móna ach tá dúshlán romhainn agus mórathrú le déanamh inár ngnóthaí uile sa deich mbliana romhainn chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tá muid ag aistriú de réir a chéile chuig bhithmhais, breoslaí in-athnuaite, giniúint leictreachais in-athnuaite agus aisghabháil dramhaíola.

Beidh go leor dúshlán ar an turas seo - ó thaobh rialála agus margaidh, cuid atá ar eolas againn, cuid atá romhainn. Rachfaidh muid in oiriúint do na hathruithe sin mar eagraíocht ghéarchúiseach agus fhuinniúil agus tógfaidh muid ar ár bpríomhshocmhainní .i. Cúlsoláthair Talún agus Branda & Cáil.

Giniúint Fuinnimh Inathnuaite

2015



114k teach
a gheobhaidh a leictreachas ó fhuinneamh inathnuaite



48.3% dár bpunainne

2020



221k teach
a gheobhaidh a leictreachas ó fhuinneamh inathnuaite



70.3% dár bpunainne

Bithmhais

330k
Tonaí Fuinnimh



1.2m
Tonaí Fuinnimh



Déine Charbóin

Tona in aghaidh na Meigeavatuair

CO₂
0.57

CO₂
0.33

2025

**385k teach**

a gheobhaidh a leictreachas ó fhuinneamh inathnuaite

**85.9%** dár bpunainne

2030

**616k teach**

a gheobhaidh a leictreachas ó fhuinneamh inathnuaite

**96.3%** dár bpunainne**1.6m**

Tonaí Fuinnimh

**2.7m**

Tonaí Fuinnimh



0.16



0.04



Straitéis

(ar lean)

Feachtas Athnuachana Branda & Cumarsáide

Údar mór bróid dúinn go bhfuil branda Éireannach aitheanta againn mar phríomhshócmhainn ar féidir leis an nGrúpa tairbhe a bhaint aisti amach anseo. Chun é sin a dhéanamh rinne muid forbairt ar fhéiniúlacht bhranda agus rinne muid níos comhaimseartha agus níos cuí dár lucht éisteachta é.





Seoladh inmheánach don Fhoireann Oibre

Chuir muid an chuma branda nua seo i láthair ár bhfostaithe uile, ár gcéad phríomhlucht féachana i Márta 2016, agus bhí an fhreagairt dearfach. Chuir muid an branda i bhfeidhm go himmheánach trí chomharthaíocht agus ábhair.

Tá muid i mBord na Móna mórtasach as ár dturas inbhuanaitheachta agus na gníomhaíochtaí éagsúla atá ag obair againn ar an turas seo. É sin ráite, léiríonn taighde a rinneadh ar thomhaltóirí nach bhfuil mórán aithne ag an bpobal orainn seachas mar ghnó 'teasa agus móna', agus go raibh tuilleadh eolais uathu.

Mar sin thóg
muid an chéad
choiscéim san
Aibreán chun
an scéal sin a
insint.

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais.



Méadú de 6% ar an láimhdeachas ó €406.7 milliún go €432.8 milliún, méadú de €26.1 milliún

Seo a leanas achoimre ar phríomhthorthaí airgeadais an Ghrúpa le dhá bhliain anuas:

	FY16 €'M	FY15 €'M
Ioncam	432.8	406.7
Brabús oibriúcháin mar a thuairiscíodh é.	37.6	69.6
Gnóthachan ar infheistíocht réadmhaoine	(7.5)	(14.5)
Gnóthachan ar phlean pinsean	(10.7)	-
Costais Athstruchtúraithe	7.3	-
Bearnú ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus ar shócmhainní doláimhsithe *	24.5	0.2
Brabús oibriúcháin coigeartaithe	51.2	55.3
Dímheas/Amúchadh	48.8	46.0
EBITDA arna coigeartú le haghaidh eisceachtúlai agus ghnóthachain infheistíochta réadmhaoine	100.0	101.3
Sócmhainní iomlána	725.6	736.0
Caiteachas caipitil	71.8	113.7
Glanfhiachas	172.7	177.9
Cistí na Scairshealbhóirí	221.4	209.1

* cuimsithe i speansais riaracháin i mbliain airgeadais 2015 Méadú de 6% ar an láimhdeachas ó €406.7 milliún go €432.8 milliún, méadú de €26.1 milliún

Bhí na príomhdhifriochtaí díolacháin mar a leanas:

- Ina gcéad bhliain iomlán oibriúcháin, mhéadaigh díolacháin feirmeacha gaoithe Dhroim Cáithe agus na Breacánaí €13.8 milliún;
- Tháinig ardú de €9.3 milliún ar dhíolacháin Chóireáil Dramhaíola ag saoraidí an Droichid mar gheall ar mhéadú ar thonnáiste isteach agus méadú ar aschur leictreachais ar ghás aisghafa;

- Tháinig ardú de €4.5 milliún ar dhíolacháin Bailithe Dramhaíola le méadú ar an líon custaiméirí agus tonnáiste Tráchtála méadaithe;
- Tháinig ardú de €6.8 milliún ar dhíolacháin Gairneoireachta le feidhmíocht fheabhsaithe san earnáil ghairmiúil agus miondíola;
- Mhéadaigh díolacháin mhóna chuig Staisiún Chumhachta Loch Rí agus Uíbh Fhailí Thiar €4.5 million sa chomhiomlán.
- Bhí laghdú €4.7 milliún ar dhíolacháin staisiún chumhachta Éadan Doire de bharr éaraídh fhada seirbhíse pleanáilte agus phraghasanna laghdaithe le haghaidh leictreachais, agus de bharr tarraingthe siar an staisiúin ó mheicníocht thacaíochta PSO i Nollag 2015; agus,
- Laghdú €7.7 milliún ar dhíolacháin ghuail agus bhricíní móna de bharr an gheimhridh bhog, praghasanna níos ísle ar ola téimh baile agus tréaniomaíocht sa mhargadh breosla.

Ba é an brabús oibriúcháin roimh nithe eisceachtúla a chur san áireamh ná €37.6 milliún i mbliain airgeadais 2016.

(Bliain Airgeadais 2015: €69.6 milliún). Ba é an brabús oibriúcháin arna coigeartú le haghaidh nithe eisceachtúla agus ghnóthachain infheistíochta réadmhaoine ná €51.2 milliún don bhliain airgeadais 2016 (2015: €55.3 milliún). Chuimsigh na nithe eisceachtúla agus an gnóthachan infheistíochta réadmhaoine, le muirear glan de €13.6 milliún ar an bhrabús Oibriúcháin, na rudaí seo a leanas:

- Méadú cóir luacha de €7.5 milliún ar an infheistíocht maoinne ar Sráid Bhagóid;
- Gnóthachan ciorrúcháin de €10.7 milliún ar athstruchtúrú Scéim Aoisliúntais na bhFostaithe Ginearálta tar éis cur i bhfeidhm thogra maoiniúcháin;
- Costais athstruchtúraíthe de €7.2 milliún tar éis cinntí len ár n-oibríochtaí guail agus feidhmeanna riaracháin airithe a ath-eagrú, rud a lean ó ionad seirbhísí airgeadais roinnte a bhunú ag Leibhéal Grúpa;
- táille bearnúcháin de €23.6 milliúin gcoinne luach iompair an dá stáisiún cumhachta teirmeacha in Éadan Doire. Is praghasanna níos ísle tuartha leictreachais agus athruithe a bhfuiltear ag súil leo sa mhargadh ar theacht isteach an Mhargaidh Leictreachais Comhtháite Aonair i 2018 a ba chúis leis an mbearnúcháin; agus,
- Bhí muirear bearnúcháin €0.9 milliún i gceist ar luach anonn sócmhainní áirithe sa ghná Breosla de bharr athruithe gar-téarma tuartha sa mhargadh breoslaí soladacha.

Bhí EBITDA €111.0 milliún ann i 2016, ag cur san áireamh na nithe eisceachtúla (2015: €115.4 milliún). Mar atá leagtha amach sa léaráid thuas, bhí EBITDA coigeartaithe do na nithe eisceachtúla agus don ghnóthachan infheistíocht réadmhaoine de €100.0 milliún ann i mbliain airgeadais 2016 (2015: €101.3 milliún). Ba iad seo a leanas na príomhnithe a raibh tionchar acu ar fheidhmíocht trádála i rith na bliana á gcur i comparáid le bliain airgeadais 2015 :

- Baineadh 3.4 milliún tona móna, laghdú 1 milliún ar an mbliain roimhe seo, (is é an fómhár móna laghdaithe pleanáilte a ba chúis le mórchuid an laghdaithe seo) rud a d'fhág go raibh laghdú €2.9 milliún ar an mbrabús Oibriúcháin;
- Bhí tionchar ag báisteach throm agus tuille dá bharr ar iompar móna, rud a d'fhág go raibh an brabús Oibriúcháin €3.4 mhilliún níos lú;
- Chuir an méadú ar dhíolacháin mhóna agus na praghasanna iompair mhóna laghdaithe €6.1 milliún leis an mbrabús;



Bhí EBITDA roimh cur san áireamh na nithe eisceachtúla agus an ghnóthachain infheistíochta réadmhaoine de €100.0 milliún ann i mbliain airgeadais 2016.

- Bhí praghasanna leictreachais mhórdíola níos ísle agus bhí costais oibriúcháin níos airde, rud a d'fhág go raibh an brabús Oibriúcháin €6.4 milliún níos lú;
- Bhí laghdú €2.0 milliún ar an mbrabús Oibriúcháin de bharr méadú san infheistíocht i bhforbairt ghnó le haghaidh fáis sa todhchaí ;
- Tháinig laghdú de €2.5 milliún ar bhrabús de bharr ollchorlach níos ísle a bheith ar dhíolachain laghduithe tháirgí bhreosla soladach;
- I gcéad bhliain iomlán oibriúcháin feirmeacha gaoithe Dhroim Cáithe agus na Breacánaí, méadaigh an brabús Oibriúcháin €13.8 milliún;
- Méadaigh an brabús Oibriúcháin €3.4 milliún sa ghnó bailiúcháin dramhaíola de bharr méadú ar an tonnáiste a tugadh isteach, ollchorraigh feabhsaithe agus cosais riaracháin níos lú;
- Méadaigh an brabús Oibriúcháin €0.9 milliún de bharr méadú ar an tonnáiste a tugadh isteach sa líonadh talún a bhfuil innealtóireacht déanta air;
- Tháinig laghdú €2.8 milliún ar an mbrabús Oibriúcháin de bharr mhéadaithe dímhéasa agus amúchta ar shócmhainní láimhsithe agus doláimhsithe de bharr úsáide spáis fholaimh mhéadaithe líonadh talún an Droichid agus cur i bhfeidhm sheirbhísí comhroinnte airgeadais i nDroichead Nua.

Bhí brabús €22.2 milliún ann roimh cháin i mbliain airgeadais 2016 (2015: €56.4 million) rud a léiríonn na nithe a luadh thuas, agus méadú i gcostais airgeadais de €2.1 milliún de bharr gur laghdaigh an t-ús caipitlithe de €3.1 milliún an muirear a gearradh i 2015 ar thógáil na feirmeacha gaoithe;

Bhí brabús €17.3 milliún ann tar éis cáin i mbliain airgeadais 2016 (2015: €35.0 million) chomh maith le muirear cánach de €5.8 milliún (2015: €13.8 million) rud a léiríonn brabús inchánach níos lú agus muirear cánach de €6.4 milliún ar dhíorthaigh airgeadais i 2015.. Cuireadh san áireamh chailteanas €7.5 milliún, glan ó cháin, ar oibríocht scortha foircheannaidh oibríochtaí Anua.

Bhí laghdú €10.4 milliún ar an mbliain anuraidh ar mhéid iomlán na Sócmhainní go dtí €725.6 milliún, rud a léirígh bearnúcháin ar sócmhainní de €24.5 milliún agus fuilleach mhuirir dhímheasa de bharr méid breise Réadmhaoine, gléasra agus trealamh.

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar lean)

Cistí ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	FY16 €'M	FY15 €'M
Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	97.3	101.2
Caipiteal oibre & soláthairtí	(6.7)	(11.9)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	(65.8)	(113.3)
Costais maoiniúcháin íoctha	(17.3)	(16.7)
Airgead tirim faighte ar dhíorthaigh	4.7	2.8
Cáin ioncaim a íocadh	(4.6)	(10.8)
Díbhinn íoctha	(10.1)	(11.1)
Aisiocaíocht fiachais	0.0	(40.7)
Éadail agus íoc díbhinne do leasanna neamh-urlámhais	0.0	(0.4)
Laghdú ar ghlanairgead tirim	(2.5)	(100.9)
Gluaiseacht neamhairgid	(0.1)	(0.1)
Gluaiseacht sa Ghlanfhiach	(2.6)	(101.0)

Bhí €2.5 milliún de ghlanairgead tirim amach ag an nGrúpa i 2016, i gcomparáid le €100.9 milliún an bhliain roimh sin – feabhas €98.4 milliún, de bharr do chuid is mó na gcaiteachais bhreise ar fheirmeacha gaoithe agus na n-aisiocaíochtaí fiachais i 2015.

Ag deireadh na bliana, bhí €172.7 milliún de ghlanfhiachas ag an nGrúpa, laghdú €5.2 sa bhliain mar thoradh ar ghnóthachan malairte eachtraí ar nótaí iasachta faoi láithriú príobháideach sna Stáit Aontaithe.

Tá ráiteas mionsonraithe ar sreabhadh airgid le fáil ar leathanach 62 arna tacú ag Nótaí 19 agus 23 de na Ráitis Airgeadais.

Infheistíocht ina bhfuil i nDán

Bhí caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais de €71.8 ann i mbliain airgeadais 2016 (2015: €113.7 milliún). Ináirithe sa chlár infheistíochta caipitil a tógadh ar lámh i rith na bliana bhí caiteachas ar: gléasra táirgeachta le haghaidh móin a bhaint, trealamh le haghaidh móin mheilte a iompar, cealla líonta talún a tógadh agus a ndearnadh innealtóireacht orthu chun críocho cóireála dramhaíola, uasghráduithe ar dhá mhonarcha brící, athchóiriú ar an maoin ar Shráid Bhagóid agus cur i bhfeidhm próisis agus córais nua airgeadais atá bunaithe ar Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Rinneadh infheistíocht de €22.3 milliún i gComhfhiontar 50/50 le Coillte maidir le feirm ghaoithe an tSléibhe Bháin. Rinneadh infheistíocht de €1.7 milliún i gComhfhiontar 50/50 le BSL maidir le feirm ghaoithe an Abhainn Eadhnaigh.

Taighde agus Forbairt: Chaith Bord na Móna €7.5 milliún ar thaighde agus ar fhorbairt i 2016 lena n-áirítear forbairt gnó gan deontais a chur san



Rinneadh infheistíocht de €22.3 milliún i gComhfhiontar 50/50 le Coillte maidir le feirm ghaoithe an tSléibhe Bháin.

áireamh (2015: €5.5 milliún). Tá an Grúpa ag forbairt deiseanna nua i reimsí ar nós: breoslaí athnuaite, gual gan toit, feirmeacha gaoithe agus gréine ar ár dtailte móna agus deiseanna i staisiúin déantúsaíochta millíní bithmhaise. Naonúr atá fostaithe go díreach ag an Ionad Nuálaíochta agus tá scór daoine eile ag obair i réimse na forbartha gnó agus nuálaíochta atá curtha i dtreis i ngnóthaí oibriúcháin an Ghrúpa.

Struchtúr Caipitil agus Beartas Cistíochta

Déanann an Bord athbhreithniú gach bliain ar Bheartas Cistíochta an Ghrúpa agus cuireann feidhm Chistíochta an Ghrúpa i bhfeidhm é agus deanann sí monatóireacht air. Féachann an beartas cistíochta le costais mhaoiniúcháin an Ghrúpa ar an iomlán a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus leis an nGrúpa a choimeád solúbtha i margaí luaineacha, faoi réir leibhéal riosca inghlactha don chiste agus do chontrapháirithe.

Is éard is cuspóir foriomlán leis an bhfeidhm chistíochta a bheith i mbun bainistíochta ar riosca malairte eachtraí ná tacaíocht a thabhairt don Ghrúpa a aidhm airgeadais a bhaint amach; is é sin, go mbeidh euro cobhsaí ann agus go dtiocfaidh borradh faoin mbrabús oibriúcháin ar shlí atá costéifeachtúil agus drogallach roimh rioscaí agus a úsáideann fálú nádúrtha ar fud an Ghrúpa gach uair is féidir sin. Déantar neamhchosaintí i dtaca le hinfheistíochtaí eachtracha a fhálú, a mhéad agus is féidir, le hiasachtaí arb ionann airgeadra dóibh agus do na bunsócmhainní glana.

Is ceadmhach, de réir an bheartais chistíochta, díorthaigh a úsáid chun rioscaí airgeadais a mhaolú. Forghníomhaítear díorthaigh i gcomhlíonadh leis an tsonraíocht arna heisiúint ag an Aire Airgeadais de bhun an 'Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992'.

Is ar bhonn babhtála, go príomha, a shocraítear fiachas foriomlán an Ghrúpa. Ba é €224 milliún an ghlaniasachtaíocht ab airde a bhí ag an gcuideachta le linn na bliana, i mí na Nollag 2015, rud a sheasann i gcomparáid le buaicmhéid na bliana roimhe sin €214 milliún. Tharla an iasachtaíocht is airde nuair a rinneadh infheistiú i gcomhfhiontair feirm ghaoithe Sliabh Bán le Coillte. B'ionann costais airgead €19.6 ais agus €19.6 milliún, €3.8 milliún níos airde ná an bhliain roimhe mar go raibh €3.1 milliún úis caipitilthe ann i 2015. Bhí costas airgeadais €4.7 milliún ann, méid a bhí €1.7 milliún níos airde ná an bhliain roimhe de bharr ioncam breise €1.9 milliún ar na babhtálacha trasairgeadra toisc dollar na Stát Aontaithe a bheith níos láidre i 2016 i gcomparáid le 2015, rud a fhritháirigh ús ar thaiscí níos lú de bharr rátaí úis an mhargaidh a bheith níos ísle.

Ag deireadh na bliana, bhí \$273 milliún (€241.8 milliún) d'fhiachas ráta sheasta ag an nGrúpa a cruinníodh ar an margadh fiachais faoi láithriú príobháideach sna Stáit Aontaithe. Chun fálú a dhéanamh ar na neamhchosaintí a bhaineann le ráta malairte dollar Mheiriceá agus chun na bunrátaí úis a thiontú ina rátaí seasta, chuaigh an Grúpa i mbun babhtála trasairgeadra cúpla uair chun próifíl aibíochta an fhiachais sin a chomhoiriúnú. Tá \$85 milliún (€75 milliún) le haisiú i Meitheamh (€53 milliún) agus Lúnasa (€22 milliún) 2016.

Ba mar seo a leanas a bhí an phróifíl aibíochta fiachais ag deireadh na bliana airgeadais: 31% le haisiú i mbliain airgeadais 2017, 16% le haisiú i 2018, 29% le haisiú i 2019, agus 29% le haisiú i 2020.

Bhí gearáil ag 55% ag deireadh na bliana i gcomparáid le 57% ag tús na bliana ag léiriú infheistíochtaí caipitil agus comhfhiontair.

Michael Barry

Príomhoifigeach Airgeadais

Chaith Bord na Móna €7.5 milliún ar thaighde agus ar fhorbairt in 2016 lena n-áirítear forbairt gnó gan deontais a chur san áireamh



Athbhreithnithe Gnó Bithmhais

Aithníonn muid soláthar Bithmhaise mar riachtanas straitéiseach san aistriú ó sholáthar fuinnimh bunaithe ar mhóin. Is é an gá leis an aistriú i stáisiún cumhachta Éadan Doire a chríochnú chun go gcaileodh sé don REFIT 3 nuair a tháinig deireadh le tacaíocht Oibligeáid na Seirbhíse Poiblí ("OSP"), i mí na Nollag 2015 a spreagann é seo. Fágfaidh stáisiúin an BSL, Stáisiún Cumhachta Loch Rí agus Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar córas reatha OSP in 2019. Braithfidh a n-inmharthanacht go mór ar chumas Bhord na Móna méideanna riachtanacha de bithmhais ar ardchaighdeán a sholáthar ar bhonn chostéifeachtúil. Beidh bithmhais mar chuid riachtanach de na táirgí laistigh dár ngnóthaí Breoslaí agus Gairneoireachta agus muid ag forbairt agus ag tráchtáilú táirgí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht.



Spléachadh ar 2016

Bunaíodh an fo-roinn Bithmhaise in 2015 mar aonad gnó ar leith le struchtúr bainistíochta agus oibríúcháin dá chuid féin, ar an gcaoi sin ag cinntiú go ndíreofaí mar is cuí ar an ngnó sár-thábhachtach seo.

Príomh-réimsí ar díriodh orthu i rith na bliana:

Forbairt ar an slabhra soláthair bithmhaise in Éirinn;

Foinsí idirnáisúnta nua bithmhaise a aithint (foinsí inbhuanaithe slis adhmaid féideartha san Afraic san áireamh); agus,

Roghanna infheistíochta i saoráid déantúsaíochta millíní adhmaid sna Stait Aontaithe a scrúdú.



Dearcadh

Tá seans maith go mbeidh riachtanas de os cionn 1.5 milliún tonna bithmhaise sa bhliain orainn sa todhchaí. Is dúshlán mór slabhra soláthair a fhorbairt a bheidh iontaofa agus éifeachtúil ó thaobh costas de agus beidh foinsí Éireannacha agus idirnáisiúnta i gceist leis.

- Slabhra soláthair Éireannach ar a mbeidh: fuóll muillte sábhadóireachta, saileach ó shaothróirí áitiúla agus lomáin láin adhmaid a chuirfidh Coillte go príomha ar fáil;
- Ag oibriú leis an bpobal feirmeoireachta agus le gníomhaíochtaí Rialtais chun tionscail fáis sailí a fhorbairt. Beidh gá le meicníochtaí cuí Rialtais faoina choinne seo chomh maith le clár a bheidh struchtúrtha go maith chun an deis a chur ar aghaidh. Tá Bord na Móna tiomanta ceannas a ghlacadh ar an tionscnamh seo.
- Foinsí idirnáisiúnta inbhuanaithe le béim ar shlisadhmaid ón Afraic; agus,
- Tá seans go mbeidh gá go ndéanfaidh Bord na Móna infheistíocht i ndéantús millíní adhmaid sna Stáit Aontaithe le cinnteacht fadtéarmach soláthair a bheith ann ar bhonn éifeachtúil ó thaobh costais de. Tugann ár n-anailís faoi ndeara gurb iad stáit Oirdheiscirt na Stáit Aontaithe an suíomh is fearr mar go bhfuil neart adhmaid le fáil san áit.

Creidimid go dtugann ár straitéis deis fáis bhríomhar agus leithleach do Bhord na Móna bheith ina cheannaire san earnáil bhithmhaise in Éirinn, agus go gcabhróidh sé le polasaí an Rialtais i leith fuinneamh in-athnuaite a chur i gcrích.

Patrick Madigan, Ceann Bithmhaise



Rinneadh 330,000 tonna a aimsiú



**Ráta comh-
adhainte iarbhír
28.7%**



Athbhreithnithe Gnó

Giniúint Cumhachta

Forbraíonn agus oibríonn gnó Giniúna Cumhachta Bhord na Móna punann sócmhainní teirmeacha agus inathnuaite, ag giniúint 1.2 uaire teireavata ("TWh") leictreachais a dhíoltar ar an margadh mórdhíola. Tá an gnó seo mar phríomh-thiománaí i straitéis an Ghrúpa tiomáint i leith todhchaí inbhuanaithe. Le beagnach 50% den leictreachas a ghinimid anois mar leictreachas atá neodrach ó thaobh carbóin de, beidh an gnó Giniúna Cumhachta ar thús cadhnaíochta i mBord na Móna mar ghineadóir fhuinnimh in-athnuaite ar oileán na hÉireann.

Cuimsíonn an punann oibriúcháin aonad giniúna móna/bithmhaise Éadan Doire, buaicstáisiún Chois Loinge, feirmeacha gaoithe Bhéal Átha Chomhraic, Dhroim Cáithe agus na Breacánaí, agus saoráid ghás líonta talún an Droichid. Tá an Gnó Giniúna Cumhachta i mbun forbartha Sliabh Bán, feirm ghaoithe 64 meigeavata ("MW") atá lonnaithe i Ros Comáin, i gcomhfhiontar le Coillte, agus an Abhainn Bhuí, feirm ghaoithe 172 MW i gContae Mhaigh Eo, i gcomhfhiontar leis an BSL.



Spléachadh ar 2016

Tháinig deireadh le meicníocht tacaíochta Oibligeáid na Seirbhíse Poiblí ("OSP") maidir le stáisiún cumhachta Éadan Doire i Mí na Nollag 2015.

Thaispeáin muid cumas stáisiún cumhachta Éadan Doire comhadhaint le bithmhais ag ráta 37%, agus tréimhse feidhme fós ag an stáisiún. Beidh an stáisiún ag rith ag an ráta seo an bhliain ar fad in 2017.

Cheannaigh Powergen Development bun 50% i bhfeirm ghaoithe Sliabh Bán;

Ba í seo chéad bhliain iomlán oibriúcháin feirmeacha gaoithe Dhroim Cáithe agus na Breacánaí;

Dheimhnigh BSL go ndéanfadh sé iarratas ar phleanáil chun leanúint le hoibriúcháin ina dhá stáisiún cumhachta in Uíbh Fhailí Thiar agus ag Loch Rí i ndiaidh 2019;

Rinneadh an chéad teagmháil leis na húdaráis plenála maidir le feirm ghaoithe 70 MW Chluain Críon.



Dearcadh

Tá dúshláin mhóra ag gabháil le cead pleanála a fháil do thionscadail infreastruchtúir mhóra, rud a chuirfidh moill ar chur i gcríoch phríomhinfheistíochtaí infreastruchtúir, lena n-áirítear feirmeacha gaoithe. Leanfaidh stáisiún cumhachta Éadan Doire ar aghaidh ag feidhmiú faoi bhac Ard Cúirte go dtí 14 Deireadh Fómhair, ar feitheamh cinneadh an Bhord Pleanála maidir lenár n-iarratas cead pleanála an stáisiúin a shíneadh go dtí 2030.

Tá tionchar díobhálach ag Pragasanna Imeacha Córtais Reatha leictreachas ar bhrabúsacht stáisiún cumhachta Éadan Doire. Tá lagú de €17 milliún agus €6.1 milliún faoi seach ar luach iompair stáisiún cumhachta Éadan Doire agus buaicstáisiún Chois Loinge i ráitis airgeadais 2016 mar thoradh ar an tuar mífhábharach ar phraghasanna leictreachais agus an laghdú dealraitheach a bheidh sa Phota Íocaíochta Acmhainne de bharr an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite atá pleanáilte a thabhairt isteach in 2018.

Príomh-fhócas leis na blianta beaga anuas is ea dul i dteagmáil leis na pobail áitiúla maidir le tionscadail mhóra fuinnimh bonneagair trí chomhairliúchán poblí leanúnach, chun déileáil lena n-imní agus a bhfuiltear ag súil leis i ngach tionscadal a bhaint amach. Cé nach bhfuil gá leis an ngafacht seo ó thaobh riachtanais rialála de, is céim an-dearfach i gcomhairliúchán ciallmhar agus dáiríre í agus tá sé ar intinn againn leanúint ar aghaidh leis an infheistíocht.

Príomhstraitéis don ghnó is ea ár bpunann socmhainní giniúna athnuaite a fhorbairt. Cé go leanfaidh muid le infheistíocht i dtionscadail bunaithe ar ghaoth agus bithmhais, táimid ag scrúdú cumas forbartha thionscadail gréine ar scála mór ar thailte Bhord na Móna.

John Reilly, Ceann Forbartha an Ghnó Giniúna

Tom Egan, Ceann Oibríochtaí an Ghnó Giniúna Cumhachta



**Láimdeachas
€103.4 milliún**



**Rinneadh 1.2 TWh
cumhachta a
ghiniúint**



**48.3% fuinneamh
athnuaite**



**Bithmhais chomh-
adhainte iarbhír
28.7%**



Athbhreithnithe Gnó

Aisghabháil Acmhainní

Is gnó comhtháite bainistíochta dramhaíola é gnó Bhord na Móna chun Aisghabháil Acmhainní a chuireann seirbhís bailiúcháin ar fáil mar aon le seirbhís athchúrsála, múirínithe agus diúscairthe iarmharaí i líonadh talún le haghaidh gach sruth dramhaíola neamhghuaisí a thagann ó fhoinsí tráchtála agus baile. Is príomh riachtanas straitéiseach in uailmhian Bhord na Móna é an gnó seo a fhás agus a fhorbairt mar Ghrúpa inbhuanaithe sa todhchaí.

Oibrítear na seirbhísí bailiúcháin dramhaíola faoin mbranda AES a sholáthraíonn seirbhís iomlán bainistíochta dramhaíola tí i réigiúin Lár na Tíre, an Oirthuaiscirt, an Oirdheiscirt agus an Iarthair Láir le os cionn 103,000 custaiméir, chomh maith le seirbhís bainistíochta dramhaíola tráchtála le 4,000 custaiméir eile ar fud na tíre. Oibríonn an gnó saoráid bhainistíochta dramhaíola an Droichid i gCo. Chill Dara freisin. Cuirfidh a thuilleadh forbartha ag an Droichead ar chumas Bhord na Móna saoráid aisghabhála inbhuanaithe atá lonnaithe go straitéiseach a chur ar fáil, rud a chabhróidh le beartais an Rialtais maidir le dramhaíl a chóireáil go freagrach. Cinnteoidh sé seo maraon le forbairt agus fás ghnó bailiúcháin dramhaíola AES go mbeidh Bord na Móna ar an bpríomh oibreoir Aisghabháil Acmhainne in oileán na hÉireann.



Spléachadh ar 2016

Dhaingnigh AES a staid mar príomh oibreoir i Lár na Tíre le linn 2016;

Ó Eanáir 2016, tháinig laghdú ar acmhainneacht cheadúnaithe Líonadh Talún an Droichid ó 360,000 tonna in aghaidh na bliana go 120,000 tonna, mar a bhí tuartha;

Lean an gnó ag díriú ar éifeachtúlacht costais a bhaint amach trí bharrfheabhsú bealaigh a dhéanamh ar bhealaí bailiúcháin baile;

Tá an gnólacht ag ullmhú le haghaidh táillí 'Íoc de réir Meáchain' a ghearradh ar theaglaigh



Dearcadh

Rinneadh an córas 'loc de réir Meáchain' san earnáil tí a chur ar athló ar feadh bliana tar éis idirghabháil Rialtais. Beidh comhcheangal níos dlúith idir brandaí AES agus Bhord na Móna sa bhliain amach romhainn. Cuirfidh branda Bhord na Móna le branda agus bonn custaiméara AES trí neart a cáile agus iontaoibh níos mó. Tabharfaidh saoráid bhainistíochta dramhaíola an Droichid faoi sruthanna dramhaíola níos inbhuanaithe a phróiseáil. Tá muid dóchasach gur féidir feidhmíocht oibriucháin ár ngnó a choimeád trí sheirbhís custaiméara ar fheabhas, gafacht leanúnach, cumarsáid agus trédhearcacht a bheith againn lenár gcustaiméirí.

Ciaran Brady, Ceann an Ghnó Aisghabhála Acmhainní



**Láimhdeachas de
€95.5m**



**73% atreorú
líonadh talúin**



**1 m tonna
próiseáilte**



**107,000
custaiméir**



Athbhreithnithe Gnó móin

Soláthraíonn gnó na móna móin mhillte chuig staisiún cumhachta Éadan Doire agus chuig dhá staisiún BSL in Uíbh Fhailí Thiar agus ag Loch Rí. Soláthraíonn an gnó móin do na gnóthaí Gairneoireachta agus Breosla freisin chun earraí meáin fáis agus brící móna a dhéanamh do na margáí gairmiúla agus miondíola.



Spléachadh ar 2016

Tháinig meicníocht tacaíochta Oibligeáid na Seirbhíse Poiblí ("OSP") maidir le móin a sholáthar do staisiún cumhachta Éadan Doire chun críche i Mí na Nollag 2015;

Thángthas ar chomhaontú le fostaithe chun laghdú costais agus athruithe i gcleachtais oibre atá riachtanach a bhaint amach chun gnó móna inmharthana a chinntiú nuair a thiocfaidh deireadh le na meicníochtaí tacaíochta OSP atá fannta maidir le staisiúin cumhachta BSL i 2019.

Athstruchtúrthú mór ar an ngnó le súil éifeachtúlacht níos fearr agus costais oibriúcháin níos ísle a bhaint amach;

Lean an gnó ar aghaidh ag freastal ar riachtanais chustaiméirí in aineoinn níos mó báistí ná mar a taifeadadh riamh agus tuillte thar míonna an gheimhridh, rud a ba chúis le cailteanais stoic mhóna.





Dearcadh

I 2015, d'fhoilsigh Bord na Móna ár dtuarascáil inbhuanaitheachta, "Inbhuanaitheacht 2030", a leagan amach rún an Ghrúpa deireadh a chur le fómhar móna le haghaidh giniúna fuinnimh roimh 2030. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an OSP do staisiún i 2019, tá sé ceaptha go mbeidh siad comh-aidheanta le bithmhais ar bhonn cosúil le stáisiún cumhachta Éadan Doire. Cuirfidh sé sin laghdú suntasach ar an méid móin mhillte a bheidh ag teastáil agus beidh costais táirgiúla níos lú chun a chinntiú go mbeidh gnó na móna inmharthana go heacnamaíoch go 2030. Tá an t-aistriú chuig an múnla oibriúcháin nua seo ag dul ar aghaidh de réir plean. Tabharfaidh rialáil bhaint mhóna atá ag teacht tuilleadh dúshláin don ghnó. Tá muid dóchasach go mbeidh na hathruithe atá iarrtha curtha i bhfeidhm faoi 2019.

Paul Riordan, Ceann na Móna



**Láimhdeachas de
€85.8m**



**3.4 m tonna
sábháilte**



Athbhreithnithe Gnó

Gairneoireacht



Spléachadh ar 2016

Tá conradh solathair trí bliana faighte ag an ngnó leis an ngrúpa ionaid garraíodóireachta is mó sa Ríocht Aontaithe;

Thainig fás de 20% ar bhranda “Bord na Móna Growise” i margadh an Ríocht Aontaithe;

Bhí sé mar thoradh ar ár leanúint ag díriú ar mhargaí nua a fhorbairt gur thainig fás ar dhíolachain chuig an tSín agus an Téaváin;

Lean an gnó lena gcompháirtíocht le B&Q, ar fud na Ríocht Aontaithe agus in Éirinn; agus,

Cuireadh tús le próiseas le barrfheabhas a chur ar an slabhra solathair miondíola le súil costais níos ísle déantúsaíochta agus dáileacháin a bhaint amach le cumas feabhsaithe chun riachtanais ar gcustaiméirí a shásamh.

Tá an rannóg Gairneoireachta dírithe ar tháirgí téimh agus gairneoireachta a dhíol agus a mhargú do mhargaí miondíola in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus ar mhargaí gairmiúla go háirithe in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip agus, dá réir sin, réitigh nuálacha táirgí agus soláthair a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais chustaiméirí. Onnmhairíonn an gnó táirgí meáin fáis chuig os cionn 30 tír. Is é ár sprioc a bheith mar phríomh sholáthraí sna margáí ar a ndéanann muid freastal.





Dearcadh

Creidimid go gcuirfidh an margadh gairneoireachta, na hearnálacha gairmiúla agus miondíola araon cumas fáis tarraingteach ar fáil sa todhchaí do Bhord na Móna. Bainfear é seo amach san earnáil ghairmiúil trí oibriú go dlúth lenár gcustaiméirí chun táirgí nua a bheidh bunaithe ar ár n-acmhainní leithleacha d'ardchaighdeán a fhorbairt agus a thabhairt isteach. Chomh maith táimid ag cioradh agus ag dul isteach i margáí tíreolaíochta nua. Bainfear fás amach go horgánach agus trí fhaltais sprioctha i gcatagóirí tairgí nua agus cinn atá ann cheana san earnáil miondíola. Ina theannta sin, leanfaidh muid ag díriú ar bharrfheabhais a chur ar ár slabhra soláthair in 2017.

Gerry O'Hagan, Ceann Gairneoireachta




**Láimhdeachas de
€58.9m**



**Úsáideann 1 as
4 garraíodóir sa
Ríocht Aontaithe
táirgí Bhord na
Móna**



easpórtáil go 32 tír



Athbhreithnithe Gnó

Breosla

Is é Bord na Móna an príomh dhéantóir agus dáilitheor tháirgí bhreosla sholadach laistigh den mhargadh teasa cónaitheach in Éirinn agus leanann sé ag coinneáil a Bhranda Uimh.1 i margadh na hÉireann. San áireamh in ár bpunann tá Peat Briquette Íocónach Bhord na Móna, Black Diamond Coal agus réimse táirgí breosla pacáistithe ar nós Firelog agus Firepak . Is comhbhall criticiuil dár dtiomantas é an nuálaíocht táirge nua le brú chun cinn chuig todhchaí inbhuanaithe . Ag teacht leis an gcur chuige seo, tá táirgí nua, lena n-áirítear ár dtáirgí Adhmaidh agus Soirn, á gcur ar fáil againn, agus tá muid ag forbairt ár dtáirgí ghuail gan toit.



Spléachadh ar 2016

Bhí tionchar díobhálach ar phraghas margaidh ola, a bhí ag an bpointe is ísle le deich mbliana, ar mhéid díolacháin bhreoslaí soladacha;

Rinne an gnó dul chun cinn maith ar a phlean chun saoráid ghuail gan toit a thógáil ag Faing agus táimid ag fanacht leis an toradh deireadh ar an iarratas pleanála;

Ritheadh feachtas margaíochta láidir i 2016 rud a neartaigh staid Bhord na Móna mar cheann brandaí ar an margadh; agus,

Rinne muid infheistiú i bhforbairt táirgí athnuaite nuálacha le freastal ar éilimh mhargaí agus riachtanais tomhaltóirí sa todhchaí i dtimpeallacht rialála atá ag athrú an t-am ar fad.



Dearcadh

Tá dúshláin mhóra ag teacht roimh thionscal an bhreosla soladaí ó roinnt foinsí, rialáil mhéaduithe agus brú iomaíochta san áireamh. Mar gheall ar an gcáin ar charbón a ghearrtar anois ar bhreosla soladach tá praghsanna miondíola níos airde ar tháirgí guail agus brícíní móna, rud a bhfuil tionchar díobhalach dá bharr ar dhíolacháin.

Ó tugadh bac isteach ar ghual deataithe, tá fofheidhmiú cuí riachtanach chun an margadh a rialú agus a chur ar chumas phríomh-imreoirí margaidh iomaíocht ar bhonn cothrom. Tacaíonn Bord na Móna le rialáil chuí agus creidimid gur chóir é a chur i bhfeidhm go seasta.

Tá an gnó breosla, arb é branda Uimh. 1 é agus an táirgeoir agus allmhaireoir bhreosla soladach is mó in Éirinn, tiomanta ar malairtí iomaíocha agus imbhuanaithe ar bhreoslaí traidisiúnta atá i gceann an mhargaidh a fhorbairt.

Eddie Scaife, Ceann Breoslaí



**Láimhdeachas de
€85.8m**



**Díolacháin brícíní
agus gual 315k tonna**



**800,000
tomhaltóir**



**Breoslaí gan toit/
bithmhais ab ea
68% de na breoslaí
a díoladh**

Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Is í inbhuanaitheacht a ritheann ár ngnó. Cialaíonn inbhuanaitheacht gnóthaí a fhorbairt a thugann brabach fadtéarmach ar bhealach inbhuanaithe sóisialta agus i leith na timpeallachta a chinnteoidh todhchaí Bhord na Móna.



Freagracht Shóisialta Chorporáideach

(ar lean)

Timpeallachta

Aithníonn Bord na Móna go bhfuil freagracht aige i leith an tionchair atá ag a chuid oibríochtaí ar Bithéagsúlacht agus go gcaithfidh sé iarracht leis na tionchair sin a laghdú. Ba mhór an onóir dúinn go mbronnfaí orainn maoirseacht cheantar suntasach de thailte móna na hÉireann; de bharr an dlúthbhaint atá againn le na portaigh, tuigean muid go maith gur gá bainistíocht chúramach a dhéanamh orthu amach anseo tríd plean athchóirithe a chur i bhfeidhm.

Ag teacht leis an gcur chuige seo, d'fhorbair muid an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2010-2015 tar éis plé shonraitheach le páirtithe leasmhara a raibh suim acu ann, ar a raibh údarais áitiúla, eagraíochtaí neamh rialtasacha, saineolaithe cuí in ollscoileanna, eagraíochtaí eile ar nós Coillte, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, srl., Bhí muid ar an gcéadeagraíocht chorporáideach nó tráchtála Stáit le plean mar sin a fhoilsiú. Bhí muid tiomanta ar spriocanna sonracha agus thug muid tuairiscí bliantúla do pháirtithe leasmhara ar dhul chun cinn.

Ar na príomh ghnóthachtálacha idir 2010 agus 2015 bhí:

- **Bithéagsúlacht agus éiceolaíocht a chorprú sna próisis cinnteoireachta agus in oibríochta laethúla Bhord na Móna;**
- **Aird a tharraingt ar ghnáthóga agus speiceas cosanta i bportaigh Bhord na Móna chun a gcaobhnú a chinntiú;**
- **Tús a chur le hathchóiriú ar os cionn 1,000 ha de phortach ardaithe agus le raon oibreacha athnuachana ar lagphortaigh; ag cur san áireamh an obair a rinneadh roimh 2010, rinneadh athchóiriú agus athshlánú ar timpeall agus 12,000 ha talún ag teacht le spriocanna idirnáisiúnta, AE agus Náisiúnta; agus,**
- **tuisctint níos fearr ar luach na bithéagsúlachta laistigh de Bhord na Móna agus sna pobail atá in aice láimhe linn.**

AD'fhoilsigh muid Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2016-2021, ag tógail ar an rath ar an gcéad phlean tar éis comhairliúcháin shonracha le páirtithe leasmhara. Leagann an plean nua gníomhartha amach, ar a bhfuil:

- **Cabhrú leis an Straitéis Tailte Móna Náisiúnta a sheachadadh;**
- **Béim a chur ar phointí te bithéagsúlachta agus ar líonra inbhuanaithe don nádúr in Éirinn;**
- **Coincheap an chaipitil nádúrtha a chur chun cinn;**
- **Athshlánú fadtéarmach leanúnach ar lagphortaigh agus cur leis an ngréasán phortaigh ardaithe athchóirithe;**
- **Treoirilínte dea-chleachtas a fhorbairt do gach cineáil talamh portaigh;**
- **Tacaíocht a thabhairt do thosca astaíochtaí gáis ceaptha teasa a fhorbairt; agus,**
- **Feasacht agus oideachas ar bithéagsúlacht a chur chun cinn i scoileanna agus i bpobail.**

Tá muid tiomanta go hiomlán don phlean seo agus do na spriocanna a leagadh amach a bhaint amach agus tabharfaidh muid tuairisc dár bpáirtithe leasmhara ar dhul chun cinn ar nós an Phlean a bhí níos luaithe.



Bithéagsúlacht agus éiceolaíocht a chorprú sna próisis cinnteoireachta agus in oibríochta laethúla Bhord na Móna.



Sóisialta

Carthanachtaí

Baile Bhairéid - Imeachtaí Loch na Buaráí

“Tá riméad ar Bhaile Bhairéad gur roghnaíodh é mar chomhpháirtí carthanachta do Lá Teaghlaigh Loch na Buaráí. Bhain muid an-tairbhe as an lá iontach seo le ceithre bliana anuas agus is mór an chabhair dúinn an t-airgead a bhailítear. Caithfidimid €4.8 milliún a bhailiú gach bliain chun ár seirbhísí a sholáthar, seirbhísí atá saor in aisce do pháistí agus dá dtuismitheoirí. Ba mhaith linn ár gcampa a leathnú amach sna blianta amach romhainn chun freastal ar ghrúpaí eile le tinnis, chun an campa a leathnú trí mhíonna an gheimhridh agus, níos tábhachtaí, chun ár liostaí feithimh a laghdú. Is trí comhpháirtíochtaí mar seo gur féidir linn é sin a dhéanamh. ”D’fheil an chomhoibriú le Bord na Móna thar cionn dúinn - lá teaghlaigh ‘spraoiúil dáiríre’ a léiríonn go díreach céard é ár n-eagraíocht - eagraíocht le teaghlach agus pobal mar chroí-lár.”

Dee Aherne - POF Bhaile Bhairéid

Cromghlinn - AES

“Tá Children’s Medical & Research Foundation (CMRF), Cromghlinn, an-bhuíoch a bheith mar chomhpháirtí ag AES Bord na Móna arís i mbliana. I 2014, dheonaigh AES Bord na Móna €50,000 do CMRF Cromghlinn tríd an gcomhpháirtíocht charthanachta. Bhain Barda Naomh Eoin in Ospaidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, tairbhe díreach ón deontas seo. Chabhraigh an deontas seo linn an t-aonad oinceolaíochta a uasghrádú go hiomlán le trealamh den chineál is úire, seomraí leapa en suite, cistin nua do thuismitheoirí agus ionad do dhéagóirí. Déanann na rudaí seo ar fad an-difriocht do na hothair ailse bheaga atá faoinár gcúram agus lena gclann atá ag gabháil tríd tréimhse fíor-dheacair. I 2016, caithfear na deontais a thagann ó íocaíochtaí a dhéanann custaiméirí AES Bord na Móna ar líne ar uasghrádú Rannóg na nOthar Seachtrach. Tá an chuid seo de Ospaidéal na Leanaí, Chromghlinn, 60 bliain d’aois agus tá géarrgá uasghrádú a dhéanamh air.

Is tionscnamh iontach maith comhpháirtíocht charthanachta AES Bord na Móna agus ligean sé don chuideachta agus do chustaiméirí ar fud na hÉireann fíorthionchar dearfach a bheith acu le chéile ar shaolta dhaoine. Thar cheann chuile dhuine aneo i gCromghlinn, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le AES Bord na Móna as CMRF Chromghlinn a thacú i 2016. Is é an prionsabal creidimh a thiománann CMRF Chromghlinn ná gur chóir do gach leanbh tinn an seans is fearr a fháil. Cabhróidh bhur dtacaíocht leanúnach linn ár misean cúram sláinte a fheabhsú don ghlún leanaí tinn seo agus do na glúnta atá le teacht a chomhlíonadh.”

Mary McGrane - Children’s Medical & Research Foundation



Freagracht Shóisialta Chorparáideach

(ar lean)

Scoileanna

Scéim phiolóta Eco Rangers Bhord na Móna



“Eco Rangers: Thug coimeádaithe na dtailte níos mó feasachta do pháistí ar a dtimpeallacht aitiúil.”

Michelle Doherty, Scoil Náisiúnta na gCailíní, Léim an Bhradáin

Tionscnamh Bhithéagsúlachta na Meanscoileanna arna tacú ag Bord na Móna

“Sa saol seo faoi thionchar tomhaltóirí, tá nós ann dearmad a dhéanamh dar an damáiste atá a dhéanamh againn dár n-éiceachórais. Mar sin, is an-éacht go deo é go raibh an tsuim agus an léargas ag triúir cháilín sna déaga ó Chóláiste Phobail Áth Luain mionstaidéar a dhéanamh ag cur i gcomparáid astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus comhdhéanaimh bhitheolaíochta i bportaigh dhraenáilte agus athfhliuchta. Ghnóthaigh siad an chéad áit ina gcatagóir ar eolaíochtaí bitheolaíoch ag taispeántas eolaí óg BT i Mí Eanáir agus ghnóthaigh siad an duais EPA ar an iomlán freisin. Ghnóthaigh an grúpa an catagóir sinis sa chomórtas tuairim mhaith amháin SEAI i Mí na Bealtaine freisin. Fuair na cailíní saineolas luachmhar i réimsí thaighde páirce, anailís ar bhunachar páirce, speicis planda a aithint agus níos tábhachtaí an tábhacht atá le tailte móna chun ár n-éiceachórais a rialú.”

Leo Smith, Coláiste Phobail Áth Luain





Saoráidí

Droim Cáithe

“Faigheann ár gclub tairbhe mhór ó Scéim Gnóthacháin Dhroim Cáithe. Fuair muid €1,000 i 2015 a d’úsáid muid le Clog Uainiúcháin a cheannach, agus chuidigh sé seo lenár mballraíocht mar gur thug muid an clog ar iasacht do thiomsú airgid 5Km áitiúil rud a mheall baill nua. I 2015, d’eagraigh muid rith 5Km ar éirigh go han-mhaith leis ar fheirm ghaoithe Dhroim Cáithe agus lainseáil muid ár gClog Uainiúcháin le linn an imeachta seo. Baineann baill an chlub úsáid as an Fheirm Ghaoithe i gcomhair traenála agus baineann siad taitneamh as a bheith ag rith ansin mar gheall ar an nádúr sábháilte agus síochánta atá san áit. Baineann ár mbaill tairbhe as an leagan amach atá ar chosáin siúlóide mar go bhfuil fad idir bealaí tomhaiste agus go bhfuil siad le feiceáil ar mhapaí ag pointí éagsúla ar na cosáin siúlóide. Fuair muid €1,000 eile i 2016 a d’úsáid muid le Clicire Uainiúcháin a cheannach, bainfear úsáid as seo i gcomhair ár n-imeachtaí 5K agus ní bheidh orainn a bheith ag fáil clicire ar cíós ó chuideachtaí lasmuigh, rud a bhfuil costas leis.

Tá léirthuisicint ag ár mbaill ar an tsaoráid atá acu ar leac an dorais agus tá siad ag tnúth le bheith ag baint taitneamh as Feirm Ghaoithe Dhroim Cháithe dóibh féin agus do ghlúine atá le teacht.”

Club Lúthchleasa Naomh Mhuire , Daingean

Comhpháirtíochtaí Pobail

Loilíoch Mór

“Le blianta beaga anuas, chabhraigh an tacaíocht a fuair an Pháirc ó Bhord na Móna go mór le Loilíoch Mór a bhunú mar phríomháit saoire i lár tíre.

Bhí páirt lárnach ag Loilíoch Mhór i dtionsclú luath thailte móna agus chuir sé sin athrú drámatúil ar an stair socheacnamaíoch in ár gceantar lár tíre. Chabhraigh Bord na Móna linn maidir le léas fadtéarmach ar lagphortach thailte móna gar don Pháirc, le tacaíocht leanúnach dár dtionscadail bithéagsúlachta agus oidhreachta thionsclaíoch agus le maoiniú airgeadais trí Dheontas Pobail an Droichid.

Chabhraigh sé seo go mór linn le stair leithleach dhaoine áitiúla agus na dtailte móna atá mórthimpeall Loilíoch Mór a nochtadh - seo an scéal atá againn le hinsint agus anois beidh muid in ann é a hinsint níos fearr ná mar a bhí riamh cheana.

Ray Stapleton, Bainisteoir Ginearálta, Páirc Oidhreachta an Loilíoch Mhóir

Freagracht Shóisialta Chorparáideach

(ar lean) Éifeachtúlacht Fuinnimh

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh Bhord na Móna i mbliain féilire 2015

Ba leictreachas, díosal bóthair agus ola gáis an fhuinneamh iomláine is mó a húsáideadh san idiú fuinnimh a tuairisceadh do SEAI i 2015. Léiríonn sé seo príomhfheidhmithe na ngníomhaíochtaí a bhfuil gá iad a fhógairt go bliantúil - tá flít bóthair mór againn idir a bheith ag athrú móna agus ag bailiú dramhaíola, baineann muid úsáid as ola gáis agus muid ag sábháil móna, agus ídítear leictreachas i níos mó ná 160 suíomh.

I 2015, thuairiscigh Bord na Móna, mar chomhlacht earnála poiblí, úsáid de shonraí fuinnimh de:

- 14,898 MWh leictreachais;
- 31,788 MWh díosal bóthair;
- 22,892 MWh díosal marcáilte (neamh-theite)

Gníomhartha ar tugadh fúthu in 2015

I 2015 thug Bord na Móna faoi raon tionscnaimh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, ar a bhfuil:

- Leibhéil ghníomhaíomhta ardaithe gan athrú ar mhéid an fhuinnimh a úsáideadh - tháinig feabhas ar ár dtáscaire um Fheidhmíocht Fuinnimh dá bharr;
- Rinneadh méid níos mó MWh de leictreachas a easportáil a bhí ar aon chur le hionchur bithghás de bharr an tionscnaimh ghlantacháin bithgháis nuálaíoch a cuireadh i bhfeidhm ag ár láithreán líonadh talún;
- Táirgíodh fuinneamh in-athnuaite ag ár gceanncheathrú sa Droichead Nua tar éis aonad fótavoltach gréine a shuiteáil;
- Ghnóthaigh ár n-oibríochtaí feirme gaoithe an caighdeán éifeachtúlachta fuinnimh ISO 50001 de bhua an Ghnó Ghiniúna Chumhachta;
- Choinnigh an Gnó Móna caighdeán ISO 50001 ag Cluain Creamha tar éis iniúchadh inar sonraíodh coigiltis fuinnimh;
- Tá tiomantas ag gach gnó Bord na Móna caighdeán ISO 50001 a bhaint amach, tiomantas atá á thacú ag an SEAI;
- Tús le athcóiríú na n-inneal traenach;
- Barrfheabhas ar na bealaí bailithe dramhaíola sa ghnó Aisghabháil Acmhainní
- Feabhas ar mhonatóireacht agus tomhas idiú breosla feithiclí le córas nua ;
- Suiteáil soilsiú LED i staisiún aistrithe an Lusca; agus,
- Chun lánúsáid a bhaint as an bhflít agus ídiú breosla a laghdú, cuireadh i láthair ar chúrsaí áirithe lorráithe bailithe dramhaíola atá in ann dramhaíol in-athchúrsáilte agus dramhaíol scagtha a bhailiú ag an am céanna.

Cabhraíonn na bearta coigilt fuinnimh seo le Bord na Móna coinneáil ar an mbóthar ceart chun go n-éireoidh leis cuspóirí na hEarnála Poiblí a bhaint amach i 2020..

Gníomhartha atá beartaithe i gcomhair bhliain féilire 2016

I 2016 agus níos faide anonn, tá rún daingean ag Bord na Móna a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tríd na bearta a leanas a chur i bhfeidhm:

- Leanacht ar aighaidh leis an dtiomantas chun caighdeán éifeachtúlachta fuinnimh ISO 50001 a bhaint amach;
- Coire bithmhaise 500 kileavat a chur in áit coire an chórais téimh atá ann faoi láthair ag saoráid an Droichid Nua. Ag cur san áireamh meicníochtaí rialaithe agus caidéal nua, meastar go ndéanfar coigiltas de thart ar 60,000 KWh fuinnimh agus go mbeidh laghdú 180 tonna ar astaíochtaí carbóin dé-ocsaíde;
- Tá rún ag an Gnó Giniúna Cumhachta úsáid na saoráide láimhseála bithmhaise in Éadan Doire a fheabhsú chun dóchán iomlán a fheabhsú agus déine carbóin an staisiúin a laghdú;
- Tar éis oibriú mapála sreabhaidh luacha a dhéanamh ar an ghnó Móna, tá roinnt tionscnamh ar siúl a d'fhéadfadh cabhrú le coigilt fuinnimh a dhéanamh: feabhas ar úsáid bhataire feithiclí, optamú ar luas an bhráca, feabhsuithe ar oibriú na mbuainteoírí agus giniúint leictreachais mhalartach ag crosairí comhréidh cianda; agus,
- Tá sé i gceist mionanailís sa bhreis a dhéanamh ar úsáid fuinnimh sa ghnó Móna agus Aisghabhála Acmhainní chun deiseanna eile a shonrú chun ídiú a laghdú.

Bord na Móna & Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS)

Cuireann an Scéim Oibleagáid um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEOS) dualgas ar sholáthraithe fuinnimh cuspóirí bliantúla coigilt fuinnimh áirithe a chomhlíonadh sna hearnálacha cónaithe, tráchtála agus bochtanais fuinnimh. Baineann an dualgas seo le Bord na Móna taobh amuigh den dualgas Athbheithnithe Earnála Poiblí atá air. Ritheann céad chéim an dualgais seo ar feadh tréimhse trí bliana ó 2014 go dtí 2016 san áireamh, agus na cuspóirí bliantúla carnathach a cur i bhfeidhm chomh maith.

Chomhlíonaigh Bord na Móna lena dhualgais faoin EEOS trí chuspóir chernach níos airde ná tairseach 75% na Scéime do na blianta 2014 agus 2015 a bhaint amach. Tá iarracht leanúnach á dhéanamh againn cuspóir chernach 90% na Scéime a bhaint amach don tréimhse 2014 go dtí 2016..

Ár ndaoine

Daoine

Déanann Bord na Móna a dhícheall chun na daoine is fearr a tharraingt, a spreagadh agus a choinneáil. Tá ár rath ó bunaíodh sinn tógtha ar oidhreacht obair chrua, dílseacht, agus an nádúr nuálaíoch atá ag ár bhfostaithe. Tá a fhios againn go bhfuil sé criticiúil ár ndaoine a fhorbairt chun buntáiste iomaíoch a choinneáil agus chun fás a bhaint amach san fhadtéarma.

Cothaíonn Bord na Móna cultúr forásach le bainisteoirí cumasacha i gceannas ar dhaoine cumasacha tiomanta, agus iad ar fad dírithe ar straitéis an Ghrúpa a bhaint amach.

Déanann muid infheistíocht i bhforbairt ár bhfostaithe trí thionscnaimh ar nós Scéim Tacaíochta Oideachais, Clár Céimí agus ár Scéim Meantóireachta a ndéanann an Stiúrthóir Bainistíochta urraíocht uirthi.

Mar thoradh ar aiseolas a fuair muid ó na fostaithe, thosaigh muid scéim aitheantais d'fhostaithe in Aibreán 2016. Aithníonn ár nGradaim Aitheantais Tiomanta ón Nádúr fostaithe a chuireann na príomh luachanna atá againn chun cinn go gníomhach agus a léiríonn iad, a bheith, 'Seiftiúil, Ómósach, Gabhfach' ina gcuid oibre ó lá go lá. Chomh maith leis sin, aithníonn muid fostaithe a bhfuil 35 bliana seirbhíse críochnaithe acu tríd scéim Ghradam Sheirbhíse Fadtéarmach. Ghnóthaigh 52 fostaí an gradam i Samhain 2015.

Déanann muid suirbhé gafachta bliantúil, agus léirigh an ceann deiridh go raibh feabhas i leibhéal gafachta ár bhfostaithe, ardú suntasach sa leibhéal tiomantais don eagraíocht san áireamh. Cé go bhfuil na torthaí sin dearfach, tá muid dírithe ar an ngá le feabhas leanúnach sa réimse seo.

Tar éis plé leathan le ionadaithe fostaithe le linn 2015, a chuir Coimisiún Caidreamh san Ionad Oibre ar siúl, tagadh ar chomhaontú go luath i 2016 ar thionscnaimh mhórathraithe shuntasacha. Thángthas ar réiteach sásúil maidir le héileamh pá a bhí gan íoc freisin. Cuireann an comhaontú seastán láidir ar fáil chun na dúshláin atá roimh an gCuideacha a bhainistiú.

Cuireann Bord na Móna béim láidir ar Shláinte agus ar Fholláine ár bhfostaithe, ag tairiscint cláir éagsúla ar a bhfuil Clár Cabhrach Fostaí, Clár Scagháistála Sláinte agus seisiúin eolais ar theidlíocht Pinsin.

Sláinte & Sábháilteacht

Tá Bord na Móna tiomanta go hiomlán ar shláinte agus sábháilteacht fhostaithe, chonraitheoirí, chuariteoirí, chustaiméirí agus bhaill den phobal atá ag idirghníomhú leis an gCuideachta a chosaint.


Creidimid go mba chóir gach próiseas oibríochta a bheith deartha agus curtha ag obair i mbealach sábháilte ó nádúr agus le os cionn 2,000 fostaí ar fud na tíre is é an tosaíocht ná daoine a choinneáil sábháilte.

Cothaíonn an Grúpa cultúr sábháilteachta agus fostaíonn sé saineolas speisialta, chomh maith le traenáil leanúnach foirne agus modhanna oibre monatóireachta bríomhar, lena chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibligeaidí sábháilteachta.

Jim Stockwell – Ceann Acmhainní Daonna



Bainistíocht Riosca



Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as rioscaí a bhainistiú, lena n-áirítear teacht ar chinneadh maidir le cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé toilteanach glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a shaothrú.

Chun aghaidh a thabhairt air sin, bhunaigh an Bord córas bainistíochta riosca a dhéanann rialuithe agus bearta maolaitheacha a shainaitheint, a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm, agus a dhéanann monatóireacht agus tuairisciú ar rioscaí suntasacha laistigh de Bhord na Móna.

Tá an Coiste um Riosca agus Iniúchóireacht ("RAC") freagrach, faoi údarás tarmilgthe, as cabhrú leis an mBord a chuid oibligeaidí a chomhlíonadh maidir le measúnú, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí ó dhúchas sa ghnó agus ar na próisis smachta chun rioscaí mar sin a bhainistiú. Tugann an Príomh-Oifigeach Riosca ("CRO") atá ceaptha tacaíocht don RAC.

Tá freagracht ar an CRO as maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí bainistíochta riosca laethúla atá ann agus as a chinntiú go bhforbraítear agus go gcothabháiltear córas bainistíochta riosca atá éifeachtach agus a fheidhmíonn i gcomhréir le Bord na Móna agus lena mhéad agus a chastacht mar eagraíocht.

Is ann le fada do chóras bainistíochta riosca ar fud fhiontar Bhord na Móna a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaitheint, a mheasúnú, a thairfeadh agus a thuairisciú go seasta i ngach ceann dá aonaid ghnó agus dá fheidhmeanna tacaíochta. Soláthraíonn an córas bainistíochta riosca struchtúir rialachais chuí chun tacaíocht a thabhairt do chleachtais bainistíochta riosca, na freagrachtaí riosca agus na cleachtais a úsáidtear leo a shannadh ar fud Bord na Móna, lena n-áirítear gníomhartha agus srianta maolaithe.

Tá na príomh eilimintí seo a leanas sa chóras bainistíochta riosca:

- straitéis in a bhfuil spriocanna agus prionsabail;
- sannachán freagrachtaí;
- creat agus timthriall tuairiscithe le na rioscaí atá nó a d'fhéadfadh a bheith ag Bord na Móna a aithint, a mheas, a bhainistiú agus monatóireacht agus tuairisc a thabhairt orthu;
- Comhcheangal de mheasúnú riosca agus próiseas bainistíochta ón 'mbarr anuas' agus ón 'mbun aníos' atá is gceist.
 - Mar pháirt den mheasúnú riosca ón 'mbun aníos', déantar ceardlanna a eagrú go rialta leis na haonaid ghnó agus na feidhmeanna tacaíochta lárnacha. Déantar rioscaí aonair a mheasúnú agus a scóráil, agus aithnítear srianta maolaithe atá i bhfeidhm cheana féin.
 - Déantar na rioscaí is mó a chur i láthair na foirne Bainistíochta Sinsirigh agus déantar iad a athbhreithniú, a leasú agus a rangú chun na rioscaí iarmharacha is tábhachtaí don Ghrúpa a aithniú. Cuid thábhachtach den mheasúnú iomlán riosca "ón mbarr anuas" a dhéantar sa Ghrúpa gach bliain is ea an t-athbhreithniú seo.
- Plean monatóireachta riosca lena leagtar amach gníomhaíochtaí athbhreithnithe, dúshláin agus maoirseachta an Phríomhoifigigh Riosca.;
- Nósanna imeachta tuairiscithe a chinntiú go ndéantar bainistíocht agus monatóireacht ghníomhach ar fhaisnéis riosca agus go gcuirtear in iúl go cuí i ar gach leibhéal laistigh de Bhord na Móna. Nuashonraíonn gach aonad gnó agus gach aonad tacaíochta lárná a measúnuithe riosca gach ráithe mar chuid dá n-athbhreithniú riosca agus dá bpróiseas tuairiscithe. Déantar iad sin a athbhreithniú leis an RAC dhá uair sa bhliain;
- Cothaíonn sé sin cultúr bainistíochta riosca láidir ar gach leibhéal den Ghrúpa; agus,
- Ráitis goile riosca a fhorbairt i gcomhar leis an bpróiseas pleanála straitéiseach.

Príomhrioscaí

Tá na príomh rioscaí a bhfuil an cumas acu, sa ghearr nó sa mheántearma, tionchar suntasach a bheith acu ar spriocanna straitéiseacha an Ghrúpa leagtha amach thíos. D'fhorbair an Grúpa bearta maolaithe chun déileáil leis na rioscaí seo nuair is gá.

Ní liosta iomlán é an liosta rioscaí atá tugtha thíos agus athróidh sé in imeacht ama. Cuireann sé seo i láthair tuairim an Bhoird ar na príomh rioscaí ag dáta na tuarascála seo.

Catagóir	Riosca agus Tionchar	Gníomhartha Maolaithe
Comhlíonadh	Éagumas an Grúpa brabúsacht agus ioncam a choinneáil nó a shaothrú agus cailteanas tacaíochta an phobal do ghníomhaíochtaí an Ghrúpa de bharr damáiste a rinneadh do Bhranda Corparáideach agus clú an Ghrúpa.	Déanann an Grúpa infheistíocht ar bhonn leanúnach chun a Bhranda Corparáideach agus a cháil a choimeád Déanann sé monatóireacht ar staid a bhranda trí rianú cáile. Tá teagmháil leanúnach ag an nGrúpa leis an bpobal ina bhfuil a oibríochtaí lonnaithe.
Airgeadas	Costais mhaoinithe níos airde agus éagumas cur i bhfeidhm an phlean straitéiseach, nó éagumas leachtacht a choinneáil le tiomantas todhchaí a chomhlíonadh, nó éagumas cistí a sholáthair chun déileáil le teagmhas nach rabhthas ag súil leo, de bharr nár cuireadh ar fáil saoráidí bainc chuí le riachtanais ghnó a chomhlíonadh agus nár bainistíodh neamhchosaint ar rátaí úis agus ar athluacháil airgeadraí.	Tá polasaí Cistíochta ceaptha ag an mBord a shainmhíonann cén chaoi a ndéantar bainistíocht ar imeachtaí cistíochta. Tógann an Grúpa staid a bhíonn drogallach roimh rioscaí nuair atá siad ag déanamh cinneadh i leith airgeadra eachtrach agus polasaí ráta úis. Tá fáil áirithe nádúrtha ann laistigh den Ghrúpa agus is é an polasaí ná na hairgeadraí eachtracha a mheaitseáil agus a fhálú, ar bhonn glan, ar fud na ngnólachtaí. Le go mbeidh seasmhacht eis-sreafaí airgid ann agus chun riosca rátaí úis a bhainistiú, is é an polasaí ná 50% den fhiachas a bheith ag ráta seasta. Faoi Mhárta 2016, bhí ráta seasta 100% (2015: 100%) dá fhiach láithriúcháin príobháideach trí sraith bhabhtálacha ráta úis. Déanann an Grúpa maoiniú ar a chuid oibríochtaí trí iastaíocht laistigh de réimse tréimhsí aibí. Baintear úsáid as uirlísí airgeadais chun rátaí úis, neamhchosaint ar airgeadra eachtrach agus rioscaí airgeadais eile a bhainistiú. Ní bhíonn aon pháirt ag an nGrúpa i ngníomhaíocht amhantrach.
Oibriúcháin	B'fhéidir go mbeadh tionchar ag praghasanna ísle sa mhargadh leictreachais singil ar ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais agus ar fheidhmíocht Bhrabach Oibríochta Grúpa.	Tá comhaontuithe ceannaigh 15 bliana déanta ag an nGrúpa maidir le líon dá socmhainní giniúna a ráthaíonn an praghas díolta ar leictreachas a bhíonn ginte ag na socmhainní sin. Tá fáilú agus socrúithe conraitheachta cuí i bhfeidhm chun neamhchosaint ar luaineacht maidir le praghsáil ar charbón agus bithmheas a theorannú. Tá punann éagsúlaithe le socmhainní a ghiniúint forbartha ag an nGrúpa chun an riosc a mhaolú.
Oibriúcháin	Tionchar na haimsire ar fheidhmíocht oibriúcháin an Ghrúpa. Tá na gnóthaí Breosla, Gairneoireachta, Móna agus Giniúna Cumhachta ag brath go mór ar an aimsir.	Trí phunann cothrom gnóthaí a fhorbairt tugann sé "fál" don Ghrúpa i gcoinne thionchair aimsir dhíobhálach ar ghnó ar leith. Tá pleananna teagmhasacha forbartha ag an nGrúpa freisin chun brabúsacht a chosaint. Múnla oibriúcháin solúbtha le fostaithe séasúracha, go háirithe sa ghnó Móna, a éascaíonn coigeartú an bhoinn chostais, de réir mar a éilítear é.
Oibriúcháin	Cliseadh ar chead pleanála a fháil do phríomh thionscadail a d'fhág nár cuireadh an plean straitéiseach i bhfeidhm.	Tá foireann bainistíochta agus speisialtóirí le taithí ag an ngrúpa sa réimse pleanála atá dírithe i gcónaí ar an gcur chuige ar iarratais pleanála a fheabhsú de réir mar atá riachtanais rialála ag athrú.

Bainistíocht Riosca

(ar lean)

Catagóir	Riosca agus Tionchar	Gníomhartha Maolaithe
Oibriúcháin	<p>Cliseadh ar reachtaíocht agus polasaithe Shláinte agus Sabháilteachta a chomhlíonadh, rud a d'fhág gur maraíodh/gortaíodh fostaí, gur tharla damáiste do mhaoin, ceadú airgeadais, cailteanas airgid nó damáiste do cháil.</p> <p>D'fhéadfadh gurb é seo ba cúis leis:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Easpa forfheidhmithe; • Fostaithe nach gcloíonn leis na nósanna imeachta atá leagtha síos; • Easpa oiliúna. 	<p>Tá modhanna oibre sonraithe Sláinte agus Sábháilteachtaí bhfeidhm feadh an Ghrúpa. Déanann an roinn Sláinte agus Sábháilteachta traenáil foirne agus iniúchtaí sláinte agus sábháilteachta, chomh maith le iniúchtaí sheahtracha neamhspleách. Coinnítear clúdach árachais i gcomhair gach riosca inárachais mór. Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir raon cigireachtaí dlíthiúla agus timpeallachta agus tá modhanna oibre monatóireacta bríomhara deartha chun sárú ar oibligeáidí rialála nó reachtála a chosc.</p>
Oibriúcháin	<p>Neamhchosaint ar athrúcháin praghais trachtarra do phríomh-cheannacháin (go hairithe bithmhais), an infhaighteacht theorannta ar thráchtearraí ar leith agus cumas teorannta arduithe praghais a fháil ar ais san ionad margaidh, rud a laghdaíonn ar bhrabach.</p>	<p>Déanann an Grúpa fálú gníomhach ar neamhchosaint tráchtearraí nuair is féidir é agus nuair atá sé eacnamaíoch. Glacann an Grúpa, i gcásanna áirithe, le na neamhchosaintí is dual do bheith ag déileáil i dtráchtearraí. Ina theannta sin, déanann Solathar Grúpa forbairt gníomhach ar fhoinsí slabhra solathair nua.</p>
Rialáil	<p>Athruithe rialála a mbíonn tionchar dhíobhalach acu ar an nGrúpa, rud a fhágann bearta forfheidhmithe, dliteanais dlíthiúla, damáiste do cháil, costaisí comhlíontaithe arduithe, brabach laghdaithe agus cailteanas tacaíochta príomh pháirtithe leasmhara.</p>	<p>Cinntíonn an Bord go bhforbraítear agus go gcuirtear i bhfeidhm pleannanna le déileáil le rioscaí rialála atá ann agus atá ag teacht maidir le na gnóthaí. Nuair nach féidir maolú a dhéanamh, b'fhéidir go ndéanadh an Bord cinneadh glacadh leis an riosca rialála.</p>
Straitéiseach	<p>Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus bonneagair nach bhfuil leordhóthanach chun tacú le pleannanna straitéiseacha fáis na cuideachta agus nach gcuireann dóthain srianta uathobrithe ar fáil, rud a fhágann bonn costais iomarcach agus gan dóthain eolais chun cinntí gnó tráthúla a dhéanamh.</p>	<p>Rinne an Grúpa infheistíocht shuntasach i gcóras Pleanála Acmhainní Fiontraíochta atá á chur i bhfeidhm faoi láthair ar fud an Ghrúpa. Leagadh síos struchtúr rialaithe cuí agus tugtar an t-eolas is deireanaí go rialta don Bhord maidir le dul chun cinn an tionscadail.</p>
Straitéiseach	<p>Teip maidir le tionscadail mhórathruithe a chur i bhfeidhm go rathúil trasna an Bhoird rud a fhágfaidh bonn costais ard iomarcach agus nach mbeidh ár ngnóthaí iomaíoch.</p>	<p>Cuireadh i bhfeidhm struchtúir rialaithe láidre ina bhfuil bunús maith leis na freagrachtaí, sceidil agus na hinsoláthartaí a leagadh síos maidir le príomhthionscadail chlaochlaithe ghnó. Rinneadh teagmháil leis na fostaithe agus, nuair a bhí gá leis, lena n-ionadaithe agus thángthas ar chomhréiteach maidir le laghdú costais criticiúil agus le tionscnaimh bainistíochta athraithe.</p>
Straitéiseach	<p>Teip ar scileanna, buanna agus acmhainní ár ndaoine a choinneáil, a tharraingt agus a fhorbairt rud a d'fhág nár seachadadh straitéis agus pleannanna gnó.</p>	<p>Tá an Grúpa ag coinneáil dírithe go láidir ar an réimse seo agus tá plean forbartha bainistíochta acu agus tá siad ag forbairt cláir pleanála comhleantachta struchtúrtha. Tá clár earcaíochta céimí i bhfeidhm freisin.</p>

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Réamhrá

Anseo thíos tá tuarascáil bhliantúil na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais iniúchta Bhord na Móna plc don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Márta 2016.

Príomhghníomhaíochtaí agus Athbheithniú Gnó

Is éard a dhéanann an Grúpa ná leictreachas a ghintear ó mhóin, ó ghaoth, ó ola agus ó bhithmhais a sholáthar ag a stáisiúin ghiniúna agus móin a chur ar fáil mar bhreosla do stáisiúin ghiniúna leictreachais eile. Forbraíonn agus feidhmíonn an Grúpa feirmeacha gaoithe agus tionscadail i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Déanann sé brící móna agus earraí gairneoireachta freisin agus déanann sé soláthar ar sheirbhísí bainistíochta dramhaíola agus ar sheirbhísí saotharlainne tráchtála.

Cuimsíonn Ráiteas an Chathaoirligh ar leathanaigh 4 go 7 agus Athbheithniú an Stiúrthóra Bainistíochta ar leathanaigh 8 go 11 an t-athbheithniú gnó agus an t-athbheithniú ar fhorbairt ghnó an Ghrúpa i rith na bliana, chomh maith le staid na ngnólachtaí ar an 30 Márta 2016, agus na teagmhais a tharla le déanaí agus na forbairtí a bhfuiltear ag súil leo amach anseo.

Torthaí don bhliain agus díbhinní

	€'000
Brabús don bhliain airgeadais	17,282
Díbhinn íochta	(10,141)
Brabús coinnithe don bhliain airgeadais (Nóta 1)	7,141

Tugtar mionsonraí faoi thorthaí airgeadais Bhord na Móna cpt don bhliain airgeadais dár críoch an 30 Márta 2016 ar leathanaigh 57 go 113. D'fhógair agus d'íoc an Bord díbhinn de 0.1555 cent an scair (€10.1 milliún). Íocadh é seo i Iúil 2015.

Nóta 1: Ní áirítear leis an méid seo athomhas na ndlíteanas sochair shainithe.

Stiúrthóirí

Cinneann dhá bhall déag den Bhord arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an beartas i mBord na Móna. De ghnáth, ceaptar seachtar de na Stiúrthóirí ar feadh téarma cúig bliana. Ceaptar ceathrar de na Stiúrthóirí ar feadh téarma ceithre bliana, de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Ceaptar an Stiúrthóir Bainistíochta don Bhord ar a c(h)eachpadh chuig an bpost sin. Seo thíos na Stiúrthóirí:

John Horgan, Cathaoirleach
 Mike Quinn, Stiúrthóir Bainistíochta
 Philip Casey
 Denise Cronin
 John Farrelly
 Kevin Healy
 Denis Leonard
 Seamus Maguire
 Paschal Maher – ceaptha le éifeacht ó 23 Bealtaine 2016
 Gerard O'Donoghue
 Colm Ó Gógáin – Tháinig deireadh lena théarma oifige ar an 13 Bealtaine 2016
 Elaine Treacy
 Barry Walsh

Rialachas Corparáideach

Mar léiriú ar a thiomantas don dea-cháilíocht, choinnigh an Grúpa air ag leanúint an dea-chleachtas maidir le stiúradh a ghnó agus tuairisciú airgeadais agus tuairisciú ginearálta a chur i bhfeidhm. Cloíonn an Grúpa le soláthairtí na Roinne Airgeadais i dtaca le “Cód Cleachtas an Rialtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit” arna nuashonrú in 2009 (“an Cód”). Leagtar amach sa chód an creat rialachais a chomhaontaigh an Rialtas le haghaidh bainistíocht inmheánach agus caidreamh inmheánach agus caidrimh thuairiscithe sheachtraigh na gComhlachtaí Stáit Tráchtála.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

(ar lean)

An Bord

Tá freagracht ar an mBord as maoirseacht agus treorú a dhéanamh ar Ghrúpa Bhord na Móna agus as a rath fadtéarmach a chinntiú. Déantar cinntí tar éis faisnéis iomchuí a bheith curtha ar fáil do chomhlachtaí an Bhoird agus le breithniú cuí ar na rioscaí a sainaitníodh tríd an bpróiseas bainistíochta riosca.

Chuir an Bord sceideal cúrsaí in áirithe le haghaidh a chinneadh, lena n-áirítear:

- Straitéis an Ghrúpa, an Plean Cúig Bliana, Buiséid Bhliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha agus bhliantúla a fhaomhadh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibriucháin agus airgeadais;
- Mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh;
- Athbhreithniú ar chóras rialachais airgeadais agus bainistíochta riosca an Ghrúpa;
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh; agus,
- Rúnaí na Cuideachta a cheapadh.

Cuirtear faisnéis rialta ar fáil don Bhord ar bhonn tráthúil a chuimsíonn eochairtháscairí feidhmíochta i leith gach réimse den ghnó. Scaiptear tuairiscí agus páipéir do na Stiúrthóirí mar ullmhúchán do chruinnithe Boird agus Coiste.

Tá fáil ag gach comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Tá comhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa ar fáil do Stiúrthóirí le haghaidh comhairliúcháin nuair is gá. D'fhéadfadh stiúrthóirí aonair comhairle gairmiúil neamhspleách a ghlacadh de réir nósanna imeachta sainithe.

Fuair na Stiúrthóirí uile faisnéis iomchuí ar a gceapadh chuig an mBord agus cuireann an Grúpa oiliúint ar fáil don Stiúrthóir i rith a t(h)éarma oifige.

Chuir an Bord próiseas i bhfeidhm chun a fheidhmíocht i rith na tréimhse seo a mheas.

Bíonn an Bord agus an Lucht Bainistíochta i mbun idirphlé leanúnaigh le páirtithe leasmhara faoi shaincheisteanna straitéiseacha.

Measann an Bord gur neamhspleách ó thaobh carachtair agus breithiúnais de iad na Stiúrthóirí go léir. Mar sin féin, tugann an Bord dá aire go bhfuil conarthaí fostaíochta le Bord na Móna ag an Stiúrthóir Bainistíochta agus ag ceathrar Stiúrthóirí a ceapadh de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988.

Acht na gCuideachtaí 2014

Cuireadh tus le Acht na gCuideachtaí 2014 ar an 1 Meitheamh 2015. Leagadh cúram ar na Stiúrthóirí i rith na bliana maidir lena gcuid freagrachtaí agus oibligeáidí faoin Acht. Tá modhanna oibre cuí curtha i bhfeidhm ag an mBord chun comhlíonadh a chinntiú. Beidh gach fochuideachta de Bhord na Móna tionaithe faoi 31 Lúnasa 2016 chuig Cuideachtaí Gníomhachta Ainmnithe nó Cuideachtaí Teoranta ag Scaireanna. . Chomh maith, beidh éifeact le forálacha áirithe eile den Acht maidir le Coistí Iniúchta, Ráitis Comhlíonta Stiúrthóirí agus Cinntithe Tuarascála Iniúcháin a 2017 agus tá próisis sonraithe faoi ina leith siúd.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an Rialtas táillí do Stiúrthóirí agus leagann an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha na táillí sin amach i scríbhinn. Tugtar breac-chuntas ar luach saothair na Stiúrthóirí i Nóta 5 de na ráitis airgeadais ar leathanach 74.

Ba iad na costais iomlán a íocadh leis na Stiúrthóirí i mbliain airgeadais 2016 ná €22,398.

Bliain airgeadais 2015: €32,112 .

Cruinnithe Boird

Tháinig an Coiste le chéile 11 uair le linn na bliana airgeadais.

Coistí an Bhoird

Tá ceithre bhuan-Choiste ag an mBord a fheidhmiú faoi théarmaí tagartha foirmiúla.

Ba iad baill an Choiste *Riosca agus Iniúcháireachta (RAC)* ar an 25 Márta 2015 iad Denise Cronin (Cathaoirleach) agus Barry Walsh. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uair i rith na bliana airgeadais. Buaileann an Coiste ar bhonn tréimhsiúil leis an iniúcháir inmheánach agus leis an iniúcháir seachtarach d'fhonn plé a dhéanamh ar rialú cuntasaiochta inmheánach an Ghrúpa, ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, rogha na bpolasaithe cuntasaiochta agus teicnící meastacháin, ar an bplean iniúchta sheachtarach, ar an tuarascáil iniúchta reachtúil, ar thuairiscí airgeadais, ar bhainistíocht riosca agus ar chúrsaí ábhartha eile. Tá fáil neamhtheoranta ag an iniúcháir inmheánach agus ag an iniúcháir seachtarach ar an gCoiste Riosca agus Iniúcháireachta. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste don Bhord maidir leis na saincheisteanna suntasacha uile arna mbreithniú ag an gCoiste agus scaiptear miontuairiscí an chruinnithe ar na Stiúrthóirí ar fad.

Déileálann an Coiste *um Luach Saothair* le luach saothair agus costais an Stiúrthóra Bainistíochta agus na mbainisteoirí sinsearach laistigh de threoiríní an Rialtais, le Pleanáil an Chaipitil Dhaonna, le Bainistíocht ar Chomharbas, le Pinsin agus cúrsaí eile Acmhainní Daonna. Ba iad baill an Choiste ar an 30 Márta 2016 iad John Horgan (Cathaoirleach), Elaine Treacy agus Gerard O'Donoghue. Freastalaíonn an Stiúrthóir Bainistíochta, Mike Quinn, ar an gCoiste ach amháin nuair a bhíonn a phost féin á phlé. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uair i rith na bliana airgeadais.

Measann an *Coiste Airgeadais* gné airgeadais na gcúrsaí a chuirtear faoi bhráid an Bhoird, lena n-áirítear an Buiséad Bliantúil agus an Plean Cúig Bliana chomh maith le soláthar, diúscairt agus léasú talún, foirgneamh agus saoráidí. Ba iad baill an Choiste sin ar an 30 Márta 2016 John Horgan (Cathaoirleach), Kevin Healy, Denis Leonard, Seamus Maguire agus Mike Quinn. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair le linn na bliana airgeadais.

Cuireann an *Coiste Sláinte agus Sábháilteachta* comhairle ar an mBord i dtaobh cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta laistigh de Ghrúpa Bhord na Móna. Ba iad na baill ar an 30 Márta 2016 Colm Ó'Gógáin (Cathaoirleach), Philip Casey, Gerard O'Donoghue agus Mike Quinn. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair le linn na bliana airgeadais.

Ó am go chéile bunaíonn an Bord coistí sealadacha le déileáil le cúrsaí faoi leith faoi théarmaí sainithe tagartha.

Le linn na bliana, bhunaigh an Bord Coiste eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar thoradh an phróisis um Measúnú Boird agus moltaí a dhéanamh leis an mBord dá réir. Ba iad baill an Choiste sin ar an 30 Márta 2016 Barry Walsh (Cathaoirleach), Elaine Treacy agus Colm Ó Gógáin. Tháinig an Coiste le chéile trí huair le linn na bliana airgeadais.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird agus Coiste

Déantar achoimre sa tábla thíos ar thinreamh na Stiúrthóirí ar chruinnithe Boird agus Coiste ar a raibh siad incháilithe le freastal orthu le linn na bliana dar críoch an 30 Márta 2016.

	Cruinnithe Boird Ar freastalaíodh orthu/Incháilithe	Cruinnithe Coiste Ar freastalaíodh orthu/Incháilithe
Stiúrthóirí ar an 30 Márta 2016		
J Horgan (Cathaoirleach)	11/11	8/9
M Quinn (Stiúrthóir Bainistíochta)	11/11	5/6
P Casey	11/11	4/4
D Cronin	10/11	7/7
J Farrelly	11/11	6/7
K Healy	11/11	2/2
D Leonard	10/11	1/2
S Maguire	11/11	2/2
G O'Donoghue	11/11	10/11
C Ó Gógáin*	10/11	7/7
E Treacy	9/11	10/10
B Walsh	11/11	10/10

* Téarma oifige arna dhul in éag an 13 Bealtaine 2016

Tháinig an Bord le chéile 11 uair le linn na bliana airgeadais.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

(ar lean)

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht fhoriomlán ag na Stiúrthóirí as córais rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as athbheithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sé. Ceaptar na córais sin chun riosca a bhainistiú agus dearbhú réasúnta, ach ní daingean, a thabhairt i gcoinne míshonrú nó cailteanas ábhartha. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil athbheithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá freagracht ar an mBainistíocht as dearadh agus oibríocht chórais srianta inmheánacha cuí. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha lena chinntiú go ndéantar na hidirbhearta a chomhlíonadh de réir údarú an Lucht Bainistíochta, go ndéantar bearta réasúnta chun sócmhainní a chosaint agus calaois a chosc, agus go gcoinnítear taifid airgeadais chúil. Tuairiscíonn an Lucht Bainistíochta don Bhord maidir le hathruithe ábhartha sa ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach a théann i gcion ar riosca.

Ar na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú inmheánach éifeachtach a chur ar fáil tá:

- struchtúr eagrúcháin ina bhfuil nósanna imeachta oibríúcháin agus tuairiscithe soiléire, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údarais tharmilgthe;
- rinneadh freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir a shocrú ar fud an Ghrúpa agus fuarthas seirbhísí pearsanra cháiliithe agus rinneadh dualgais a leithdháileadh go cuí orthu;
- ráiteas maidir le cinntí forchoimeáda don Bhord;
- próiseas bainistíochta riosca a chuireann ar ár gcumas againn rioscaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar fheidhmíocht agus ar chuspóirí an ghnó a shainiú agus a mheasúnú agus a chinntiú go ndéantar pleananna cuí maolaithe d'fhonn an riosca iarmharach a laghdú oiread agus is féidir;
- próiseas cuimsitheach buiséadaithe le haghaidh gach gnó agus le haghaidh na lársheirbhísí tacaíochta arb é a bhuaicphointe é buiséad bliantúil an Ghrúpa arna fhaomhadh ag an mBord;
- próiseas cuimsitheach pleanála le haghaidh gach gnó agus le haghaidh na lársheirbhísí tacaíochta arb é a bhuaicphointe é plean fadtéarmach an Ghrúpa arna fhaomhadh ag an mBord;
- córas cuimsitheach le haghaidh tuairiscíú airgeadais ina ndéantar an fheidhmíocht iarbhí i gcoinne an bhuiséid, an bhliain a d'ímigh, tuartha, táscairí feidhmíochta agus dífríochtaí suntasacha a thuairiscíú don Bhord gach mí;
- sraith beartas agus nósanna imeachta i dtaca le rialuithe oibríúcháin agus airgeadais lena n-áirítear caiteachas caipitil;
- nósanna imeachta a thugann aghaidh ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais, cleachtais tarmilgín, agus deighilt dualgas, dá dtugann nósanna imeachta monatóireachta tacaíocht;
- tá an lucht bainistíochta ag gach leibhéal freagrach as rialú inmheánach ar a fheidhmeanna gnó féin; agus
- i measc nósanna imeachta monatóireachta ar chórais rialaithe inmheánaigh tá obair an Choiste Riosca agus Iniúcháireachta, athbheithnithe bainistíochta agus an úsáid a bhaintear as sainchomhairleoirí seachtracha agus as iniúchadh inmheánach..

San iniúchadh inmheánach breathnaítear ar chórais rialaithe an Ghrúpa trí thuarascálacha airgeadais a scrúdú, trí chruinneas na n-idirbheart a thástáil agus trína dhearbhu ar bhealaí eile go bhfuil na córais ag feidhmiú de réir bheartais agus cheanglais rialaithe an Ghrúpa. Tuairiscíonn lucht an iniúchta inmheánaigh go díreach don Choiste Riosca agus Iniúcháireachta maidir le feidhmiú na rialuithe inmheánacha agus déanann moltaí maidir le feabhsúcháin ar an timpeallacht rialaithe más cuí.

Tá creat láidir i bhfeidhm ag an nGrúpa d'fhonn athbheithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibríúcháin, bainistíochta riosca agus comhlíontachta. Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó.

Tá athbheithniú déanta ag an mBord ar a éifeachtaí a bhí an córas rialaithe inmheánaigh suas go dtí an dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais. Rinne an RAC athbheithniú mionsonraithe agus a thorthaí a thuairiscíú don Bhord. Áirítear leis an bpróiseas a úsáideadh chun athbheithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha:

- athbheithniú agus breithniú ar an gclár oibre um iniúchadh inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí;
- athbheithniú ar thuairiscíú rialta ón iniúchadh inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na moltaí a rinneadh roimhe sin ina dtuarascálacha féin agus i dtuarascálacha an iniúcháir sheachtraigh;
- athbheithniú ar thuarascálacha an iniúcháir sheachtraigh ina dtugtar mionsonraí faoi fhadhbanna ábhartha ar bith atá ann maidir le rialú airgeadais inmheánach, arna sainiú acu ina gcáil oibre mar iniúcháirí; agus,
- athbheithniú ar thuarascálacha an chláir rioscaí, ar na frithbhearta atá i bhfeidhm leis an riosca sin a mhaolú, ar an riosca iarmharach atá fágtha agus ar na bearta is gá a dhéanamh nó atá á ndéanamh chun na rioscaí a mhaolú tuilleadh.

Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as rioscaí a bhainistiú, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh i dtaobh cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé toilteanach glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibríúcháin a shaothrú. Chun aghaidh a thabhairt air sin, bhunaigh an Bord córas bainistíochta riosca a dhéanann rialuithe agus bearta maolaitheacha a shainiú, a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm, agus a dhéanann monatóireacht agus tuairiscíú ar rioscaí suntasacha laistigh de Bhord na Móna.

Tugtar mionsonraí faoi na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa agus faoi oibríocht Chórais Bhainistíochta Riosca Bhord na Móna ctp don bhliain airgeadais 2016 AR leathanaigh 44 go 46.

Scairshealbha na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Tá 5% de mhéid iomlán na ngnáthscaireanna i mBord na Móna p.l.c. fós á sealbhú ag Plean Bhord na Móna um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP) thar ceann 2,102 rannpháirtí incháilithe (fostaithe reatha agus fostaithe atá éirithe as) i Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa (APPS) Bhord na Móna.

Tá an tUasal Philip Casey, an tUasal Kevin Healy, an tUasal Seamus Maguire, an tUasal Paschal Maher agus an Rúnaí ina rannpháirtithe de chuid Phlean Bhord na Móna um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe agus ag tús agus deireadh na bliana airgeadais tá leithdháileadh barúlach 1,771 gnáthscair acu i mBord na Móna p.l.c. atá i seilbh Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa Bhord na Móna. Is rannpháirtithe de chuid Phlean Bhord na Móna um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe é an tUasal Colm Ó Gógáin, a bhí ina Stiúrthóir i gcaitheamh na bliana dar críoch an 30 Márta 2016, agus tá leithdháileadh barúlach 1,771 gnáthscair aige i mBord na Móna p.l.c. atá i seilbh Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa Bhord na Móna. Ní raibh leasanna ar bith ag na Stiúrthóirí eile ná ag a dteaghlach i scaireanna Bhord na Móna p.l.c ná i gcuideachta ar bith eile de chuid an Ghrúpa le linn na bliana dar críoch an 30 Márta 2016. **Gnóthas Leantach**

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag Bord na Móna chun leanúint ar aghaidh lena oibríochtaí go ceann i bhfad agus gur cuí glacadh go fóill le bonn an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Iartheagmhais

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir dháta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar a cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais, rudaí ba ghá a nochtadh agus/nó a choigeartú sna ráitis airgeadais.

Leabhair Chuntais

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir leis an oibleagáid atá orthu leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil, a chomhlíonadh, óir fostaítear foireann chuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí acu agus cuirtear leoracmhainní ar fáil don fheidhm airgeadais. Coinnítear na leabhair chuntais in oifig chláraithe an Ghrúpa, an Phríomhshráid, an Droichead, Co. Chill Dara.

Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go bhfuiltear i gcomhlíonadh ar gach bealach ábhartha le soláthairtí an Achta um Íocaíochtaí Prasa Cuntais, 1997, agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) de 2002, 2012 agus 2013 (I.R. Uimh. 388 de 2002, Uimh. 580 de 2012 agus Uimh. 74 de 2013 faoi seach) ("na Rialacháin"). Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí ar a mbeidh sonraisc dlite i gcomhair íocaíochta a shainiú agus chun a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí faoi na dátaí sin. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta, ach ní daingean, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Tá na Stiúrthóirí sásta go raibh Bord na Móna p.l.c i gcomhlíonadh le ceanglais na Rialachán ar gach bealach ábhartha maidir le híocaíochtaí le soláthraithe seachtracha san AE.

I 2015 láinseáil an Rialtas an Cód Iompair um Íocaíochtaí Prasa agus is sínitheoir é Bord na Móna den chód seo, rud a chiallaíonn go bhfuil ceangaltas air soláthraithe a íoc laistigh de théarmaí comhaontaithe.

Príomh fochuideachtaí agus comhfhiontair

Leagtar amach mionsonraí faoi príomhfhochuideachtaí oibríúcháin (lena n-áirítear brainsí thar lear) agus comhfhiontair i nóta 25 de na ráitis airgeadais.

Taighde agus forbairt

Tá straitéis an Ghrúpa ar thaighde agus ar forbairt agus na costais tabhaithe le linn na bliana leagtha amach in athbhreithnithe Airgeadais agus Oibríochta na tuarascála bliantúla seo.

Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitíochta i mbliana (Bliain Airgeadais 2015: € nialas).

Iníúcháirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, fanfaidh an t-iníúcháir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig.

Thar ceann an Bhoird:

Sínithe:

John Horgan
Cathaoirleach

Mike Quinn
Stiúrthóir Bainistíochta

30 Meitheamh 2016

An Bord agus Rúnaí na Cuideachta



1.



2.



3.



4.



5.



6.



7.



8.



9.



10.



11.



12.



13.



14.

1. John Horgan (Cathaoirleach)

Ceapadh John Horgan chuig an mBord in Aibreán 2012 agus ina Chathaoirleach i Meán Fómhair 2012. Is Sainchomhairleoir Acmhainní Daonna neamhspleách é. Tá céim san Eolaíocht Shóisialta aige ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, MA sa Chaidreamh Tionsclaíoch ó Ollscoil Warwick agus MA sa Stair ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tar éis dó gabháil le poist sa tseirbhís phoiblí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ceapadh ina Leaschathaoirleach ar an gCúirt Oibreachais é agus ina Chathaoirleach uirthi ar ball. D'oibrigh sé ag GPA sa tSionainn ina dhiaidh sin agus bhí sé ina Stiúrthóir Acmhainní Daonna i roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta.

2. Mike Quinn (Stiúrthóir Bainistíochta)

Ceapadh Mike Quinn ina Stiúrthóir Bainistíochta le héifeacht ón Eanáir 2015. Sular thosaigh sé ag obair ag Bord na Móna, ba Leas-Uachtarán Grúpa é ag Precision Castparts. Ghabh sé le poist ardbhainistíochta freisin in Tellabs, Stryker agus Lufthansa Technik tar éis dó obair innealtóra a dhéanamh ag Amdahl Ireland agus Apple Computers. Tá céim san Fhísic agus sa Leictreonaic aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith le cáilíocht iarchéime sa Bhainistíocht Tionscadal ó Ollscoil Luimnigh. Tá staidéar déanta aige freisin faoi chláir Ardcheannaireachta in Ollscoil Cranfield agus Ollscoil Michigan araon.

3. Philip Casey

Ceapadh Philip Casey chuig an mBord in Eanáir 2015 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Chuaigh sé le Bord na Móna in 1980 agus é ina oibrí táirgeachta séasúrach le hOibreacha na hAbhann Duibhe. Ghlac sé post buan mar fhaireoir i mí na Nollag 1981. Bhí post aige mar fhear Seirbhíse ó 1982 go dtí gur ceapadh é ina Cheann Foirne in 1991. D'aistrigh sé chuig oibríochtaí lompair in 1997, áit a bhfuil sé fostaite faoi láthair mar Oibreoir Sealanna lompair. Tá teastais ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) aige sna réimsí seo: Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde; Ceardchumannachas/Cómhargáil; Cineálacha Nua Eagraithe Oibre/Dlí Fostaíochta; An Comhionannas/Saincheisteanna Sóisialta agus Geilleagrasa; Ardteastas i Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair; agus Sláinte agus Sábháilteacht.

4. Denise Cronin

Ceapadh Denise Cronin chuig an mBord i Meán Fómhair 2011. Bainisteoir Cuntasafóchta is ea í a dhíríonn ar oibríochtaí Eorpacha cheann de chuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta Mheiriceá. D'oibrigh sí le cúrsaí airgeadais i roinnt cuideachtaí Éireannacha thar réimse tionscal. Is comhalta í Denise de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá Baitsiléir Cumarsáide (Onóracha) aici ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bíonn sí ag obair freisin le roinnt comhlachtaí neamhbhrabúsacha.

5. John V Farrelly

Ceapadh John Farrelly chuig an mBord i Meitheamh 2014. Is duine de Stiúrthóirí Cheantálaithe agus Ghníomhairí Eastáit DNG Royal County é. Bhí sé ina Sheanadóir ó 1993 go 1997 agus ina Theachta Dála ó 1982 go 1992 agus ó 1997 go 2002. Bhí sé ina bhall de Chomhairle Chontae na Mí ó 1975 go 2014 agus bhí sé mar Chathaoirleach faoi dhó. Bhí John ina Chathaoirleach ar Thurasóireacht na Mí agus tá sé ina Stiúrthóir air faoi láthair. Bhí sé ina Chathaoirleach freisin ar Choiste Réigiún Oirthear na Teorann. Faoi láthair is duine de Stiúrthóirí Fhéile Líteartha Féir sa Cheanannas Mór é. Tá sé tar éis tréimhsí a chaitheamh ag obair le roinnt comhlachtaí eile le linn a ghairme freisin. Is céimí de chuid Choláiste Talmhaíochta Bhaile an Bhairínigh é.

6. Kevin Healy

Ceapadh Kevin Healy chuig an mBord in Eanáir 2015 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna in 1975 agus é ina Shuirbhéir Cúnta ag Oibreacha na Buaráí mar a rabhthas ag plé le fuinneamh móna. Bhí poist aige freisin ag coimeád taifead, ag rialú costas cothabhála agus ag obair le párolla agus stórais. Is é duine de na daoine é a bhunaigh an grúpa a chuir tús le Páirc Foghlama Loch na Buaráí agus tá baint fós aige le forbairt na Páirce agus le heagraíochtaí pobail áitiúla. Bhí sé ina Mhaor Síopa, ina Rúnaí Brainse agus ina chomhalta de Choiste Rannóige an Cheardchumainn Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU).

7. Denis Leonard

Ceapadh Denis Leonard chuig an mBord i Meitheamh 2014. Is Príomhoide é ar choláiste breisoideachais i nDún Búinne agus tá sé tar éis a bheith ina chomhalta de Chomhairle Contae na hIarmhí agus de Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt-na hIarmhí. Tá céim sna hEalaíona agus céim Mháistir i Staidéar an Chomhionannais aige ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, chomh maith le hiarchéim sa Treoir um Oideachas Aosach ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Tá tréimhsí caite aige ar bhord Greenpeace agus VOICE agus ar bhord charthanais Thuaidh-Theas do leanaí. Tá seantaithe aige ar chúrsaí comhshaoil agus tá clár raidió ina leith á léiriú agus á chur i láthair aige le cúig bliana anuas. D'oibrigh sé le cuid mhór eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta a phléann le forbairt pobail agus le cúrsaí iompair, comhshaoil agus carthanais agus bhí sé ina Chathaoirleach freisin ar Fhóram Oidhreacht na hIarmhí.

8. Seamus Maguire

Ceapadh Seamus Maguire chuig an mBord in Eanáir 2015 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Chuaigh sé le Bord na Móna in 1974 mar phrintíseach oirthora i gceardlann Dhoire Dhraighneach. Ar chríochnú na printíseachta sin dó, d'aistrigh sé chuig ceardlann Bhaile an Chonnaidh mar a raibh sé ina oirthoir ceantair ar feadh roinnt blianta. D'fhill sé ar Dhoire Dhraighneach in 1988 agus ó 1990 i leith tá sé ar fhoireann déantúsaíochta PBR. Toscaire de chuid an Chomharchumainn Leictreachais agus Innealtóireachta Teicniúla i nGrúpa Comharchumann Bhord na Móna ab ea é ó 1998 i leith. Oileadh mar theagascóir láimhsithe sábháilte é in 2006 agus tugann sé tacaíocht anois do theagascóirí oiliúna eile nuair is gá. Is é ionadaí sábháilteachta Dhoire Dhraighneach é agus ball den Lárchoiste Sláinte agus Sábháilteachta i láthair na huaire.

9. Paschal Maher

Ceapadh Paschal Maher chuig an mBord faoi Bhealtaine 2016 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Bhí sé mar Stiúrthóir ar an mBord céanna roimhe seo i 2014 Chuaigh sé isteach i mBord na Móna mar oibrí séasúrach i dtáirgeadh móna i 1980 agus ceapadh é mar thiománaí lánaimseartha meaisín i 1983. D'aistrigh sé chuig Oibríochtaí Iompair i 1986 agus ceapadh é mar Cheann Foirne i 1990, post atá aige faoi láthair. Tá sé ag obair in Oibreacha na hAbhann Duibhe i gcaitheamh a shaol oibre.

10. Gerard O'Donoghue

Ceapadh Gerard O'Donoghue chuig an mBord i nDeireadh Fómhair 2012. Is dlíodóir é atá ag cleachtadh a ghairme agus cheap an Chúirt Uachtarach ina nótaire poiblí é in Iúil 2005. Is é an príomhdhlíodóir é i gcleachtadh White O'Donoghue and Company, Dlíodóirí, Mainistir Laoise, Co. Laoise.

11. Colm Ó Gógáin

Ceapadh Colm Ó Gógáin chuig an mBord in Eanáir 2011 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna in 1974 agus chuaigh sé le roinnt post lena n-áirítear Príomhfheidhmeannach Ghnó Breoslaí Bhord na Móna Tta., Stiúrthóir ar Ghnó Comhshaoil Bhord na Móna Tta. agus Ceann Bonneagair Straitéisigh. Tá Baitsiléir Innealtóireachta (Meicniúla) aige ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Is Innealtóir Cairte agus Comhalta de chuid Innealtóirí Éireann é. Scor sé ón mBord sa Bhealtaine 2016.

12. Elaine Treacy

Ceapadh Elaine Treacy chuig an mBord in Iúil 2012. Tá scór bliain de thaithe ag Elaine san earnáil teicneolaíochta agus cuid mhór saineolaí dá bharr i ndíolachán idirnáisiúnta, margaiocht, straitéis ghnó, tiomsú caipitil agus cumais agus éadálacha. Tá idir chuideachtaí poiblí teoranta, eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus eagraíochtaí nuathionscanta i gceist lena gairmréim. Tá sí i gceannas ar oibríochtaí Díolacháin & Margaiochta na Ríochta Aontaithe don Ghrúpa AMCS, ar ceannródaí domhanda é i dteicneolaíocht agus i mbogearraí athchúrsála agus dramhaíola. Tá céim Mháistir sa Staidéar Gnó agus Baitsiléir sa Tráchtáil ag Elaine ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

13. Barry Walsh

Ceapadh Barry Walsh ar an mBord i nDeireadh Fómhair 2012. Is cuntasóir é a bhfuil formhór a ghairmréime caite aige ag obair in ardphoist airgeadais i nGrúpa Beatha na hÉireann. Ó 2012 go dtí 2014 nuair a chuaigh sé ar scor, ba é Rúnaí Cuideachta Ghrúpa Beatha na hÉireann é. Is é an Cathaoirleach ar Scéim Pinsin Foirne Bheatha na hÉireann faoi láthair é. Sula ndeachaigh sé le Beatha na hÉireann bhí sé ina Chigire Cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim.

14. Gerry Ryan - Rúnaí na Cuideachta

Thosaigh Gerry Ryan ag obair le Bord na Móna i 2005. Roimhe seo, ba é Rúnaí Ghrúpa eircom plc agus Riarthóir Scéim Aoisliúntais eircom é. Chomh maith leis sin, bhí sé mar Chathaoirleach ar Chumann na hÉireann um Chistí Pinsean agus ba Stiúrthóir an Bhoird Pinsean é. Faoi láthair is é Leas-Chathaoirleach Chomhair Creidmheasa Eservices é. Tá Baitsiléir Tráchtála aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus M.Sc. (Iompraíocht Eagraíochta) ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Is ball Gerry de Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus tá Teastas agus Dioplóma i Stiúradh Cuideachtaí aige ón Institiúid.

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliain airgeadais. De réir an dlí sin roghnaigh siad ar ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Aireagadais (IFRS) lenar ghlac an tAontas Eorpach agus leis an dlí is infheidhme, agus ráitis airgeadais na Cuideachta de réir Chreatlaí Faisnéise Laghdaithe FRS 101.

De réir dhlí na cuideachta, ní ceadmhach do na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de na ráitis airgeadais Ghrúpa agus Chuideachta á n-ullmhú, ceanglaítear an méid seo a leanas ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama réasúnta;
- cuir in iúl cé acu atá ráitis airgeadais an Ghrúpa ullmhaithe de réir an IFRS de réir mar atá glactha ag an AE agus go bhfuil ráitis airgeadais na Cuideachta ullmhaithe de réir na Creatlaí Faisnéisithe Laghdaithe FRS 101; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leorthaifid chuntasaíochta a choinneáil a léiríonn, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, staid airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí, 2014. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as bearta réasúnta a dhéanamh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Chomh maith leis sin, tá freagracht ar na stiúrthóirí as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chloíonn le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil le reachtaíocht dhlínsí eile.

Thar cheann an bhoird

John Horgan
Stiúrthóir

Mike Quinn
Stiúrthóir

30 Meitheamh 2016

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ("ráitis airgeadais") de Bord na Móna CPT don bhliain dar gcríoch Márta 2016 ina bhfuil an ráiteas ioncaim chomhdhlúite, an ráiteas comhdhlúite den ioncam iomlán cuimsitheach, clár chomhordaithe chomhdhlúite na cuideachta, na ráitis chomhdhlúite agus ráitis chuideachta de na hathruithe sa chothromas, an ráiteas comhdhlúite de shreabhadh airgeadais, agus na nótaí gaolmhara. Tá an chreatlach um thuirisciú airgeadais atá curtha i bhfeidhm agus ráitis airgeadais an Ghrúpa á n-ullmhú mar dhlí na hÉireann agus mar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuirisciú Airgeadais (IFRS) mar atá glactha leis ag an Aontas Eorpach, agus, maidir le ráitis airgeadais na Cuideachta, Dlí na hÉireann agus an Chreatlach Faisnéise Laghdaithe FRS 101.

Tuairimí agus conclúidí mar gheall ar ár n-iniúchadh

1. Níl aon athrú ar ár dtuairim ar na ráitis airgeadais

Dar linn:

- tugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa ar an 30 Márta 2016 agus ar bhrabús an Ghrúpa sa bhliain ar tháinig deireadh léi ansin;
- tugann ráitis airgeadais na Cuideachta léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ar an 30 Márta 2016;
- Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir FRS 101 mar atá glactha leis ag an Aontas Eorpach;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta de réir an Chreata Faisnéise Laghdaithe FRS101; agus
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gceart i gcomhréir le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014.

2. Tá ár gconclúidí ar cheisteanna eile ar ar gá dúinn tuairisciú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, tá siad leagtha amach thíos

Tá an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasaimid gá a bheith leo ar mhaithe lenár n-iniúchadh faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

3. Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir le nithe ar ar gá dúinn tuairisciú de réir eisceachta

Tugann CIlInna (an RA agus Éire) orainn tuairisciú duit, i bhfianaise an eolais atá faighte againn i rith ár n-iniúchta, má tá eolas aitheanta againn sa tuarascáil bhliantúil ina bhfuil neamhréir ábhartha leis an eolas sin nó leis na ráitis airgeadais, míráiteas ábhartha fírice, nó atá míthreorach ar bhealach eile.

Chomh maith leis sin, tugann Acht na gCuideachtaí, 2014, orainn tuairisciú daoibh má mheasaimid nár nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí, dar linn, mar is gá de réir ailt 305 go dtí 312 den Acht. Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), is gá dúinn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá mar cheangal faoin gCód, mar atá san áireamh i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanach 50, mura léiríonn sé cloí an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé i gcomhréir leis an eolas atá ar eolas againn ón ár n-obair iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscimid mura bhfuil.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách

(ar lean)

Bunús ár dtuarascála, freagrachtaí agus srianta ar úsáid

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, rud atá leagtha amach ar leathanach 54, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir agus go bhfuil siad ag cloí amach uaidh sin le hAcht na gCuideachtaí, 2014. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a chur in iúl ar na ráitis airgeadais i gcomhréir le dlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire). Tugann na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticíúla na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais d'Iniúchóirí.

Cuimsíonn iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le CIlInna (an RA agus Éire) fáil fianaise faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais ar leor í chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaos nó earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do chúinsí na Cuideachta agus an Ghrúpa agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh go himleor iad; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun eolas ar bith atá mícheart go hábhartha, de réir cuma, i bhfianaise, nó nach bhfuil i gcomhréir go hábhartha leis an eolas a fhaighimid le linn dúinn an t-iniúchadh a dhéanamh a aithint. Má thugaimid faoi deara go bhfuil míráitis nó neamhréireanna ábhartha ar bith ann, de réir cuma, déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Cé go bhfuil iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le CIlInna (an RA agus Éire) ceaptha chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil míráitis nó easnaimh ábhartha á n-aithint, ní féidir a bheith go huile is go hiomlán cinnte go ndéanfaidh sé sin. Ina áit sin, déanann an t-iniúchóir an t-iniúchadh a phleanáil chun an oiread tástála a bhfuil gá leis a chinneadh chun laghdú a dhéanamh go leibhéal íseal cuí ar an dóchúlacht nach sáraíonn comhiomlán na míráiteas neamhcheartaithe agus neamhbhraite ábharthacht le haghaidh na ráiteas airgeadais ina n-iomláine. Ciallaíonn an tástáil seo gur gá dúinn méid mór obair iniúchóireachta a dhéanamh ar réimse leathan sócmhainní, dlíteanas, ioncaim agus speansas, chomh maith le cuid mhaith d'am na mball is mó taithí ar an bhfoireann iniúchóireachta a chaitheamh, go háirithe am an chomhpháirtí teagmhála atá freagrach as an iniúchadh, ar réimsí suibíachtúla den chuntasaíocht agus tuairisciú.

Déantar ár dtuarascáil do chomhaltaí an Bhoird amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le halt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár n-obair iniúchóireachta déanta chun gur féidir linn na nithe sin is gá dúinn a lua a chur in iúl do bhaill na Cuideachta i dtuarascáil iniúchóra agus gan cuspóir ar bith eile i gceist.

Chomh fada agus is féidir de réir dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an Chuideachta agus baill na Cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá meáite againn.

Laura Gallagher

ar son agus thar ceann

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

1 Plás an Stócaigh

Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

30 Meitheamh 2016

Ráitis Airgeadais Comhdhlúite

don bhliain dar críoch an 30 Márta 2016

Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite

don bhliain dar críoch an 30 Márta 2016

	Nóta	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Oibríochtaí leanúnacha			
Ioncam	3	432,820	406,721
Costas díolachán		(295,851)	(272,430)
Ollbhrabús		136,969	134,291
Ioncam eile	7	8,044	15,005
Costais Dháilte		(32,387)	(30,541)
Costais riaracháin (seachas costais eisceachtúla)		(54,027)	(49,188)
Míreanna eisceachtúla			
Bearnú sócmhainní láimhsithe	7 & 10	(23,643)	-
Bearnú sócmhainní doláimhsithe	7 & 12	(847)	-
Costais Athstruchtúraithe	7 & 18	(7,259)	-
Gnóthachan ciorruithe iarsheirbhís phinsin	7 & 26	10,700	-
Costais riaracháin (costais eisceachtúla san áireamh)		(75,076)	(49,188)
Brabús oibríocháin		37,550	69,567
Ioncam Airgeadais	8	4,761	3,085
Costais Airgeadais	8	(19,652)	(15,837)
Costais Ghlana Airgeadais		(14,891)	(12,752)
Sciar chailteanas an chomhfhiontair	14	(442)	(382)
Brabús roimh cháin		22,217	56,433
Costais cáin ioncaim	9	(5,828)	(13,882)
Brabús ó oibríochtaí leanúnacha		16,389	42,551
Oibríochtaí scortha			
Brabús/(caillteanas) ó oibríochtaí scortha, glan ó cháin	22	893	(7,505)
Brabús don bhliain		17,282	35,046
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí na Cuideachta		17,228	35,016
Leasa Neamhrialaithe		54	30
		17,282	35,046

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo

Ráiteas Comhdhlúite den Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain dar críoch an 30 Márta 2016

	Nóta	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Brabús don bhliain		17,282	35,046
Earraí nach mbeidh athaicmithe a choíche chun brabúis ná cailteanais			
Ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe	26	11,438	(25,465)
Cáin leasmhar ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe	9	(1,372)	3,126
		10,066	(22,339)
Earraí atá nó a d'fhéadfaí a bheith athaicmithe chun brabúis nó cailteanais			
Oibríochtaí eachtracha - difear san aistriú airgid eachtraigh		128	596
Cosaint sreabhadh airgid - sciar éifeachtach d'athruithe i luach cothrom		(6,442)	58,599
Cáin leasmhar ar athruithe i luach cothrom cosaintí		805	(7,325)
Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó cailteanais (iocaíochtaí airgid)		(4,690)	(2,824)
Cáin leasmhar ar chosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó cailteanais (iocaíochtaí airgid)		586	353
Fálta sreafa airgid - arna athaicmiú sa chuntas brabúis agus cailteanais (malairt eachtrach)		7,806	(51,340)
Cáin leasmhar ar chosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó cailteanais (margadh airgeadraí eachtracha)		(976)	6,417
Sciar de chomhfhiontar ioncaim chuimsithigh eile		(2,056)	-
		(4,839)	4,476
Ioncam cuimsitheach eile glan ó cháin		5,227	(17,863)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		22,509	17,183
Ioncam Cuimsitheach iomlán curtha i leith:			
Úinéirí na Cuideachta		22,455	17,153
Leasa Neamhrialaithe		54	30
		22,509	17,183

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

ar an 30 Márta 2016

	Nóta	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000	27 Márta 2014 €'000
Sócmhainní				
Acmhainní Neamh-Reatha				
Sealúchas, gléasra agus trealamh	10	300,868	341,765	312,707
Sócmhainní doláimhsithe	12	41,694	35,486	23,577
Maoin infheistíochta	11	34,000	25,400	9,000
Ionstraimí Díorthacha Airgeadais	29	37,749	48,882	-
Comhfhiontair	14	25,069	3,559	2,166
Acmhainní leasa scoir	26	4,540	-	3,390
Sócmhainní Cánach Iarchurtha	9	-	-	236
Sócmhainní Neamh-Reatha iomlána		443,920	455,092	351,076
Sócmhainní Reatha				
Fardail	13	104,347	101,481	91,678
Trádáil agus infháltais eile	15	77,149	83,042	76,327
Acmhainní saoil	27	1,968	-	-
Airgead agus coibhéis airgid	23	98,174	96,369	173,250
Sócmhainní iomlána reatha		281,638	280,892	341,255
Sócmhainní iomlána		725,558	735,984	692,331
Leasanna				
Cothromas inchurtha le húinéirí na cuideachta				
Scairchaipiteal	20	82,804	82,804	82,804
Scairbhiseach	20	1,959	1,959	1,959
Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid		233	3,144	(736)
Cúlchistí eile		(2,056)	-	-
Cúlchiste um aistriú airgid eachtraigh		724	596	-
Tuilleamh coinnithe		137,728	120,575	119,210
Cothromas iomlán atá inchurtha i leith úinéirí na cuideachta		221,392	209,078	203,237
Leasa Neamhrialaithe		(608)	(662)	(456)
Cothromas iomlán		220,784	208,416	202,781
Dlíteanais				
Dlíteanais Neamh-reatha				
Oibleagáidí leasa scoir	26	38,758	67,367	46,397
Airleacan agus iasachtaí	19	166,019	248,536	197,146
Deontas Caipitil	17	12,103	10,293	10,916
Soláthair	18	48,734	47,773	42,372
Dlíteanas iarchurtha cánach	9	11,081	5,127	-
Ionstraimí Díorthacha Airgeadais	28	-	-	6,892
Dlíteanais Neamh-reatha iomlána		276,695	379,096	303,723
Dlíteanais reatha				
Airleacan agus iasachtaí	19	75,862	990	41,593
Rótharraingt bainc	19	29,006	24,739	667
Soláthair	18	18,721	11,968	10,385
Trádáil agus iníocthaigh eile	16	104,490	110,775	133,182
Dlíteanais iomlána reatha		228,079	148,472	185,827
Dlíteanais iomlána		504,774	527,568	489,550
Dlíteanais iomlána agus cothromais		725,558	735,984	692,331

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar cheann an bhoid **John Horgan**
Cathaoirleach

Mike Quinn
Stiúrthóir Bainistíochta

30 Meitheamh 2016

Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCothromas

don bhliain dar críoch an 30 Márta 2016

	Cothromas inchurtha le geallshealbhóirí cothromais na cuideachta						lomián €'000	Leasa €'000	lomián €'000
	Scairbhiseach		Cúlchiste Sreabhadh Airgid	Cúlchistí Eile	Cúlchiste um aistriú airgid eachtraigh	Tuilleamh coinnithe			
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000			
Ar an 27 Márta 2014	82,804	1,959	(736)	-	-	119,210	203,237	(456)	202,781
Ioncam Cuimsitheach iomlán									
Brabús don bhliain	-	-	-	-	-	35,016	35,016	30	35,046
Ioncam Cuimsitheach eile									
Ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe	-	-	-	-	-	(22,339)	(22,339)	-	(22,339)
Oibríochtaí eachtracha - difear san aistriú airgid eachtraigh	-	-	-	-	596	-	596	-	596
Cosaint sreabhadh airgid - sciar éifeachtach d'athruithe i luach cothrom	-	-	51,274	-	-	-	51,274	-	51,274
Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (íocaíochtaí in airgead tirim)	-	-	(2,471)	-	-	-	(2,471)	-	(2,471)
Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (margadh airgeadraí eachtracha)	-	-	(44,923)	-	-	-	(44,923)	-	(44,923)
Idirbhearta le húinéirí na cuideachta									
Gnóthachtáil leasa neamhrialaithe*	-	-	-	-	-	(141)	(141)	(98)	(239)
Díbhinní	-	-	-	-	-	(11,171)	(11,171)	(138)	(11,309)
Ar an 25 Márta 2015	82,804	1,959	3,144	-	596	120,575	209,078	(662)	208,416
Ioncam Cuimsitheach iomlán									
Brabús don bhliain	-	-	-	-	-	17,228	17,228	54	17,282
Ioncam Cuimsitheach eile									
Ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe	-	-	-	-	-	10,066	10,066	-	10,066
Oibríochtaí eachtracha - difear san aistriú airgid eachtraigh	-	-	-	-	128	-	128	-	128
Cosaint sreabhadh airgid - sciar éifeachtach d'athruithe i luach cothrom	-	-	(5,637)	-	-	-	(5,637)	-	(5,637)
Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (íocaíochtaí in airgead tirim)	-	-	(4,104)	-	-	-	(4,104)	-	(4,104)
Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (margadh airgeadraí eachtracha)	-	-	6,830	-	-	-	6,830	-	6,830
Sciar de chomhfhiontar ioncaim chuimsitheach eile	-	-	-	(2,056)	-	-	(2,056)	-	(2,056)
Idirbhearta le húinéirí na cuideachta									
Díbhinní	-	-	-	-	-	(10,141)	(10,141)	-	(10,141)
Ar an 30 Márta 2016	82,804	1,959	233	(2,056)	724	137,728	221,392	(608)	220,784

*Fuair an grúpa seo sealúchas leas mionlaigh in Renewable Energy Ireland Limited i rith na bliana roimhe.

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Ráiteas Comhdhlúite ar Sreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch an 30 Márta 2016

	Nóta	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Sreabhadh airgeadais ó ghníomhaíochtaí oibríochta			
Brabús don bhliain airgeadais		17,282	35,046
Coigeartú le haghaidh :			
Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh	10	46,246	44,183
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	12	4,346	3,414
Gluaiseacht luacha chothroim ar shealúchas infheistíochta	11	(7,489)	(14,505)
Brabús ar dhíol sealúchais, gléasra, trealaimh	10	(357)	(175)
Amúchadh deontais chaipitil	17	(1,747)	(1,608)
Bearnú sócmhainní láimhsithe agus doláimhsithe	10 & 12	24,490	245
Gnóthachan ar athstruchtúró pinsin	26	(10,700)	-
Liúntais astúchán géillte		4,115	2,902
Cailteanas a tabháiódh nuair a cuireadh deireadh le hoibríochtaí scortha	22	-	4,637
Sciar chailteanas an chomhfhiontair	14	442	382
Costais Ghlana Airgeadais	8	14,891	12,752
Costas Cáin Ioncaim	9	5,828	13,882
Sreabhadh airgid oibríocháin roimh athruithe i gcaipitil oibre agus i soláthair		97,347	101,155
Athruithe i :			
Trádáil agus iníochtaigh eile		(8,270)	6,809
Trádáil agus infháiltais eile		9,647	(7,321)
Fardail		(2,866)	(9,803)
Soláthair		6,625	439
Méadú i ranníocaíochtaí airgid thirim thar tháille pinsin		(11,816)	(2,067)
Ús íochta		(6,680)	(11,943)
Cáin a íocadh		(17,257)	(16,717)
		(4,583)	(10,765)
Airgead tirim faighte ó ghníomhaíochtaí oibríochta.		68,827	61,730
Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Brabús ar dhímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh	10	1,661	319
Sócmhainní doláimhsithe a cheannach	12	(16,441)	(11,485)
Deontas Caipitil faighte	17	4,389	1,124
Sealúchas, gléasra agus trealamh a cheannach	10	(29,604)	(99,903)
Caiteachas caipitil ar shealúchas infheistíochta	11	(1,906)	(1,895)
Infheistíocht i gcomhfhiontair	14	(24,008)	(1,775)
Ús faighte		71	370
Airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(65,838)	(113,245)
Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Aisiocaíocht nótaí iasachta neamhurráithe		-	(40,714)
Fáltais airgid ó dhíorthaigh	8	4,690	2,824
Dibhinní íochta		(10,141)	(11,171)
Gnóthachtáil leasa neamhrialaithe		-	(239)
Dibhinní íochta le leas neamhrialaithe		-	(138)
Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin		(5,451)	(49,438)
Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid		(2,462)	(100,953)
Airgead tirim agus coibhéiseanna airgid thirim ag tús na bliana	23	71,630	172,583
Airgead tirim agus coibhéiseanna airid thirim ag deireadh na bliana	23	69,168	71,630

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

1. Eintiteas Tuairiscithe

Is cuideachta é Bord na Móna cpt (an “Chuideachta”) a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite na Cuideachta amhail ar agus le haghaidh na bliana dar críoch an 30 Márta 2016, cuimsíonn siad an Chuideachta agus a fochuideachtaí (rudaí ar a dtugtar an “Grúpa” agus “aonáin Grúpa” ina n-aonar) agus leas an Ghrúpa i gcomhfhiontair. Tá oifig chláráithe na Cuideachta ar an bPríomhshráid, An Droichead Nua, Co. Chill Dara.

Tá aon ghnáthscair amháin á coinneáil ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Tá 5% de na gnáthscaireanna i seilbh fhostaithe an Ghrúpa trí Phlean um Scair-Úinéireacht d’Fhostaithe (PSÚF). Tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe á coinneáil ag an Aire Airgeadais (ar aistríodh a scaireanna go dtí an tAire Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Airí agus Rúnaithe, 2011).

2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastúchán agus breithiúnas)

Tá na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith na mblianta go léir atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo, agus bhí siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ag aonáin uile an Ghrúpa.

Ráiteas Ghéillte

Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach. Is iad seo chéad ráiteas airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa ullmhaithe de réir an IRFS agus IFRS 1 *Chéad-ghlacadh le Caighdeán Idirnáisiúnta Tuairiscithe Airgeadais* atá i bhfeidhm.

Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir an Chreata Faisnéisithe Laghdaithe FRS 101 (“FRS 101”) Ní chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais seo ráiteas ioncaim Chuideachta faoi leith toisc gur bhain an Chuideachta leas as an díolúine atá ar fáil i rannóg 304 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá míniú ar an dóigh a ndeachaigh an IRFS i bhfeidhm ar an stádas airgeadais, ar fheidhmíocht airgeadais agus ar shreabhadh airgeadais an Ghrúpa ar fáil i nóta 30. Níor glacadh le caighdeán nua ar bith i rith na bliana.

Bunús le tomhas

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin na nithe ábhair seo a leanas ar an gclár comhardaithe::

- tomhaistear maoin infheistíochta ar luach cóir;
- tá dliteanas an phlean sochair shainithe aitheanta mar luach glan de shócmhainní plean móide luach reatha na n-oibleagáidí plean sochair shainithe; agus
- déantar díorthaigh a thomhas ar luach cothrom.

Airgeadra feidhmiúil

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Cuideachta. Tá an t-eolas airgeadais go léir curtha i láthair in Euro agus é slánaithe go dtí an míle is gaire, ach amháin má luaitear a mhalairt.

Úsáid meastúchán agus breithiúnas

Tá gá le bainistíocht chun breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna áirithe a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus ráitis airgeadais na Cuideachta in oiriúint le IFRS agus FRS 101 faoi seach a ullmhú. D’fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin seo.

Déantar athbhreithniú leanúnach ar mheastacháin agus boinn tuisciana bhunúsacha. Aithnítear athbhreithnithe go hionchasach ar mheastúcháin chuntasaíochta.

Is iad na breithiúnais ar chur i bhfeidhm beartais chuntasaíochta a mbíonn an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear i ráitis chomhdhlúite agus i ráitis airgeadais na Cuideachta ná:

- Luacháil shócmhainní agus dliteanas na scéime pinsin – féach nóta 26
- Suim ghlanluacha réadmhaoine, gléasra agus trealaimh – féach nóta 10
- Tomhas sholáthairtí – féach nóta 18
- Comhaontú Soláthair Móna – Tá comhaontuithe i bhfeidhm ag an nGrúpa móin a sholáthar do BSL go dtí 2019. Tá an praghas bunaithe go príomha ar luach na mbreolaí eile carbóin-bhunaithe. Rinne an Grúpa measúnacht ar théarmaí na gconarthaí agus tá sé sásta go bhfuil na conarthaí i dteideal díolúine ‘féin-úsáide’ de réir IFRS ó chuntasaíocht ionstraim airgeadais agus nach bhfuil aon díorthaigh neadaithe sna conarthaí ar gá iad a scarúint.
- Móin – Chinn an Grúpa nach sócmhainn bhitheolaíoch í an mhóin de réir an IRFS. Is í an réasúnaíocht atá ann nach mbíonn aon idirbheartaíocht de láimh agus an mhóin á déanamh. Ar a bharr sin, ní mheastar gur ainmhi beo ná planda í móin.

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

2. Polasaithe cuntasáíochta suntasacha (ar lean)

Tomhas luachanna cothroma

Tá tomhas luachanna cothroma de dhíth ar roinnt beartais chuntasáíochta agus faisnéisithe an Ghrúpa. Agus luach cothrom de shócmhainn nó de dhilteanas á thomhas úsáideann an Grúpa sonraí margaidh inbhraite a oiread agus is féidir. Déantar luachanna cothroma a chatagóiriú i leibhéil éagsúla de réir grádú ar luach cothrom bunaithe ar ionchuir a mbaintear úsáid astu sna teicnícíochtaí luachála seo a leanas:

- *Leibhéal 1:* praghasanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margáí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanas combhionanna..
- *Leibhéal 2:* Ionchuir seachas praghasanna luaite i Leibhéal 1 atá inbhraite le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanas, pé acu díreach (msh. mar phraghasanna) nó go hindíreach. (i.e. tagtha as praghasanna).
- *Leibhéal 3:* ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanas a chatagóiriú ar leibhéal áirithe de ghrádú an luacha chothroim, ansin déantar an tomhas luacha chothroim a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ghrádú luacha chothroim mar an t-ionchur luacha chothroim is ísle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Tá tuilleadh eolais faoi na boinn tuisceana a nglactar leo le linn áireamh na luachanna córa le fáil i nóta 29 a phléann le hIonstraimí Airgeadais agus Bainistíú Riosca.

Bliain cuntasáíochta

Críochnaíonn an bhliain airgeadais ar an gCéadaoin dheireanach de mhí an Mhárta. Cuimsíonn na ráitis airgeadais seo an tréimhse 53 sheachtain ó 26 Márta 2015 go dtí 30 Márta 2016 (an bhliain roimhe sin: tréimhse 52 sheachtain ó 27 Márta 2014 go 25 Márta 2015).

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Leasuithe a rinneadh ar an CITA nach bhfuil i bhfeidhm go fóill.

Tá roinnt dualgas CITA i bhfeidhm do thréimhsí a thosaíonn tar éis an 1 Eanáir 2014, ach níor cuireadh san áireamh iad in ullmhúcháin na ráiteas comhdhlúite airgeadais seo. Na dualgais seo a leanas atá i gceist:

- Leasú ar IAS 16 agus ar IAS 38: *Soiléiriú maidir le modhanna inghlactha dímhéasa agus amúchta*(curtha i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016).
- CITA 15: *Ioncam a ghnóthaítear ó chonarthaí le custaiméirí*(le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018)*
- CITA 9: *Ionstraimí Airgeadais* (a bhfuiltear ag súil leo teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018 ar a luaithe)*
- Feabhsuithe bliantúla ar CITAanna 2010-2012, 2011-2013 agus 2012-2014*

Tá an Grúpa ag déanamh measúnú i láthair na huair ar thionchar na ndualgas CITA seo. Ina theannta sin, tá roinnt dualgas CITA le teacht a mheastar nach mbeidh tionchar ábhartha acu ar an nGrúpa.

Bunús an chomhdhlúthaithe

Comhcheangail ghnó

Déanann an Grúpa cuntas ar chomhcheangail ghnó tríd an modh ceannaigh nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa. Go ginearálta, tomhastar an chomaoin aistrithe san éadail ar luach cóir, agus déantar amhlaidh leis na glansócmhainní inaitheanta faighte. Aon dea-thoil atá mar thoradh ar seo, déantar í a thástáil go bliantúil le haghaidh lagaithe. Aithnítear aon ghnóthachan ar cheannach margaidh sa chuntas brabúis nó caillteanas láithreach bonn. Déantar cuntas de na costais idirbheart de réir mar a thabhaítear iad, ach amháin más costais maidir le heisiúnt fiachais nó cothromas urrúis iad.

Ní chuimsíonn an chomaoin aistrithe méideanna a bhaineann le socráocht caidreamh a bhí ann cheana féin. Go ginearálta, aithnítear gnóthachain agus caillteanas ar na socráochtaí seo sa chuntas brabúis nó caillteanas.

Déantar aon chomaoin theagmhasach a mheasúnú ar luach cóir ar dháta na héadála. Má cháilítear mar chothromas an dualgas chomaoin theagmhasach a íoc, agus má aithnítear gur ionstraim airgeadais an dualgas sin, ní gá an dualgas sin a thomhas arís agus is féidir cuntas a dhéanamh den socráocht mar pháirt den chothromas.

Murach sin, aithnítear aon athrú ar luach cóir na comaoine teagmhasaí ina dhiaidh sin sa chuntas brabúis agus caillteanas.

Fochuideachtaí

Is aonáin iad fochuideachtaí atá faoi rialú an Ghrúpa. Meastar go bhfuil aonán faoi rialú an Ghrúpa nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar, nó go bhfuil cearta aige ar, thorthaí inathraitheacha an aonáin de bharr an bhaint atá aige leis nó an tionchar atá aige ar na torthaí sin. Tá ráitis airgeadais fochuideachta san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a thosaíonn rialú go dtí an dáta a stopann sé.

* Nár cheadaigh an AE go fóill

2. Polasaithe cuntasáochta suntasacha (ar lean)

Comhfhiontair

Is gnóthais iad chomhfhiontair atá faoi rialú an Ghrúpa in éineacht le páirtí amháin nó níos mó, ina mbíonn cearta ag an nGrúpa ar ghlansócmhainní an chomhfhiontair, seachas cearta a bheith aige ar shócmhainní ar leith nó dualgas a bheith aige i leith chaillteannais an chomhfhiontair.

Déantar cuntas de na leasanna i gcomhfhiontair trí mhodh an chothromais. Aithnítear ar dtús iad ar a gcostas, ag cur san áireamh na costais idirbheart. I ndiaidh iad a aithint, cuimsíonn na ráitis airgeadais chomhdhlúite sciar an Ghrúpa den bhrabús nó den chaillteanas agus d'ioncam cuimsitheach eile (OCI) na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasáochta an chothromais i bhfeidhm orthu, suas go dtí an dáta a scoireann an comhriáil.

Cailliúint rialaithe

Nuair a chailleann an Grúpa rialú ar fhochuideachta, déanann sé sócmhainní agus dliteanas na fochuideachta a dhí-aithint, in éineacht le leas mionlaigh gaolmhar ar bith agus comhchodanna cothromais ar bith. Ina theannta sin, aithníonn sé aon chomhaoin a fhaightear ar luach cóir. Déantar measúnú ar luach cóir ar aon leas a choinnítear san iar-fochuideachta i ndiaidh rialú a chailliúint. Aithnítear gnóthachan nó caillteanas atá mar thoradh air sin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Leasanna Neamhrialaithe

Déantar leasanna neamhrialaithe a mheasúnú mar sciar comhréireach de ghlansócmhainní inaitheanta an fhaighteáin ag dáta na headála. Ina dhiaidh sin, leithdháiltear orthu a sciar den ioncam uile-ghabhálach iomlán.

Cuirtear san áireamh mar idirbheart cothromais aon athrú a tharlaíonn do leas an Ghrúpa i bhfochuideachta nach spreagann caillteanas rialaithe.

Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/speansais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa a dhíchur in ullmhú na ráiteas airgeadais comhdhlúite.

Cuirtear infheistióchtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide bearnú ar luach i ráitis airgeadais na cuideachta.

Airgeadra Eachtrach

i. Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh

Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha go hairgeadraí feidhmiúla an Ghrúpa faoi seach ar an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanas airgid a ainmnítear in airgeadraí eachtracha go dtí an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag an dáta tuaraiscithe. Déantar na sócmhainní neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar luach cóir in airgeadra eachtranach a aistriú go hairgeadra feidhmiúil ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm nuair a socraíodh an luach cóir sin. Aithnítear difríochtaí sna hairgeadraí eachtranacha sa chuntas brabúis agus caillteanais. Ní hathaistrítear míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar bhonn chostais stairiúil na míreanna sin in airgeadra eachtrach.

É sin ráite, aithnítear difríochtaí sna hairgeadraí eachtracha a eascraíonn as aistriú na míreanna seo a leanas:

- infheistióchtaí cothromais atá ar fáil lena ndíol (seachas ar bhearnú, athcháilítear sa chás sin difríochtaí sna hairgeadraí eachtracha a aithníodh cheana féin san ioncam cuimsitheach eile (IOC) go brabús nó caillteanas;
- dliteanas airgeadais a ainmníodh mar fhál don ghlainfheistiócht in oibríocht eachtrach a mhéid go bhfuil an fál sin éifeachtach; agus
- fáluithe ar an sreabhadh airgid sa mhéid go bhfuil na fáluithe éifeachtach.

ii. Oibríochtaí eachtracha

Aistrítear go euro, ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag an dáta tuaraiscithe, sócmhainní agus dliteanas oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadál. Aistrítear ioncam agus costais na n-oibríochtaí eachtracha go euro ag na rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart.

Aithnítear difríochtaí sna hairgeadraí eachtranacha san ioncam cuimsitheach iomlán (OCI) agus carntar iad sa chúlchiste aistriúcháin, seachas a mhéid go leithdháiltear an difríocht aistriúcháin go dtí an NCI.

Nuair a dhiúscaítear oibríocht eachtrach ina iomláine nó i bpáirt ionas go gcailltear rialú, athcháilítear sa chuntas brabúis nó caillteanas an méid a carnaíodh don oibríocht eachtrach sin sa chúlchiste aistriúcháin mar pháirt den ghnóthachan nó den chaillteanas ar dhiúscairt na n-oibríochta. Má dhiúscaíonn an Grúpa páirt dá leas i bhfochuideachta ach go gcoinníonn sé smacht ar an bhfochuideachta, ath-leithdháiltear an chuid ábhartha den mhéid chomhach ar an NCI.

Míreanna eisceachtúla

Is é is míreisceachtúil ann aon mhír ioncaim agus caillteanais a mheasann an Grúpa a bheith ábhartha agus/nó a bheith den chineál ná gurb ábhartha é a nochtadh ina aonar chun tuiscint níos fearr a sholáthar d'oibriú airgeadais an Ghrúpa. Tugann an Grúpa breithiúnas agus é ag measúnú na nithe ar leith, rudaí ba chóir a nochtadh i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara mar nithe eisceachtúla mar gheall ar a n-ábharthacht agus a nádúr.

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

Léasanna

Ar dháta tionscanta an tsocraithe, cinneann an Grúpa cé acu an léas nó nach léas é an socrú, agus cinneann sé an bhfuil léas ina chuid den socrú nó nach bhfuil.

Ar dháta tionscanta nó athbhreithnithe an tsocraithe, a bhfuil léas ina chuid de, déanann an Grúpa íocaíochtaí agus comaoin eile arna n-éileamh ag an socrú a scaradh óna chéile, idir iad siúd atá bainteach leis an léas agus iad siúd atá bainteach le míreanna eile ar bhonn a luachanna córa coibhneasta. Nuair a chineann an Grúpa i leith léasa airgeadais gur dodhéanta na híocaíochtaí a scaradh go hiontaoifa, aithnítear an tsócmhainn agus an dliteanas ar mhéid cothrom leis an gceann is ísle de luach cóir na bunsócmhainne agus de luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa; ina dhiaidh sin, laghdaítear an dliteanas de réir mar a ndéantar na híocaíochtaí agus aithnítear costas airgeadais barúlach ar an dliteanas ag baint úsáid as ráta incriminteach iasachta an Ghrúpa.

Sócmhainní léasaithe

Aicmítear mar léasanna airgeadais sócmhainní atá á gcoinneáil ag an nGrúpa, sócmhainní atá faoi léasanna a aistríonn go substaintiúil na rioscaí agus na luaíochtaí a ghabhann le húinéireacht chuig an nGrúpa. Déantar na sócmhainní léasaithe a thomhas ar dtús ar mhéid cothrom leis an gceann is ísle dá luach cóir agus de luach reatha na n-íocaíochtaí léasa is lú. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar cuntas de na sócmhainní de réir an bheartais cuntasaíochta atá oiriúnach don sócmhainn sin.

Aicmítear sócmhainní a gcoinnítear faoi léasanna eile mar léasanna oibriúcháin agus ní aithnítear i gclár comhardaithe an Ghrúpa iad.

Íocaíochtaí léasa

Aithnítear íocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailteanais ar bhonn líne díreach thar théarma an léasa. Aithnítear dreasachtaí léasa a deonaíodh mar dhlúthchuid den chostas léasa iomlán, thar théarma an léasa.

Cionroinntear na híocaíochtaí léasa íosta a dhéantar faoi na léasanna airgeadais idir an costas airgeadais agus laghdú an dliteanais gan íoc. Le linn théarma an léasa, leithdháiltear an costas airgeadais do gach tréimhse ar mhaithe le ráta úis peridach rialta ar an dliteanas gan íoc a fháil.

Oibríochtaí scortha

Is ionann oibríocht scortha agus cuid de ghníomhaíochtaí an Ghrúpa inar féidir a hoibríochtaí agus a sreabhadh airgid a idirdhealú ón chuid eile den Ghrúpa agus:

- gur ionann í agus réim gnó nó limistéar geografach oibríochta ar leith;
- atá mar pháirt de phlean aonair chomhordaithe chun príomhréim gnó nó limistéar geografach oibríochta ar leith a dhiúscairt; NÓ
- gur ionann í agus fochuideachta a ceannaíodh d'fhonn í a athdhíol.

Déantar oibríocht a aicmiú mar oibríocht scortha ag stad luath den diúscairt nó nuair a chomhlíonann sí na critéir go nglacfaí léi mar eintiteas atá á choinneáil lena athdhíol.

Nuair a dhéantar oibríocht a aicmiú mar oibríocht scortha, cuirtear an ráiteas comparáideach ioncaim agus ráiteas an ioncaim chuimsitheach eile i láthair arís amháin is gur scoradh an oibríocht ó thús na bliana comparáidí.

Ioncam airgeadais agus costais airgeadais

Áirítear le hioncam airgeadais agus costais airgeadais an Ghrúpa na nithe seo a leanas:

- ioncam úis;
- costais úis;
- an gnóthachan nó an cailteanas airgeadra eachtraigh ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais;
- an gnóthachan nó an cailteanas glan ar ionstraimí fáilaithe a aithnítear sa chuntas brabúis agus cailteanais; agus
- athaicmiú méideanna atá bainteach le fála sreafa airgid arna n-aithnint cheana san ioncam cuimsitheach eile (OCI).

aithnítear an t-ioncam nó na costais úis le modh an úis éifeachtaigh.

ní chuirtear san áireamh le costais airgeadais an Ghrúpa ús arna chaipitiliú ar shócmhainní le linn a dtógála. Ina theannta sin, gearrtar ar na costais airgeadais leachtú na lascaine agus an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe.

Cánachas

Cuimsíonn costas cáin ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear é sa chuntas brabúis agus cailteanais ach amháin sa mhéid go bhfuil sé bainteach le comhcheangail ghnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach mar chothromas nó mar ioncam cuimsitheach eile (OCI).

2. Polasaithe cuntasáíochta suntasacha (ar lean)

Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an méid a bhfuiltear ag súil lena íoc maidir le brabús nó cailteanas inchánach le haghaidh na bliana agus aon choigeartú ar an gcáin atá le híoc agus le fáil i leith na mblianta roimhe sin. Ríomhtar í leis na rátaí agus dlíthe cánach a bhí achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta an chláir chomhardaithe.

Is féidir sócmhainní agus dliteanais cánach reatha a fhritháireamh má chomhlíontar na critéir.

Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le gach difríocht sealadach idir méideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánachais. Ní aithnítear cáin iarchurtha nuair atá:

- difríochtaí sealadacha in aithint shócmhainní agus dliteanais don chéad uair le linn idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach bhfuil tionchar ag an idirbheart sin ar chuntasáíocht ná ar bhrabús nó cailteanas inchánach;
- difríochtaí sealadacha bainteach le hinfeistíochtaí i bhfochuideachtaí, comhlacha agus comhfhiontair sa mhéid go bhfuil an Grúpa in ann smacht a choinneáil ar uainiú fhreaschuir na ndifríochtaí sealadacha sin agus go bhfuil seans maith ann nach bhfreaschuirtear iad go ceann i bhfad; agus
- difríochtaí sealadacha inchánacha a eascraíonn ó aithint an dea-thola ar dtús.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh cailteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte agus difríochtaí sealadacha inasbhainte sa mhéid go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh fáil ar bhrabús inchánacha todhchaí a d'fhéadfaí a úsáid ina gcoinne. Déantar sócmhainní cánach iarchurtha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad sa mhéid nach dóchúil níos mó go réadófar an sochar cánach gaolmhar; freaschuirtear laghdúithe den chineál sin nuair a thagann feabhas ar dhóchúlacht na mbrabús inchánach todhchaí.

Athbhreithnítear sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad sa mhéid go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh fáil ar bhrabús inchánacha todhchaí a d'fhéadfaí a úsáid ina gcoinne.

Tomhaistear cáin iarchurtha ar na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí uainithe i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ag an dáta tuairiscithe.

Freagraíonn tomhas na cánach iarchurtha le na hiarmhairtí cánach a bheadh mar thoradh ar an mbealach a bhfuil súil ag an nGrúpa, ag an dáta tuairiscithe, suim ghlanluacha a shócmhainní agus a ndliteanas a aisghabháil nó a shocrú. Chun na críche seo, meastar go ndearnadh an tsuim ghlanluacha den infheistíocht réadmhaoine arna tomhas ag luach cóir a aisghabháil trí cheannach, agus níor bhréagnaigh an Grúpa é seo.

Is féidir sócmhainní agus dliteanais cánach reatha a fhritháireamh má chomhlíontar critéir áirithe.

Ioncam

Díol earraí

Aithnítear ioncam nuair a aistrítear na rioscaí agus luaíochtaí suntasacha úinéireachta go dtí an custaiméir, nuair is dócha go bhfaighfean an chomaoin ar ais, gur féidir na costais ghaolmhara a thomhas go hiontaoifa, nuair nach bhfuil baint leanúnach bhainistíoch leis na hearraí i gceist, agus nuair is féidir an méid ioncaim a thomhas go hiontaoifa. Déantar ioncam a thomhas mar ghlanmhéid de thorthaí, de lascaí trádála agus de lacáistí méid.

Bíonn difríochtaí i gceist in uainiú aistriú na rioscaí agus na luaíochtaí de réir théarmaí éagsúla an chomhaontaithe díolachán.

Seirbhísí a chur ar fáil

Tá an Grúpa gafa le soláthar seirbhísí tailte móna don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Má sholáthraítear na seirbhísí faoi shocrú aonair ag tréimhsí éagsúla tuairiscithe, déantar an chomaoin a leithdháileadh ar bhonn luacha chóir choibhneasta idir na seirbhísí éagsúla.

Aithníonn an Grúpa ioncam ó sholáthair seirbhísí i gcomhréir le staid chríochnaithe an idirbheart ar an dáta tuairiscithe. Déantar measúnú ar an gcéim chríochnaithe bunaithe ar shuirbhéanna ar an obair arna déanamh.

Ioncam iarchurtha agus ioncam fabhráithe

Nuair a fhaightear íocaíocht ó chustaiméirí roimh chur i gcrích oibleagáidí conarthacha an Ghrúpa dá chustaiméirí, aithníonn an Grúpa ioncam iarchurtha ar an gclár comhardaithe, rud a léiríonn oibleagáidí neamhchomhlíonta an Ghrúpa faoi na téarmaí conartha. Nuair a chuireann an Grúpa a oibleagáidí i gcrích agus é ag fáil ceart comaoine dá bharr, aithnítear an t-ioncam gaolmhar sa chuntas brabús agus cailteanais. Gearrtar na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí ar an gcostas díolachán de réir mar a thabhaítear iad.

Aithnítear ioncam a tuilleadh ar sholáthar earraí/seirbhísí, ach nach bhfuil bileáilte, aithnítear é i gcomhréir le téarmaí conarthacha mar ioncam fabhráithe ar an gclár comhardaithe.

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

2. Polasaithe cuntasáíochta suntasacha (ar lean)

Ioncam ó chíos infheistíochta réadmhaoine

Aithnítear ioncam ó infheistíocht réadmhaoine ar bhonn líne díreach thar théarma an léasa. Aithnítear dreasachtaí léasa a deonaíodh mar dhlúthchuid den chostas léasa iomlán, thar théarma an léasa. Aithnítear ioncam cíosa mar ioncam eile.

Sealúchas, gléasra agus trealamh

Aithint agus tomhas

Déantar tomhas ar thalamh ruíse seachas tailte móna ar a chostas, lúide cailteanais bhearnúcháin charnacha ar bith. Déantar talamh mhóna agus sócmhainní inláimhsithe seasta eile ar bith a thomhas ar a gcostas lúide dímheas carnach agus cailteanais charnacha bhearnúcháin ar bith.

Cuimsíonn costas caiteachas atá inchurtha go díreach i leith éadail na sócmhainne. Cuimsíonn costas sócmhainní féin-chomhdhéanta:

- costais ábhar agus oibre:
- aon chostais eile atá inchurtha go díreach i leith bail oibre a chur ar na sócmhainní dá n-úsáid bheartaithe;
- nuair atá oibleagáid ar an nGrúpa an tsócmhainn a bhaint nó an láithreán a athchóiriú, meastacháin ar na costais air seo; agus
- costais chaipitlithe iasachtaithe.

Nuair atá saoil dhifriúla úsáideacha ag codanna tábhachtacha de mhír maoine, ghléasra agus threalaimh, déantar cuntas orthu ansin mar nithe ar leith (comhchodanna móra) agus déantar dímheas ar leithligh orthu.

Aithnítear gnóthachan nó cailteanas ar bith ar dhiúscairt mhír maoine, ghléasra agus threalaimh (ríofa mar dhifríocht idir na glanfháltais ó dhiúscairt agus suim ghlanluacha an ní atá i gceist) sa chuntas ioncaim agus brabúis.

Déantar costais airgeadais atá inchurtha go díreach i leith tógáil réadmhaoine, gléasra agus threalaimh a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Nuair a fhaightear airgead ar iasacht go sonrach chun tógáil réadmhaoine, gléasra agus threalaimh a mhaoiniú, bíonn méid na gcostas airgeadais caipitlithe faoi theorainn na gcostas iarbhír a thabhaítear ar an iasachtú i rith na tréimhse maidir le caiteachas ar an réadmhaoine, ar an ngléasra agus ar an threalamh. Tagann deireadh le caipitliú na gcostas iasachtaíochta nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó nuair a chuirtear isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada ama.

Caiteachais ina dhiaidh sin

Déantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú más rud é go bhfuil dóchúlacht ann go ndéanfaidh an Grúpa brabús ar na sochair eacnamaíochta todhchaí atá bainteach leis an gcaiteachas.

Ídiú agus dímheas

Déantar dímheas a ríomh chun costas na míreanna réadmhaoine, gléasra agus threalaimh a dhíscríobh lúide a luachanna measta iarmharacha leis an modh líne díri ar feadh a saoil mheasta úsáidigh. Aithnítear ídiú sa chuntas brabúis nó cailteanais. Déantar sócmhainní léasaithe a dhímheas thar cibé is giorra, téarma an léasa nó a saoil mheasta úsáidigh mura bhfuil sé réasúnta cinnte go nglacfaidh an Grúpa úinéireacht ar na sócmhainní ag deireadh théarma an léasa. Ní dhímheastar talamh.

Déantar dímheas ar réadmhaoine, gléasra agus threalamh ón dáta a chuirtear ar fáil iad lena n-úsáid nó, maidir le sócmhainní atá á dtógáil, ón dáta a chríochnaítear an tsócmhainn agus í réidh lena húsáid.

Nuair atá saolta difriúla úsáideacha ag sócmhainní, dímheastar mar seo a leanas iad:

Sócmhainní ar bhonn líne díri

Déantar dímheas ar réadmhaoine, ar ghléasra agus ar threalamh ar bhonn líne díri ar na rátaí atá luaite:

Gléasra agus Innealra	5% go 12.5%	in aghaidh na bliana
Feirmeacha gaoithe	5%	in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	20%	in aghaidh na bliana
Foirgnimh	5% go 10%	in aghaidh na bliana
Trealamh TF	20% go 33.3%	in aghaidh na bliana

Cineál sócmhainne eile

Sócmhainní Giniúna

Déantar dímheas ar stáisiún cumhachta an Ghrúpa ag Éadan Doire ar bhonn aschuir leictrigh d'fhonn an dímheas a nascadh le cumas measta táirgthe an stáisiúin. Féachann an modh dímheasa aschuir leictrigh leis an muirear dímheasa a chur ag baint le cumas measta táirgthe an stáisiúin.

2. Polasaithe cuntasáochta suntasacha (ar lean)

Déantar dímheas ar stáisiún buaice an Ghrúpa ag Éadan Doire agus ar na feirmeacha gaoithe ar bhonn líne díri, agus déantar an muirear a ríomh chun costais na sócmhainní a scríobh síos go dtí a luach measta iarmharach. Léiríonn úsáid bonn dímheasa na líne díri idiú ionchasach tairbhe gheilleagrach na stáisiún ar bhonn comhsheasmhach thar shaol úsáideach na stáisiún (fiche bliain), rud atá bunaithe ar an bhfáil atá air don eangach.

Líonadh Talún

Déantar dímheas ar chostas bonneagair na sócmhainne líonta talún thar shaol ceadúnaithe fiche bliain. Déantar dímheas ar na cealla líonta talún agus ar na costais chaipitlithe ghaolmhara a bhfuil soláthairtí comhshaoil ann dóibh, amhail caidhpeáil, ar bhonn úsáide spáis fholaimh.

Sócmhainní idir lámha

Ní ghearrtar dímheas ar bith ar shócmhainní nuair a bhíonn siad á dtógáil. Déantar modhanna dímheasa, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

Taifeadtar muirear dímheasa maidir le talamh móna bunaithe ar na cúltaiscí móna a úsáidfead chun dualgais soláthair an Ghrúpa faoi na Comhaontuithe Soláthair Mhóna a chomhlíonadh.

Dea-thoil agus sócmhainní doláimhsithe

i. Aithint agus tomhas

Dea-mhéin

Déantar dea-thoil atá mar thoradh ar éadail fochuideachtaí a thomhas ar a gcostas lúide cailteanais charnacha bhearnúcháin.

Taighde agus forbairt

Aithnítear caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde sa chuntas brabúis agus cailteanais mar a tabhaíodh iad.

Déantar caiteachas forbartha a chaipitliú más rud é gur féidir an caiteachas a thomhas go hiontaoifa, más rud é go bhfuil an táirge nó an próiseas indéanta go teicniúil agus ó thaobh tráchtála de, más rud é go bhfuil sochair gheilleagracha todhchaí dóchúlach ann agus go bhfuil rún ag an nGrúpa agus acmhainní leordhóthanacha aige an fhorbairt a chríochnú agus an tsócmhainn a úsáid nó a dhíol. Murach sin, aithnítear é sa chuntas brabúis agus cailteanais mar a tabhaíodh é. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar caiteachas forbartha a thomhas ar a chostas lúide amúchadh, ón dáta a chuirtear ar fáil iad lena n-úsáid, agus cailteanais charnacha bhearnúcháin ar bith.

Sócmhainní doláimhsithe eile (seachas liúntais astaíochtaí)

Tomhaistear sócmhainní doláimhsithe eile, lena n-áirítear conarthaí, naisc eangaí, liostaí custaiméirí agus bogearraí ar a gcostas lúide amúchadh carnach agus cailteanais charnacha bhearnúcháin ar bith.

ii. Caiteachais ina dhiaidh sin

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin nuair a mhéadaíonn sé na tairbhí geilleagracha atá mar dhlúthchuid den tsócmhainn lena mbaineann sé. Aithnítear sa chuntas brabúis agus cailteanais caiteachas eile ar bith, lena n-áirítear caiteachas ar dhea-thoil a ghintear go hinmheánach agus brandaí.

iii. Amúchadh

Déantar dímheas a ríomh chun costas na sócmhainní inláimhsithe seasta a dhíscríobh lúide a luachanna measta iarmharacha leis an modh líne díri ar feadh a saoil measta úsáidigh, agus aithnítear é sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Meastar saolta úsáideacha a bheith mar seo a leanas:

- Nasc eangaí – 20 bliain
- Bogearraí – 3-8 mbliana

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí. Ní dhéantar dea-thoil a amúchadh ach cuirtear í faoi réir athbhreithnithe bearnúcháin go bliantúil.

Liúntais Astaíochtaí

Ceannaithe:

Taifeadtar liúntais astaíochtaí mar shócmhainní doláimhsithe ar a gcostas agus ní dhéantar iad a amúchadh ós rud é go gcoinnítear iad le haghaidh shocraíocht an dliteanais astaíochtaí. De réir mar a théann líon na n-astaíochtaí i méid, taifeadtar muirear sa ráiteas ioncaim chun an méid atá de dhíth chun an dliteanas a íoc leis an Údarás Rialtais a léiriú. Cuimseoidh an dliteanas seo méid glanluacha na liúntais astaíochtaí atá á gcoinneáil móide luach margaidh reatha liúntais bhreise ar bith a bhfuil gá leo chun an oibleagáid a shocrú. Tugtar na liúntais seo, in éineacht le liúntais bhreise ar bith eile a fhaightear, tugtar ar ais don Údarás bainteach iad taobh istigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, ar mhaithe le híoc as dliteanas na n-astaíochtaí iarbhir i rith na bliana sin. Laghdaítear an tsócmhainn dholáimhsithe ar shocraíocht an dliteanais.

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

Deonaithe:

I gcomhréir le soláthairtiscéim thrádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, bíonn liúntais astaíochtaí a chuimsíonn céatadán de na hastaíochtaí ionchasacha i rith na bliana, bíonn siad deonaithe do cheann amháin de chuideachtaí Bhord na Móna ag tús gach bliana ag an Údarás Bainteach Rialtais. Aithnítear liúntais astaíochtaí a dheonaítear mar nialas. Aithnítear an dliteanas comhfhreagach a bheidh socraithe le liúntais dheonaithe mar nialas chomh maith.

Maoin infheistíochta

Tomhaistear réadmhaoin infheistíochta de réir a costais agus ina dhiaidh sin ag luach cóir agus aithnítear aon athrú ann sa chuntas brabúis nó cailteanas.

Aithnítear gnóthachan nó cailteanas ar bith ar dhiúscairt réadmhaoin (ríofa mar dhíriocht idir na glanfháltais ó dhiúscairt agus suim ghlanluacha an ní atá i gceist ag deireadh na tréimhse tuairiscithe roimhe seo) sa chuntas brabúis nó cailteanas.

Bearnúchán

i. Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthach

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais nár aicmíodh a bheith ag luach cóir sa chuntas brabúis agus cailteanas ar gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann maidir lena mbearnú.

ii. Sócmhainní neamhairgeadais

Ar gach dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa athbhreithniú ar mhéideanna glanluacha a shócmhainní neamhairgeadais (seachas réadmhaoin infheistíochta, fardail, agus sócmhainní cánach iarchurtha) le cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bearnú ar bith le sonrú. Más amhlaidh go bhfuil sonrú dá leithéid ann, déantar méid aisghabhála na sócmhainne a mheas.

I gcás tástáil bearnúcháin, cuirtear sócmhainní le chéile sa ghrúpa sócmhainní is lú a ghineann insreafaí airgid agus atá neamhspleách den chuid is mó ar shreafaí airgid sócmhainní eile nó ar Aonaid Ghiniúna Ioncaim (AGInna). Déantar dea-thoil a fhaightear i gcomhcheangal gnó a leithdháileadh ar AGInna nó ar ghrúpaí AGInna a bhfuiltear ag súil go mbainfidh siad tairbhe as sineirgí an chomhcheangail.

Is ionann méid inaisghabhála sócmhainne nó AGA agus an ceann is mó dá luach úsáide agus dá luach cóir lúide an costas díolachán. Tá an luach úsáide bunaithe ar mheastachán sreafa airgid, arna lascaíniú go dtí a luach reatha. An ráta lascaine a úsáidtear, is ráta réamhchánach é a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar an luach ama airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an tsócmhainn nó an AGA.

Aithnítear cailteanas bearnúcháin má sháraíonn méid glanluacha na sócmhainne nó an AGA an méid in-aisghabhála.

Aithnítear cailteanas bearnúcháin sa chuntas brabúis nó cailteanas. Ar dtús, déantar na cailteanas sin a leithdháileadh chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata. Ní dhéantar cailteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I gcás sócmhainní eile, ní fhreaschuirtear cailteanas bearnúcháin ach amháin chomh fada is nach sáraíonn méid glanluacha na sócmhainne an méid a chinneadh, glan ó dhímheas nó amúchadh, da mba rud é nár aithníodh cailteanas bearnúcháin sa chéad áit.

Fardail

Déantar fardail agus obair idir lámha a luacháil ag an gceann is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe. Déantar stoic ghuaile a luacháil ar chostas ualaithe meánach iarbhair. Déantar luacháil ar stoic brící ar an gceann is ísle de chostais iarbhair nó an gnáthchostas normalaithe. Déantar stoic meáin fáis ghairneoireachta ar chostais ualaithe mheánacha iarbhair.

Cuimsíonn costas móna meilte gach caiteachas díreach a rinneadh chun táirgí a thabhairt go dtí an áit agus an chaoi a bhfuil siad faoi láthair i ngnáthdhálaí oibriúcháin. Bíonn an costas móna meilte a bhaintear cinnte ag gach láithreán talamh mhóna mar chostas an fhómhair bhliantúil leithdháilte thar na gnáthleibhéil fómhair a bhíonn ríofa agus iad bunaithe ar an gnáth-thonnaíste. Laghdaítear an costas aonaid go costas iarbhair nuair atá an costas iarbhair in aghaidh an tonna níos ísle ná an gnáthchostas in aghaidh an tonna. Cuimsíonn costais stoic móna meilte muirear ídithe, costas díreach oibre, costais eile agus forchostais ghaolmhara táirgthe. Aithnítear athruithe ó ghnáth-thonnaíste (.i. bearnúcháin méadaithe ina bhfuil na tonnáistí iarbhair aschuir níos mó mar gheall ar ábhar feabhsaithe taise) ar thomhas na móna nuair a bhíonn an stoc-charn go hiomlán ídithe. Déantar soláthar le haghaidh bónais bhreise do mheithleacha nach mbíonn ann ach nuair a aithnítear tonnáiste in airde, déantar soláthar dóibh nuair a aithnítear na tonnáistí gaoimhara in airde mar chuid den phróiseas tomhais seo.

Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar phraghas measta díolachán i rith an ghnáthchúrsa ghnó, lúide an costas measta críochnaithe, costais a bhfuil gá leo chun an díolachán a dhéanamh agus íocaíochtaí pionóis ar bith.

Airgead agus coibhéis airgid

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead sa bhanc, airgead ar lámh agus taiscí gearthéarmacha.

2. Polasaithe cuntasáochta suntasacha (ar lean)

Is ionann coibhéisí airgid thirim agus infheistíochtaí gear-théarma an-leachtacha le haibíocht bhunaidh de thrí mhí nó níos lú ó dháta na fála, infheistíochtaí ar féidir iad a inmhálairt go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus nach bhfuil neamhchosanta ar riosca suntasach athraithe ar luach.

Sa ráiteas sreafa airgid léirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim mar ghlanmhéid de rótharraingtí gearthéarmacha a aisíoctar ar éileamh.

Pinsin agus sochair iarscoir

Tá socrúithe pinsin sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe araon ag an nGrúpa.

Scéimeanna ranníocaíochta sainithe

Ag an am a sholáthraítear an tseirbhís ghaolmhar, gearrtar oibleagáidí ranníocaíochtaí le pleannanna ranníocaíochta sainithe mar speansas. Aithnítear ranníocaíochtaí mar shócmhainn sa mhéid is go mbíonn aisíoc airgid thirim nó laghdú ar íocaíochtaí todhchaí ar fáil dóibh.

Scéimeanna sochair shainithe: Grúpa

Ríomhtar glanmhéid dualgais an Ghrúpa maidir leis an bplean sochair shainithe ar leithligh do gach plean tríd méid an tsochair todhchaí a shaothraigh na fostaithe le linn na tréimhe reatha agus an méid a shaothraigh siad sa tréimhe roimhe sin a mheas, ag lascaíniú an méid sin agus luach cóir sócmhainní plean ar bith a asbhaint.

Déanann achtúire cáilithe na hoibleagáidí sochair shainithe a ríomh go bliantúil trí mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Nuair is sócmhainn phoitéinsúil don Ghrúpa toradh an ríomha sin, déantar an tsócmhainn a aithníodh a theorannú do luach reatha na sochar geilleagrach i bhfoirm aisíocaíochtaí todhchaí ar bith ón bplean nó lascaíniú i ranníocaíochtaí todhchaí don phlean. Chun luach reatha na sochar geilleagrach a ríomh, tugtar aird ar aon riachtanais infheidhme maidir le híosmhéid maoiniúcháin. Nuair a thugann rialacha na scéime le fios gur ghá go mbeadh barrachas ar bith sa scéim roinnte idir an fostóir agus na baill, caitear leis an méid atá inchurtha i leith na mball mar mhéadú ar dhliteanais na scéime. Aithnítear an ghluaiseacht sa scair atá inchurtha i leith na mball sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán (OCI).

Déantar athomhais an ghlandliteanais shainithe, a chuimsíonn gnóthachain agus cailteanais achtúireacha, an toradh ar shócmhainní plean (gan úis a áireamh) agus tionchar na teorann sócmhainne (más ann di, gan úis a áireamh), a aithint láithreach san ioncam cuimsitheach iomlán (OCI). Socraíonn an Grúpa méid an ghlanchaiteachais úis (ioncam) i leith an ghlandliteanais shochair shainithe (sócmhainn) don tréimhe i gceist tríd cur i bhfeidhm an ráta lascaíne a úsáidtear chun an dliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a mheas, ag cur san áireamh na hathruithe sa ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a bhí le tabhú de bharr ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Aithnítear glanchostas úis agus costais eile atá bainteach leis na pleannanna sochair shainithe sa chuntas brabúis nó cailteanais.

Nuair a thagann athrú ar shochair phlean nó má dhéantar plean a chiorrú, aithnítear an t-athrú ar an sochair a bhaineann le seirbhísí roimhe sin nó ar an ngnóthachan nó cailteanas de bharr an chiorraithe sa chuntas brabúis agus cailteanais láithreach bonn. Aithníonn an Grúpa gnóthachan agus cailteanais ar shocraíocht phlean sochair shainithe nuair a dhéantar socraíocht.

Ionstraimí airgeadais

Aicmíonn an Grúpa sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha mar seo a leanas: sócmhainní airgeadais ar luach cóir de bharr brabúis nó cailteanais, sócmhainní airgeadais a choinnítear go dtí aibíocht, iasachtaí agus infháltais agus sócmhainní airgeadais ar fáil le díol:

Aicmíonn an Grúpa dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha sa chatagóir 'dliteanais airgeadais eile'.

i. Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha - aithint agus dí-aithint

Aithníonn an Grúpa iasachtaí agus infháltais agus urrúis fiachais eisithe ar an dáta a thionscnaítear iad. Aithnítear ar dtús gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais ar dáta na trádála.

Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha - aithint agus dí-aithint (ar lean)

Déanann an Grúpa sócmhainn airgeadais a dhí-aithint nuair a théann na cearta conarthacha chun sreafa airgid na sócmhainne sin in éag, nó aistríonn sé na cearta chun sreafa airgid conarthacha a fháil in idirbheart ina n-aistrítear na rioscaí agus buntáistí úinéireachta ar fad a bhaineann le sócmhainn airgeadais, nó ní aistríonn sé agus ní choinníonn sé go substaintiúil na rioscaí agus na buntáistí úinéireachta ar fad agus ní choinníonn sé smacht ar an sócmhainn aistrithe. Aithnítear aon leas ina leithéid de shócmhainn airgeadais dí-aithnithe a chruthaíonn nó a choinníonn an Grúpa mar shócmhainn nó mar dhliteanas ar leith.

Dí-aithníonn an Grúpa dliteanas airgeadais nuair a dhéantar oibleagáidí an Ghrúpa i leith conradh a urscaoileadh, a chur ar ceal, nó má théann na hoibleagáidí in éag.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus léirítear an glanmhéid ar an gclár comhardaithe sa chás, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart dlíthiúil ag an nGrúpa na méideanna a fhritháireamh agus go bhfuil rún aige na méideanna a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

2. Polasaithe cuntasáiochta suntasacha (ar lean)

ii. Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha - tomhas

Sócmhainní airgeadais ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais

Déantar sócmhainn airgeadais a aicmiú mar shócmhainn ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais má mheastar go bhfuil an tsócmhainn á coinneáil le haghaidh trádála nó gur ainmníodh í mar sin nuair a aithníodh ar dtús í. Déantar costais idirbhirt atá inchurtha go díreach a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear iad. Déantar sócmhainní airgeadais atá ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais a thomhas ar luach cóir agus aithnítear aon athrú iontu, ioncam úis nó díbhinne san áireamh, sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Sócmhainní airgeadais a choinnítear go dtí aibíocht.

Aithnítear na hacmhainní seo ar dtús ar luach cothrom móide costais idirbhirt atá díreach inchurtha i leith. I ndiaidh iad a aithint, déantar iad a thomhas ar chostas amúchta agus an modh úis éifeachtaigh á úsáid.

Airleacain agus infháltais

Aithnítear na hacmhainní seo ar dtús ar luach cothrom móide costais idirbhirt atá díreach inchurtha i leith. I ndiaidh iad a aithint, déantar iad a thomhas ar chostas amúchta agus an modh úis éifeachtaigh á úsáid.

Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol

Aithnítear na hacmhainní seo ar dtús ar luach cothrom móide costais idirbhirt atá díreach inchurtha i leith. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, déantar iad a thomhas ar luach cóir agus aithnítear na hathruithe iontu, seachas caillteanais bhearnúcháin agus difríochtaí airgeadra eachtraigh ar ionstraimí fiachais, sa OCI agus carnaítear iad sa chúlchiste luacha chóir. Nuair a dhí-aithnítear na sócmhainní seo, déantar an gnóthachan nó an caillteanas a carnaíodh sa chothromas a athaicmiú agus a aistriú go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais.

iii. Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha - tomhas

Aithnítear na dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha ar dtús ar luach cóir lúide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar na dliteanais airgeadais seo a thomhas ar chostas amúchta le modh an úis ghlain.

iv. Ionstraimí airgeadais díorthacha agus cuntasáiocht fálaíthe

Coinníonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun a airgeadra eachtrach agus a neamhchosaint ar riosca rátaí úis a fháil. Déantar díorthaigh leabaithe a scaradh ón gconradh óstaigh agus cuntas ar leith a dhéanamh díobh má chomhlíontar critéir áirithe.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar luach cóir; déantar costais idirbhirt atá inchurtha go díreach a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear iad. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, déantar díorthaigh a thomhas ar luach cóir agus aithnítear na hathruithe iontu sa chuntas brabúis agus caillteanais mura bhfuil cuntasáiocht fálaíthe á chur i bhfeidhm.

Fálta sreafa airgid

Nuair a ainmnítear díorthach mar ionstram fálaíthe sreafa airgid, déantar an chuid éifeachtach d'athruithe i luach cóir an díorthaigh a aithint san OCI agus carntar é sa chúlchiste fálaíthe. Aithnítear láithreach bonn aon chuid d'athruithe neamhéafachtacha i luach cóir an díorthaigh sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Coinnítear san OCI an méid a charntar sa chothromas agus déantar é a athaicmiú agus a aistriú go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais le linn na tréimhse céanna nó na dtréimhsí céanna a mbíonn tionchar ag an mhír fálaíthe ar bhrabús nó caillteanas.

Mura gcomhlíonann an t-ionstram fálaíthe na critéir le haghaidh cuntasáiochta fálaíthe níos mó, nó má théann sé in éag, má dhíoltar, má chríochnaítear nó má fheidhmítear é, nó má chúlghairtear a theideal, déantar an cuntasáiocht fálaíthe a scor go hionchasach. Mura bhfuiltear ag súil leis níos mó go dtárlóidh an t-idirbheart réamháisnéisithe, déantar mar sin an méid atá carnaithe sa chothromas a athaicmiú agus a aistriú go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais.

Gnáthscaireanna

Aicmítear gnáthscaireanna mar chothromas. Aithnítear costais incriminteacha atá inchurtha go díreach le heisiúint gnáthscaireanna mar asbhaint ó bhrabúis choinnithe, glan ó aon tionchar cánach.

Aithnítear gnáthdhíbhinní arna bhfógairt mar dhíbhinní deiridh mar dhliteanas sa tréimhse ina ceadaítear ag na scairsealbhóirí iad. Aithnítear díbhinní eatramacha mar dhliteanas nuair a íoctar iad.

Soláthairtí agus dliteanais theagmhasacha

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid reatha dlí nó tógála ar an nGrúpa mar thoradh ar theagmhas roimhe seo, nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an oibleagáid sin agus gur dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh tairbhí geilleagracha chun an oibleagáid a shocrú. San áit a bhfuil an éifeacht ábhartha, déantar na soláthairtí a thomhas tríd na sreafa tuartha airgid amach anseo a asbhaint ag úsáid ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar an luach ama airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an ndlíteanas.

2. Polasaithe cuntasáíochta suntasacha (ar lean)

Nuair nach dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh tairbhí geilleagracha, nó nár féidir an méid a mheas go hiontaofa, nochtar an oibleagáid mar dhliteanas teagmhasach, mura bhfuil caolsheans ann go dtárlóidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha. Déantar oibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, nárbh fhéidir iad a dheimhniú ach amháin má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn ceann amháin nó níos mó de theagmhais sa todhchaí, a nochtadh mar dhliteanas theagmhasacha mura bhfuil caolsheans ann go dtárlóidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha.

Deontais

Aithnítear deontais rialtais, seachas liúntais astaíochtaí, mar ioncam iarchurtha ar luach cóir má tá ráthaíocht réasúnta ann go bhfaighfear iad agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha atá bainteach leis an deontas; aithnítear iad ina dhiaidh sin sa chuntas brabúis agus cailteanas ar bhonn córasach thar shaol úsáideach na sócmhainne.

Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa ar chaiteachas a thabhaítear sa chuntas brabúis agus cailteanas go córasach sna tréimhsí ina dtabhaítear na caiteachais.

3. Ioncam

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Gníomhaíochtaí leanúnacha:		
móin	85,767	80,697
Giniúint Cumhachta	103,421	98,765
Breosla	85,761	91,659
Gairneoireacht	58,898	52,083
Aisghabháil Acmhainní	95,541	81,933
Eile	3,432	1,584
Iomlán	432,820	406,721

Tá an Grúpa eagraithe i sé aonad gnó: Móin, Bithmhais, PowerGen, Breoslaí, Gairneoireacht agus Aisghabháil Acmhainní. Déantar díolachán Bithmhaise go himhneánach amháin.

4. Costais Sochair Fostaithe

An meán-líon daoine a d'fhostaigh an Grúpa i gcaitheamh na bliana, arna ainilisiú de réir catagóire:

	30 Márta 2016	25 Márta 2015
Déantúsaíocht agus táirgeadh	1,382	1,438
Riarachán	555	561
Iomlán	1,937	1,999
Buaic fostaíochta	2,240	2,336

Ba iad seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine seo:

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Pá agus tuarastail	92,368	96,842
Costais slándála shóisialta	9,456	10,216
Costais phinsean (ranníocaíocht shainithe)	919	1,277
Costais phinsean (sochar sainithe)	3,071	2,308
Costais iomarcaíochta	6,372	172
	112,186	110,815
Costais foirne chaipitlithe	(1,769)	(808)
Creidmheas seirbhíse pinsin roimhe sin	(10,700)	-
Glanchoistais foirne	99,717	110,007

I rith na bliana, rinne an Grúpa athchóiriú ar an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe Ginearálta a chur i bhfeidhm, rud a chúis creidmheas seirbhíse roimhe seo de €10.7 milliún a aithníodh sa ráiteas ioncaim. Chuimsigh an athstruchtúrú:

- reo tuarastal inphinsin go dtí 1 Aibreán 2016;
- caidhp tuarastal inphinsin ón 2 Aibreán 2016 go dtí an 1 Samhan 2023 ar an gceann is ísle de bhoilsciú praghsanna, méadú ar thuarastal nó 2% in aghaidh na bliana;
- ciorrú i bpinsin phinsin atá á n-íoc cheana; agus
- ciorrú ar shochair phinsin iarchurtha suas go dtí 10%.

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

5. Luach saothair na stiúrthóirí

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Táillí na Stiúrthóirí	135	131
Tuarastal	200	183
Méideanna le híoc faoi scéimeanna dreasachta fadtéarmacha	31	12
Ranníocaíochtaí na cuideachta le scéimeanna pinsean	77	76
Sochair inchánach	22	16
Luach saothair eile	337	408
iomlán	802	826

Cuimsíonn nochtadh luach saothair na stiúrthóirí an luach saothair a íoctar le stiúrthóirí uile na Cuideachta, eadhon na stiúrthóirí Pháirteachais Lucht Oibre, na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus na stiúrthóirí feidhmiúcháin. Fabhraíodh sochair scoir chuig 4 stiúrthóirí (2015: 4). Baineann cuid de na stiúrthóirí tairbhe as na scéimeanna sochar sainithe pinsin. Ba é €328,000 an méid teagmhasach a íocadh nó a bheidh le híoc ar shochair scoir stiúrthóirí roimhe seo (gan a chur san áireamh na híocaíochtaí a rinneadh d'fhonn mhaoinithe an scéime a bheith imleor) €340,000).

	Táillí €'000	Luach saothair eile €'000	Ranníocaíocht na Cuideachta don phinsin €'000	iomlán €'000
--	-----------------	------------------------------	--	-----------------

Stiúrthóirí a ceapadh i gcomhréir leis na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit)

Achtanna 1977 agus 1988 (Uimh. na stiúrthóirí lucht oibre; 2016:4 / 2015:4)

30 Márta 2016	50	377	27	454
25 Márta 2015	39	420	29	488

Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin

Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile (Uimhir na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin; 2016:6 / 2015:6)

30 Márta 2016	85	-	-	85
25 Márta 2015	85	-	-	85

	Táillí €'000	Tuarastal €'000	Pá a bhaineann le feidhmíocht €'000	Ranníocaíochtaí na cuideachta le scéimeanna pinsean €'000	Inchánach sochair €'000	iomlán €'000
--	-----------------	--------------------	---	---	-------------------------------	-----------------

Stiúrthóirí Feidhmiúcháin (Mike Quinn)

30 Márta 2016	-	200	-	50	13	263
25 Márta 2015	7	183	-	47	16	253

Faigheann an cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin táille €21,600 agus faigheann gach duine de na Stiúrthóirí, seachas an Stiúrthóir Bainistíochta agus duine amháin de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, táille bhliantúil €12,600. Déantar coigeartú ar na méideanna seo ar bhonn pro rata nuair a thosaíonn nó nuair a chríochnaíonn téarma oifige i rith na bliana.

Seo a leanas na leasanna a bhí ag na stiúrthóirí a bhí i seilbh oifige ag deireadh na bliana airgeadais sna gnáthscaireanna ag tús na bliana, nó ag tús a gceapúcháin más déanaí é, agus ag deireadh na bliana go dtí 30 Márta 2016:

	30 Márta 2016 scaireanna	25 Márta 2015 scaireanna	26 Márta 2014 scaireanna
Philip Casey	1,771	1,771	1,771
Kevin Healy	1,771	1,771	1,771
Seamus Maguire	1,771	1,771	1,771
Colm Ó Gógáin	1,771	1,771	1,771
iomlán	7,084	7,084	7,084

Tá seilbh ag na stiúrthóirí ar na scaireanna a luaitear thuas tríd an bPlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP)

6. Eolas reachtúil agus eolas eile

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Luach saothair na n-Iniúcháirí		
Iniúchadh reachtúil ráitis airgeadais an Ghrúpa	605	312
Seirbhísí árachais eile	10	-
Seirbhísí Cánach	154	136
Iomlán	769	448

Is ionann €10,000 an táille iniúcháireachta don mháthairchuideachta (2015: €10,000).

Chomh maith leo siúd luaite thuas tá costais as póca €18,000 (2015: €15,000) a aisíocáidh leis an iniúchóir.

Ríomhtar an brabús le haghaidh na bliana i ndiaidh () a ghearradh/a chuir do shochar:

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Nithe ar cíós faoi léasanna oibríocháin		
Gléasra agus Innealra	1,554	1,649
Talamh agus Foirgnimh	982	465
	2,536	2,114
Dímheas (Nóta 10)	46,246	44,183
Brabús ar dhiúscairt réadmhoín, gléasra agus trealamh	357	175
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (Nóta 12)	4,346	3,414
Bearnú sócmhainní inláimhsithe (nóta 10)	23,643	239
Bearnú sócmhainní inláimhsithe (nóta 12)	847	6
Gluaiseacht luach cóir maidir le infheistíocht réadmhaoine (Nóta 11)	(7,489)	(14,505)
Caiteachas taighde agus forbartha gnó	7,497	5,493
Deontais chaipitil amúchta (Nóta 17)	(1,747)	(1,608)
Gnóthachan malartaithe eachtraí	(427)	(1,018)

7. Ioncam eile & nithe eisceachtúla

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Ioncam eile		
Ioncam eile	555	500
Gluaiseacht luach cóir maidir le infheistíocht réadmhaoine (Nóta 11)	7,489	14,505
Iomlán	8,044	15,005

Míreanna eisceachtúla

Cuireann an Grúpa i láthair míreanna áirithe atá neamhghnách mar gheall ar a méid agus a minicíocht i gcomhthéacs gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa. Déantar an cur i láthair seo sa ráiteas ioncaim chun tuiscint ar fheidhmiú gnóthaí bunúsacha an Ghrúpa a éascú. Tugann an Grúpa breithiúnas agus é ag measúnú na nithe ar leith a ba chóir a nochtadh mar nithe eisceachtúla.

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Bearnú sócmhainní inláimhsithe (nóta 10)	(23,643)	-
Bearnú sócmhainní doláimhsithe (Nóta 12)	(847)	-
Costais Athstruchtúraithe	(7,259)	-
Gnóthachan ciorrúcháin d'oireagaíidí pinsin seirbhíse roimhe seo (Nóta 26)	10,700	-
Iomlán	(21,049)	-

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

7. Ioncam eile & nithe eisceachtúla (ar lean)

I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa, déanann na stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar glanluacha na réadmhaoine, gléasra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe ar fad le cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bearnú ar bith le sonrú. Spreag na hathruithe margaidh san earnáil fuinnimh, le laghdú ar na híocaíochtaí bliantúla acmhainneachta agus an Cuar Phraghas Mhórdhiola Leictreachais Éireannaigh réamh-mheasta bearnú €22.7 milliúin ar réadmhaoine, gléasra agus trealamh agus bearnú €0.7 milliúin ar sócmhainní doláimhsithe sa ghnó PowerGen.

Ina theannta sin, spreag athruithe sa margadh breosla sholadaigh bearnú €0.9 milliúin ar réadmhaoine, gléasra agus trealamh agus muirear athchóirithe €4.3 milliúin chun aistarraingt ar an gcumas táirgthe breise a dhéanamh. Rinne an Grúpa a mhúnla seachadta airgeadais a athchóiriú agus chuir sé ar fáil muirear athchóirithe €2.1 milliúin agus muirear bearnaithe ar bhogearraí de €0.1 milliúin.

Tabhaíodh costais iomarcaíochta bhreise de €0.6 milliúin in aonaid ghnó eile.

I rith na bliana, rinneadh an Grúpa athchóiriú ar an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe Ginearálta a chur i bhfeidhm, rud a chúis creidmheas seirbhíse roimhe seo de €10.7 milliúin a aithníodh sa ráiteas ioncaim.

8. Costais Ghlana Airgeadais

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Ioncam Airgeadais:		
Ioncam úis ar thaiscí bainc	71	261
Fálta sreafa airgid - arna athaicmiú sa chuntas brabúis agus cailteanais (fáltais airgid)	4,690	2,824
	4,761	3,085
Costais Airgeadais:		
Ús ar rótharraingt bhainc	(190)	(112)
Ús ar nótaí iasachta faoi Láithriú Príobháideach neamhurráithe	(17,268)	(16,160)
Glúaiseachtaí malairte eachtraí ar nótaí iasachta neamhurráithe	7,806	(51,340)
Fálta sreafa airgid - arna athaicmiú sa chuntas brabúis agus cailteanais (malairt eachtrach)	(7,806)	51,340
Leachtú na lascaine ar soláthairtí	(1,089)	(1,203)
Costas glanluacha úis ar phinsin shochair shainithe	(805)	(1,236)
Amúchadh costais eisiúna	(300)	(188)
	(19,652)	(18,899)
Lúide ús caipitlithe	-	3,062
Costais airgeadais	(19,652)	(15,837)

Déanann an Grúpa caipitliú ar ús ar thionscadail chaipitil a mbíonn tréimhse fhada ama ag baint lena gcríochnú. Bíonn an t-ús san áireamh mar chuid de thomhas tosaigh chostas réadmhaoine, ghléasra agus threalaimh (Nóta 10) Níor chaipitlódh aon ús in 2016 (2015: €3.1 milliúin)

9. Cánacha ioncain

(a) Méideanna a aithníodh sa ráiteas ioncain

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Cáin Reatha:		
Cáin chorparáide na hÉireann	1,676	5,362
Cáin thar lear	3	3
Coigeartuithe maidir le blianta roimhe seo	(848)	156
Iomlán na cánach reatha	831	5,521
Cáin iarchurtha		
Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha		
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - liúntais	(11)	1,918
Infheistíocht réadmhaoin - gnóthachain chaipitiúla	2,414	705
Díorthacha	(976)	6,417
Scaoileadh ó oibleagáidí pinsean	2,714	112
Soláthairtí, cailteanais neamhúsáidte & eile	856	(791)
Cáin iarchurtha iomlán	4,997	8,361
Costas Cháin Ioncain ar ghníomhíochtaí leanúnacha	5,828	13,882

Ní chuimsíonn an costas cánach ar oibríochtaí leanúnacha an cháin ioncain €0.09 milliún ar oibríochtaí scortha (2015: €0.3 milliún). Áiríodh é mar chaillteanas ó oibríochtaí scortha, roimh cháin (féach nóta 22)

(b) Idir-réiteach an ráta chánach éifeachtaigh

	30 Márta 2016 €'000	25 Márta 2015 €'000
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	22,217	56,433
Cáin ag baint úsáid as an ráta cáighdeánach cáin chorparáide atá i bhfeidhm in Éirinn de 12.5% (2014:12.5%)	2,777	7,054
Tionchar chánach de:		
Dímheas agus amúchadh sa bhreis ar liúntais chaipitil	(3,077)	(2,118)
Bearnú ar shócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe	3,196	30
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	51	427
Costais eile nach bhfuil inasbhainte	150	1,172
Cáin iarchurtha nár áithníodh	-	1,318
Cáin iarchurtha ar dhíorthaigh	(976)	6,417
Cáin iarchurtha ar laghdú i ndlíteanais pinsean	2,714	-
Cáin iarchurtha ar réadmhaoin infheistíochta	2,414	705
Ioncam neamh-inchánach ar muirir soláthair	(525)	(2,064)
Athruithe i meastúcháin bainteach le blianta roimhe seo	(848)	156
Úsáid chaillteanais chánacha	63	-
Íocaíochtaí pinsean de bhreis ar mhúirear costas pinsean	(1,308)	-
Faoiseamh Ghrúpa	15	-
Dímheas neamhcháilithe	1,179	1,350
Tionchar rátaí éagsúla cánach	3	(565)
Costais cáin ioncain	5,828	13,882
Ráta cánach éifeachtach	26%	25%

Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (ar lean)

9. Cáin ioncaim (ar lean)

(c) Gluaiseachtaí in iarmhéideanna cánach iarchurtha

	Iarmhéid ar an 26 Márta 2015	Aitheanta sa bhrabús nó sa chailteanas	Aitheanta in OCI	Aitheanta i gcothromas	Iarmhéid ar an 30 Márta 2016
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Cánach iarchurtha					
Pinsin scoir sainithe	7,828	(2,714)	(1,372)	-	3,742
Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil	35	91	-	-	126
Soláthair	2,015	(648)	-	-	1,367
Caillteanais neamhúsáidte	634	(313)	-	-	321
lomlán	10,512	(3,584)	(1,372)	-	5,556
Dlíteanas iarchurtha cánach					
Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil	(8,720)	(80)	-	-	(8,800)
Sócmhainní doláimhsithe	(104)	104	-	-	-
Díorthacha	(6,110)	-	1,392	-	(4,718)
Maoin infheistíochta	(705)	(2,414)	-	-	(3,119)
lomlán	(15,639)	(2,390)	1,392	-	(16,637)

Cuirtear i láthair an glandliteanas cánach iarchurtha de €11.1 ar an gclár comhardaithe.

	Iarmhéid ar an 27 Márta 2014	Aitheanta sa bhrabús nó sa chailteanas	Aitheanta in OCI	Aitheanta i gcothromas	Iarmhéid ar an 25 Márta 2015
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní sochair shainithe					
Pinsin scoir sainithe	5,238	(536)	3,126	-	7,828
Díorthacha	862	-	(862)	-	-
Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil	378	(343)	-	-	35
Soláthair	1,449	566	-	-	2,015
Caillteanais neamhúsáidte	121	513	-	-	634
lomlán	8,048	200	2,264	-	10,512
Dlíteanas iarchurtha cánach					
Pinsin scoir sainithe	(424)	424	-	-	-
Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil	(7,145)	(1,575)	-	-	(8,720)
Sócmhainní doláimhsithe	(243)	139	-	-	(104)
Díorthacha	-	-	(6,110)	-	(6,110)
Maoin infheistíochta	-	(705)	-	-	(705)
lomlán	(7,812)	(1,717)	(6,110)	-	(15,639)

Cuirtear i láthair an glandliteanas cánach iarchurtha de €5.1 ar an gclár comhardaithe.

(d) Sócmhainní cánach iarchurtha nár aithníodh

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas mar nár dócha go mbeidh brabús inchánach todhchaí ar fáil go bhféadfadh an Grúpa na tairbhí a úsáid ina choinne:

	30 Márta 2016	25 Márta 2015	27 Márta 2014
	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Cánach Iarchurtha			
Caillteanais chánach inúsáidte	2,368	3,662	2,064
lomlán	2,368	3,662	2,064

Níl teorann ama leis na caillteanais ach tá siad ag brath ar fhilleadh na gceirdeanna faoi seach ar bhrabúsacht.

10. Sealúchas, gléasra agus trealamh

2016

